

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 88



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

24 Feabhra 2022

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 88/01 AnaEE-ERIC — Cuibhreannas do Bhonneagair Thaighde Eorpacha — — Reachtanna 1

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 88/02 Rátaí malairte an euro — 23 Feabhra 2022 23

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 88/03 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10606 — MUBADALA / NATIONALE-NEDERLANDEN / HEALTHCARE ACTIVOS MANAGEMENT / HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI / HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT / SEQUÊNCIALTERNATIVA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾ 24

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2022/C 88/04	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	26
2022/C 88/05	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	32
2022/C 88/06	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	46
2022/C 88/07	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	58
2022/C 88/08	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ...	65
2022/C 88/09	Foilsíú iarratais maidir le leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.....	70
2022/C 88/10	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	79
2022/C 88/11	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	87
2022/C 88/12	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas a dhéanamh ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge i gcomhair ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	95
2022/C 88/13	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ...	101

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

AnaEE-ERIC — Cuibhreannas do Bhonneagair Thaighde Eorpacha

REACHTANNA

(2022/C 88/01)

Clár na n-ábhar

Leathanach

PREAMBLE	2
CHAPTER 1 ESSENTIAL ELEMENTS	3
Article 1 Name	3
Article 2 Statutory seat	3
Article 3 Task and activities	3
Article 4 Duration and the procedure for winding-up	4
Article 5 Liability regime	4
Article 6 Access policy for users	4
Article 7 Scientific Evaluation Policy	5
Article 8 Dissemination Policy	5
Article 9 Intellectual Property Rights Policy	5
Article 10 Employment policy	5
Article 11 Procurement policy	6
CHAPTER 2 MEMBERSHIP	6
Article 12 Membership and representing entity	6
Article 13 Admission of a Member or an Observer	6
Article 14 Withdrawal of a Member or an Observer/Termination of membership or Observer status	7
CHAPTER 3 RIGHTS AND OBLIGATIONS OF THE MEMBERS AND OBSERVERS	8
Article 15 Members	8
Article 16 Observers	8
Article 17 Contributions	9
CHAPTER 4 GOVERNANCE	9
Article 18 Assembly of Members	9
Article 19 The Director General	10
Article 20 The Central Hub	11

Article 21	AnaEE-ERIC Service Centres	12
Article 22	The National Nodes and the National Platforms	12
Article 23	The Management Board	12
Article 24	The Independent Scientific Advisory Committee (ISAC)	13
Article 25	The Independent Ethical Advisory Committee (IEAC)	13
Article 26	The Stakeholders Committee	14
Article 27	The Subsidiary Bodies	14
CHAPTER 5 REPORTING TO THE EUROPEAN COMMISSION		14
Article 28	Reporting to the European Commission	14
CHAPTER 6 FINANCE		15
Article 29	Financial Year	15
Article 30	Resources	15
Article 31	Principles for contributions of Members and Observers	15
Article 32	Budget, budgetary principles, accounts and audit	15
Article 33	Taxes	16
CHAPTER 7 MISCELLANEOUS		16
Article 34	Applicable law	16
Article 35	Working language	16
Article 36	Disputes	16
Article 37	Amendments to the Statutes, updates and availability	17
Article 38	Setting-up provisions	17
Annex I	DEFINITIONS	18
Annex II	LIST OF MEMBERS, OBSERVERS AND THEIR REPRESENTING ENTITIES	19
Annex III	BUDGET – CONTRIBUTIONS	20

BROLLACH

DÉ BHRÍ go bhfuil inbhuanaitheacht na n-éiceachóras talmhaíochta, foraoise agus fionnuisce, chomh maith le héiceachórais bhainistithe agus nádúrtha eile, criticiúil le haghaidh thodhchaí an chine dhaonna, agus á thuiscint dóibh go bhfuil seirbhísí éiceachórais, mar a shainmhínítear iad i Measúnú Éiceachórais na Mílaoise, i mbaol de dheasca an athraithe aeráide, an chur isteach ar thimthriallta bithghéiceimiceacha, chailliúint na bithéagsúlachta agus athruithe ar úsáid talún;

ÓS RUD É, chun iarmhairtí na n-athruithe sin nach bhfacthas riamh i gcóras an domhain a réamh-mheas agus a thuar, nach amháin nach mór tuiscint níos fearr a bheith ann ar chastacht phróiseas na n-éiceachóras agus ar an méid is siocair leo, ach ní mór an t-eolas is gá a fháil freisin chun oiriúnú níos fearr do thodhchaí atá ag athrú;

ÓS RUD É, gan tuiscint leordhóthanach a bheith ann ar na hidirspleáchais idir feidhmiú na n-éiceachóras agus an comhshaol, nach mbeidh an Eoraip in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide, na rioscaí a mhaolú agus plean a dhéanamh dá réir sin;

AG AITHINT DÓIBH gur bonneagar taighde turgnamhach, comhtháite, fadtéarmach, ar scála ilchríochach, uathúil a bheidh sa bhonneagar le haghaidh na hAnailíse agus na Tástála ar Éiceachórais (AnaEE-ERIC), bunaithe ar ardáin thurgnamhacha ardleibhéil dháilte (atá ann cheana agus atá nua), (ardáin éiceachórais faoin aer agus iata), ardáin samhaltaithe agus ardáin anailíseacha;

AG AITHINT DÓIBH go n-áiríteofar le comhordú agus comhtháthú na nArdán Náisiúnta sin trí eintitis fhornáisiúnta (an Mol Lárnach agus na Lárionaid Seirbhíse), rochtain idirnáisiúnta mhór, tionscadail taighde ar fud na n-ardán, tomhais agus sonraí feabhsaithe agus comhchuibhithe, naisc idir sonraí agus samhlacha, rochtain oscailte ar shonraí agus ar shintéisí;

AG AITHINT DÓIBH go gcruthóidh AnaEE-ERIC teicneolaíochtaí agus fios gnó maidir le heolaíocht agus bainistiú éiceachórais, go rannchuideoidh sé leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe agus le cuspóirí ginearálta an bhithghuilleagair Eorpaigh agus na Straitéise “Ón bhFeirm go dtí an Forc”;

Chun críocha na Reachtanna seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá in Iarscríbhinn I.

DÁ BHRÍ SIN, iarrann na Comhaltaí ar an gCoimisiún Eorpach AnaEE a bhunú mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) faoi Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA

Airteagal 1

Ainm

Bunófar Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) dáilte dá ngairtear “an Anailís agus an Tástáil ar Éiceachórais ERIC” (AnaEE-ERIC). Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) a bunaíodh faoi fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a bheidh sa Chuibhreannas seo.

Airteagal 2

Oifig chláraithe

Is in Gif-sur-Yvette na Fraince, a bheidh oifig chláraithe AnaEE-ERIC.

Airteagal 3

Cúram agus gníomhaíochtaí

1. Is é príomhchúram AnaEE-ERIC, Bonneagar Taighde dáilte a bheidh dírithe ar an Anailís agus an Tástáil ar Éiceachórais a bhunú agus a oibriú. Is é an sprioc atá aige na huirlisí, na seirbhísí agus an t-eolas is gá a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta dhomhanda chomhshaoil agus aeráide atá roimh shochaithe daonna.
2. Oibreoidh AnaEE-ERIC leis an Mol Lárnach (CH), an Lárionad Comhéadain agus Sintéise (ISC), an Lárionad Teicneolaíochta (TC) agus an Lárionad um Shamhaltú Sonraí (DMC).
3. Chun críocha mhír 1, déanfaidh AnaEE-ERIC:
 - a. rochtain ar na hArdáin Náisiúnta thurgnamhacha, anailíseacha agus samhaltaithe a chomhordú agus an comhar le saoráidí Eorpacha a eagrú;
 - b. cláir agus tionscadail Eorpacha um thaighde a éascú;
 - c. teicneolaíocht a fhorbairt, modhanna a chomhchuihbhiú, comhpháirtíochtaí tionsclaíochta a thógáil agus aistriú eolais a éascú;
 - d. rannchuidiú le malartú eolais agus/nó inniúlachtaí laistigh den Limistéar Eorpach Taighde (LET) agus rannchuidiú le húsáid na hacmhainneachta intleachta ar fud na hEorpa a mhéadú;
 - e. rochtain ar shonraí, comhroinnt sonraí agus samhaltú sonraí a fhorbairt;
 - f. oiliúint a eagrú;
 - g. straitéis cumarsáide a chur chun feidhme;
 - h. aon ghníomhaíocht ghaolmhar eile is gá chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach.
4. Saothróidh AnaEE-ERIC a phríomhchúram ar bhonn neamheacnamaíoch. Féadfaidh AnaEE-ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíochta teoranta a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu leis na príomhchúraimí a leagtar amach in Airteagal 3(3) thuas agus nach gcuireann siad gnóthú na gcúraimí sin i gcontúirt.

*Airteagal 4***Fad tréimhse agus an nós imeachta maidir le foirceannadh**

1. Bunófar AnaEE-ERIC ar feadh tréimhse thosaigh 10 mbliana. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí a chinneadh síneadh tréimhsí comhleanúnacha 10 mbliana a chur leis an bhfad.
2. Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh AnaEE-ERIC i gcomhréir le hAirteagal 18(10) de na Reachtanna.
3. Gan moill mhíchúí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh AnaEE-ERIC a fhoirceannadh, tabharfaidh AnaEE-ERIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.
4. Na sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha AnaEE-ERIC a íoc, comhroinnfear ar na Comhaltaí iad i gcomhréir lena ranníocaíocht bhliantúil charntha le AnaEE-ERIC mar a shonraítear in Airteagal 17 de na Reachtanna.
5. Gan moill mhíchúí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh AnaEE-ERIC fógra faoi sin don Choimisiún.
6. Tiocfaidh deireadh le AnaEE-ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí i sraith L d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5***Córas dliteanais**

1. Beidh AnaEE-ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.
2. Maidir le dliteanas airgeadais na gComhaltaí as fiacha AnaEE-ERIC, cibé cineál iad, beidh siad teoranta dá rannchuidiú féin le AnaEE-ERIC i leith na bliana iomláine deiridh d'oibríochtaí.
3. Beidh árachas iomchuí ag AnaEE-ERIC chun rioscaí atá sonrach dá ghníomhaíochtaí a chumhdach.

*Airteagal 6***Beartas rochtana d'úsáideoirí**

1. Is ar bhonn phrionsabail na rochtana oscailte a sholáthrófar rochtain ar shaoráidí agus ar sheirbhísí AnaEE-ERIC arna soláthar ag an Mol Lárnach nó ag Lárionaid Seirbhíse AnaEE-ERIC. Cuirfidh AnaEE-ERIC rialacha rochtana bonneagair chun feidhme, mar aon le beartas maidir le táillí lena soláthraítear dreasachtaí dá Chomhaltaí.
2. Soláthróidh AnaEE-ERIC faisnéis trína thairseach gréasáin maidir leis na grádáin aeráide agus bhithgheografacha, agus scileanna agus teicnící comhlántacha ardáin AnaEE-ERIC, chun cabhrú le heolaithe ag céim na forbartha tionscadail agus chun goradh tionscadal ina n-úsáidtear roinnt ardán le haghaidh a Chomhaltaí uile a éascú.
3. Deonóidh Mol Lárnach AnaEE-ERIC rochtain ar shaoráidí agus ar sheirbhísí AnaEE-ERIC arna soláthar ag na Lárionaid Seirbhíse nó ag na hArdáin Náisiúnta, bunaithe ar mheasúnú a dhéanfar ar cháilíocht eolaíoch na húsáide atá beartaíthe, ar bhonn meastóireacht eolaíoch neamhspleách a dhéanfaidh coiste saineolaithe arna cheapadh ag Tionól na gComhaltaí agus indéantacht theicniúil a ndéanfaidh AnaEE-ERIC measúnú uirthi. Is é an Coiste Comhairleach Eitice Neamhspleách a dhéileálfad le ceistanna eitice a d'fhéadfadh a bheith ann i dtogra (féach Airteagal 25 de na Reachtanna).
4. I gcás nach mór srian a chur le rochtain taighde ar shaoráidí agus ar sheirbhísí AnaEE-ERIC ar chúiseanna acmhainneachta, déanfar rogha de réir an nós imeachta a leagtar amach i Rialacha Oibríochta na Reachtanna, ina mbreithneofar critéir roghnúcháin atá bunaithe ar an sármhaitheas eolaíochta agus ar indéantacht theicniúil agus airgeadais na dtograí.
5. Cuirfidh AnaEE-ERIC ar fáil meiteashonraí gach tionscadail ag an tús, i gcás socruithe turgnamhacha in Ardáin Náisiúnta agus i gcás sonraí a tháirgeann lárionaid seirbhíse araon.

6. Cuirfear sonraí ar fáil de réir bheartas rochtana oscailte AnaEE-ERIC. Rialófar rochtain de réir Rialacha Oibríochta na Reachtanna, lena ngabhfaidh, i gcoitinne, tréimhse chairde choiteann, agus beidh na sonraí ar fáil don phobal ina dhiaidh sin. Cuirfear san áireamh sa bheartas rochtana an creat dlíthiúil Eorpach um chosaint sonraí ⁽¹⁾, ar creat é a bhaineann le sonraí pearsanta úsáideoirí a roinnt i measc na gComhaltaí.

Airteagal 7

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

Déanfaidh coiste eolaíoch neamhspleách *ad hoc* meastóireacht ar ghníomhaíochtaí AnaEE-ERIC gach 5 bliana. Tionscnóidh Tionól na gComhaltaí meastóireacht den sórt sin agus, más iomchuí, tabharfaidh sé treoracha sonracha. Sna Rialacha Oibríochta, saineofar prionsabail agus nósanna imeachta na meastóireachta sin.

Airteagal 8

Beartas um Scaipeadh

1. Éascaitheoir i leith taighde a bheidh in AnaEE-ERIC agus spreagfaidh sé, mar riail ghinearálta, an oiread saor-rochtana agus is féidir ar shonraí taighde.
2. Iarrfaidh AnaEE-ERIC ar úsáideoirí a dtorthaí taighde a chur ar fáil go poiblí agus a dtorthaí a chur ar fáil trí AnaEE-ERIC.
3. Úsáidfidh AnaEE-ERIC roinnt bealaí chun a spriocphobal a bhaint amach, lena n-áirítear tairseach ghréasáin, nuachtlitir, ceardlanna, ailt in irisí agus i nuachtáin laethúla, líonraí sóisialta, etc. agus beidh sé i láthair ag comhdhálacha.

Airteagal 9

Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

1. Beidh na cearta maoine intleachtúla uile a chruthóidh AnaEE-ERIC, a eascróidh as AnaEE-ERIC, a gheobhaidh AnaEE-ERIC nó a fhorbróidh AnaEE-ERIC le linn a chuid gníomhaíochtaí, beidh siad faoi úinéireacht AnaEE-ERIC.
2. Faoi réir téarmaí aon chonartha idir AnaEE-ERIC agus Comhaltaí nó Breathnóirí, beidh na cearta maoine intleachtúla uile a chruthóidh Comhalta nó Breathnóir, a eascróidh as Comhalta nó Breathnóir, a gheobhaidh nó a fhorbróidh Comhalta nó Breathnóir, beidh siad faoi úinéireacht an Chomhalta nó an Bhreathnóra sin.

Airteagal 10

Beartas fostaíochta

1. Beidh coinníollacha fostaíochta AnaEE-ERIC á rialú le dlíthe na tíre ina bhfostaítear an fhoireann nó le dlíthe na tíre ina ndéantar gníomhaíochtaí AnaEE-ERIC.
2. Beidh nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh phoist foirne AnaEE-ERIC trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus urramófar leo prionsabal an chomhionannais deiseanna. Ní bheidh an earcaíocht agus an fhostaíocht idirdhealaitheach.
3. Déanfar an earcaíocht trí ghlaio a fhoilsiú go hidirnáisiúnta.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

*Airteagal 11***Beartas um sholáthar**

1. Caithfidh AnaEE-ERIC le hiarrthóirí agus le tairgeoirí soláthair ar bhonn cothrom agus gan idirdhealú, bíodh siad bunaithe laistigh den Aontas Eorpach nó ná bíodh. Le beartas AnaEE-ERIC um sholáthar urramófar prionsabail na trédhearcachta, na hiomaíochta agus an neamh-idirdhealaithe. I Rialacha Oibríochta na Reachtanna a leagfar amach rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta soláthair agus critéir sholáthair.
2. An soláthar a dhéanfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí faoi raon feidhme ghníomhaíochtaí AnaEE-ERIC, déanfar é ar bhealach a dtabharfar aird chuí do riachtanais AnaEE-ERIC, do cheanglais theicniúla agus do shonraíochtaí arna n-eisiúint ag na comhlachtaí ábhartha.

CAIBIDIL 2

COMHALTAS*Airteagal 12***Comhaltas agus an t-eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige**

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith ina gComhaltaí de AnaEE-ERIC, nó féadfaidh siad a bheith ina mBreathnóirí ar AnaEE-ERIC gan cearta vótála a bheith acu:
 - a) Ballstáit an Aontais Eorpaigh;
 - b) tíortha comhlachaithe;
 - c) tríú tíortha seachas tíortha comhlachaithe;
 - d) eagraíochtaí idir-rialtasacha.
2. Is in Airteagal 13 a leagtar amach na coinníollacha a bhaineann le bheith ina Chomhalta nó ina Bhreathnóir.
3. Ní mór ar a laghad Ballstát amháin agus dhá thír eile, ar Ballstáit nó tíortha comhlachaithe iad, a bheith san áireamh i gcomhaltaí AnaEE-ERIC.
4. Cibé na cúinsí, beidh tromlach na gcearta vótála i dTionól na gComhaltaí ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó ag tíortha comhlachaithe go comhpháirteach. Cinnfidh Tionól na gComhaltaí aon mhodhnú ar chearta vótála is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh AnaEE-ERIC leis an gceanglas sin i gcónaí.
5. Eintitis a liostaítear in Airteagal 12(1) atá toilteanach rannchuidiú le AnaEE-ERIC, ach nach bhfuil fós in ann a bheith ina gComhaltaí, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas Breathnóra.
6. Féadfaidh eintiteas poiblí amháin nó eintiteas príobháideach amháin a bhfuil misean seirbhíse poiblí aige ionadaíocht a dhéanamh ar aon Chomhalta nó ar aon Bhreathnóir dá dtagraítear i mír 1(a) go (c), ar comhalta nó breathnóir é a roghnóidh an t-eintiteas as féin agus a cheapfar i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta féin. Cuirfidh gach Comhalta nó gach Breathnóir Tionól na gComhaltaí ar an eolas faoi aon athrú ar a eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige, faoi na cearta agus na hoibleagáidí sonracha a tarmligeadh chuige nó faoi aon athrú ábhartha eile.
7. Liostaítear Comhaltaí agus Breathnóirí AnaEE-ERIC agus a n-eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu in Iarscríbhinn II. Is é Cathaoirleach Thionól na gComhaltaí a choinneoidh Iarscríbhinn II cothrom le dáta.

*Airteagal 13***Ligean isteach Comhalta nó Breathnóra**

1. Is iad seo a leanas na téarmaí maidir le ligean isteach Comhaltaí nua:
 - a) Cuirfidh iarratasóir iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí agus faoi bhráid Ard-Stiúrthóir AnaEE-ERIC;
 - b) Tabharfar tuairisc san iarratas ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le cuspóirí agus le gníomhaíochtaí AnaEE-ERIC a thuairiscítear in Airteagal 3 agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 15;

- c) Beidh gá le formheas ó Thionól na gComhaltaí maidir le ligean isteach Comhaltaí nua, mar a thuairiscítear in Airteagal 18-(10).
2. Ní mór d'iarratasóir, go háirithe, a léiriú chun sástacht Thionól na gComhaltaí, agus a fhíorófar trí acmhainn leordhóthanach dearbhaithe cáilíochta, gurb acmhainn dó agus go bhfuil an tiomantas leanúnach aige an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) Rannchuidiú le hacmhainní agus le seirbhísí AnaEE-ERIC i réimsí na tástála éiceachórais;
 - b) Cloí leis na caighdeáin cáilíochta eolaíche agus leis na nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta arna socrú ag AnaEE-ERIC;
 - c) Ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla a dhéanamh le buiséid bhliantúla chomhardaithe AnaEE-ERIC;
 - d) Cloí leis na Reachtanna reatha;
 - e) Gealltanais a thabhairt go mbeidh sé ina chomhalta de AnaEE-ERIC ar feadh 5 bliana ar a laghad.
3. Eintitis a liostaítear in Airteagal 12(1) atá toilteanach rannchuidiú le AnaEE-ERIC, ach nach bhfuil fós in ann a bheith ina gComhaltaí, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas Breathnóra. Is iad seo a leanas na téarmaí maidir le ligean isteach Breathnóirí:
- a) Ligfear Breathnóirí isteach ar feadh tréimhse 2 bhliain agus ar feadh dhá thréimhse ar a mhéad;
 - b) Cuirfidh iarratasóirí iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí agus faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra;
 - c) Tabharfar tuairisc san iarratas ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le AnaEE-ERIC;
 - d) Beidh ligean isteach nó athligean isteach Breathnóirí faoi réir formheas ó Thionól na gComhaltaí.

Airteagal 14

Tarraingt siar Comhalta nó Breathnóra/Foirceannadh comhaltais nó stádais Breathnóra

1. Ní fhéadfaidh aon Chomhalta tarraingt siar laistigh de na chéad 5 bliana féilire ó bhunú AnaEE-ERIC.
2. Bliain ghiorraithe a bheidh sa chéad bhliain dar tús an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ón gCoimisiún AnaEE-ERIC a bhunú.
3. Tar éis na chéad cúig bliana de chomhaltas, féadfaidh Comhalta tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis dó iarraidh a chur isteach 12 mhí roimh an tarraingt siar a bheartaítear.
4. Tar éis dó a tharraingt siar a iarraidh, ní bheidh aon cheart vótála ag Comhalta i dThionól na gComhaltaí sa mhéid nach mbeidh tionchar díreach ag na cinntí atá beartaithe ar an gComhalta lena mbaineann.
5. Féadfaidh Breathnóirí tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis dóibh iarraidh a chur isteach 6 mhí roimh an tarraingt siar a bheartaítear.
6. Ní mór na hoibleagáidí airgeadais uile agus aon oibleagáidí eile a chomhlíonadh roimh dheireadh bhliain an tarraingt siar. De réir mar a éileofar leis na cúinsí, ní mór oibleagáidí a chomhlíonadh thar dháta éifeachtach an tarraingt siar chun a áirithiú go gcomhlíonfar na gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlac AnaEE-ERIC de láimh cheana roimh an iarraidh ar tharraingt siar ón gComhalta lena mbaineann.
7. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí comhaltas nó stádas Breathnóra a fhoirceannadh má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - a) Déanann an Comhalta nó an Breathnóir sárú tromchúiseach ar cheann amháin nó níos mó dá oibleagáidí faoi na Reachtanna seo;
 - b) Níor éirigh leis an gComhalta nó leis an mBreathnóir sárú den sórt sin a leigheas laistigh de 6 mhí tar éis dó fógra i scríbhinn a fháil faoin sárú ó Thionól na gComhaltaí.

8. Beidh ar an gComhalta nó ar an mBreathnóir dá dtagraítear in Airteagal 14-(7) a sheasamh a mhíniú do Thionól Chomhaltaí AnaEE-ERIC sula ndéanfaidh Tionól na gComhaltaí aon chinneadh maidir leis an tsaincheist.

9. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí a chinneadh freisin, sna cúinsí a leagtar amach faoi Airteagal 14(7), gan comhaltas Comhalta a fhoirceannadh, ach go gcuirfear cearta vótála Comhalta ar fionraí ar feadh tréimhse áirithe. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí, trí bhíthin vóta, cearta vótála Comhalta a chur i bhfeidhm arís tráth ar bith má tá aon sárú a leagtar amach faoi Airteagal 14(7) leigheasta ag an gComhalta sin chun sástacht Thionól na gComhaltaí. Eisiafar ionadaí an Chomhalta thuasluaite ón vóta sin.

10. Cuirfidh Tionól na gComhaltaí cearta vótála Comhalta ar fionraí chomh fada nach gcomhlíontar in am trátha oibleagáidí airgeadais a eascraíonn as Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Reachtanna seo

11. Ní bheidh ag Comhaltaí nó Breathnóirí a tharraingeoidh siar nó a bhfoirceannfar a Chomhaltas nó a stádas Breathnóra an ceart chun aisig nó chun aisíocaíochta ar aon ranniocaíocht a rinneadh, nó an ceart chun aon éileamh a dhéanamh ar shócmhainní AnaEE-ERIC.

CAIBIDIL 3

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ NA GCOMHALTAÍ AGUS NA MBREATHNÓIRÍ

Airteagal 15

Comhaltaí

1. Áireofar le cearta na gComhaltaí:

- freastal a dhéanamh ar Thionól na gComhaltaí agus vóta a chaitheamh ann;
- a bheith rannpháirteach i bhforbairt straitéisí agus bheartais AnaEE-ERIC;
- branda AnaEE-ERIC a úsáid;
- a bheith rannpháirteach i dtograí tionscadail i gcás ina ngníomhaíonn AnaEE-ERIC mar an gcuibhreannas a dhéanfaidh an tíolacadh;
- rochtain a fháil ar na seirbhísí agus ar na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag AnaEE-ERIC dá phobal taighde.

2. Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas:

- an ranniocaíocht airgeadais bhliantúil mar a shonraítear i mbuiséid airgeadais bhliantúla ar leith a d'fhormheas Tionól na gComhaltaí a íoc;
- cumhacht a thabhairt dá ionadaí nó dá ionadaithe, agus údarás iomlán acu, vóta a chaitheamh ar na saincheistanna uile a tharraingeofar anuas le linn chruinnithe Thionól na gComhaltaí agus a fhoilseofar sa chlár oibre;
- rochtain a sholáthar do ghníomhaíochtaí an Ardáin Náisiúnta a chomhlíonann critéir AnaEE-ERIC, de réir bheartas rochtana AnaEE-ERIC;
- glacadh agus cothabháil chaighdeáin cháilíochta agus nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta AnaEE-ERIC a chur chun cinn ar a n-ardáin náisiúnta rannchuiditheacha taighde;
- úsáid acmhainní agus sheirbhísí AnaEE-ERIC a chur chun cinn i measc taighdeoirí.

Airteagal 16

Breathnóirí

1. Áireofar le cearta na mBreathnóirí:

- freastal a dhéanamh ar Thionól na gComhaltaí gan vóta a bheith acu;
- a bheith rannpháirteach in imeachtaí AnaEE-ERIC, amhail ceardlanna, comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna, agus in aon ghníomhaíocht eile a shainnithneoidh Tionól na gComhaltaí;
- rochtain a fháil ar thacaíocht ó AnaEE-ERIC maidir le córais, próisis agus seirbhísí ábhartha a fhorbairt.

2. Déanfaidh gach Breathnóir an méid seo a leanas:
 - a) eintiteas a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 18;
 - b) an ranníocaíocht bhliantúil a chinntear i ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla foriomlána na gComhaltaí a sholáthar, gan aon tionchar a bheith aige ar Chomhaltaí. Is é Tionól na gComhaltaí a chinnefidh méid na ranníocaíochta sin;
 - c) rannchuidiú le cúraimí agus le gníomhaíochtaí AnaEE-ERIC mar a leagtar amach in Airteagal 3;
 - d) comhaontú Breathnóra a dhéanamh le AnaEE-ERIC d'fhonn na téarmaí agus na coinníollacha, faoina bhféadfar na hoibleagáidí a chomhlíonadh agus cearta an Bhreathnóra a fheidhmiú, a bhunú.

Airteagal 17

Ranníocaíochtaí

1. Soláthróidh Comhaltaí agus Breathnóirí ranníocaíochtaí bliantúla mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn III.
2. Is féidir ranníocaíochtaí bliantúla Comhalta nó Breathnóra a sholáthar mar ranníocaíochtaí airgid thirim agus/nó a sholáthar go páirteach i gcomhchineál. Leagtar amach prionsabail na ranníocaíochtaí in Iarscríbhinn III agus saineofar iad a thuilleadh sna Rialacha Oibríochta.

CAIBIDIL 4

RIALACHAS

Airteagal 18

Tionól na gComhaltaí

1. Is é Tionól na gComhaltaí a bheidh sa chomhlacht rialaithe is airde agus sa chomhlacht rialaithe deiridh in AnaEE-ERIC a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta iomlána aige agus atá freagrach as AnaEE-ERIC a dhíriú agus maoirseacht a dhéanamh air. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ceaptha cuí Chomhaltaí agus Bhreathnóirí AnaEE-ERIC. Beirt, ar a mhéad, a dhéanfaidh ionadaíocht ar Chomhaltaí agus ar Bhreathnóirí, duine a bhfuil saineolas eolaíoch aige agus duine a bhfuil saineolas riaracháin aige, meastar go bhfuil ionadaíocht á déanamh ar Chomhaltaí nó ar Bhreathnóirí más rud é go bhfuil ar a laghad ceann amháin dá ionadaithe i láthair ag an gcruinniú.
2. Beidh vóta amháin ag gach Comhalta.
3. Toghfaidh Tionól na gComhaltaí Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as toscaireachtaí na gComhaltaí. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ar feadh téarma 3 (trí) bliana, de ghnáth, téarma is féidir a athnuachan aon uair amháin. Ní bheidh cearta vótála ag an gCathaoirleach. Seasann an Leas-Chathaoirleach isteach aon uair nach féidir leis an gCathaoirleach dualgais a fhorghníomhú. Leagtar síos mionsonraí an toghcháin agus seoladh na gcruinnithe sna Rialacha Oibríochta a ghlac Tionól na gComhaltaí.
4. Is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh Tionól na gComhaltaí a thionól agus beidh fógra 8 seachtaine ar a laghad ag gabháil leis, agus scaipfean an clár oibre, lena n-áirítear doiciméid na gcruinnithe, 2 sheachtain ar a laghad roimh an gcruinniú. Is gnách go soláthraítear cuireadh agus scaipeadh an chláir oibre trí mhodhanna leictreonacha. Leagtar síos mionsonraí sna Rialacha Oibríochta a ghlac Tionól na gComhaltaí.
5. Tiocfaidh Tionól na gComhaltaí le chéile ar bhonn rialta, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad. Meastar go mbeidh córam ann ag cruinniú más rud é go mbeidh ar laghad dhá thrian de Chomhaltaí i láthair agus ionadaíocht chúigé déanamh orthu. Beifear in ann freastal ar chruinnithe go cianda, lena n-áirítear físchomhdhálacha agus aon mhodh leictreonach comhaontaithe eile, ach ní mór a gcinntí agus a gconclúidí a dheimhniú le nós imeachta i scríbhinn. Déanfar cruinniú urghnách de Thionól na gComhaltaí a thionól má iarrann ar a laghad aon trian de Chomhaltaí é.
6. Freastalóidh Ard-Stiúrthóir AnaEE-ERIC ar chruinnithe de Thionól na gComhaltaí de ghnáth.
7. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe chun bheith rannpháirteach ina chruinnithe i gcáil chomhairleach. Má dhéileáiltear le faisnéis rúnda i láthair daoine seachtracha, ní mór dóibh dearbhú neamhnochta a shíniú roimh ré.

8. Cinnfidh Tionól na gComhaltaí aon ábhar is gá chun cuspóirí AnaEE-ERIC a chomhlíonadh agus nach bhfuil sannta go sainráite do chomhlacht rialachais eile nó do chomhlacht eile.

9. Mura sonraítear a mhalairt go sainráite, déanfar cinntí uile Thionól na gComhaltaí a rith trí thromlach simplí de na vótaí a caitheadh.

10. Déanfar na cinntí seo a leanas trí thromlach cáilithe de dhá thrian de na vótaí a caitheadh:

- a) Ceapadh agus dífhostú an Ard-Stiúrthóra;
- b) Toghadh an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh de réir Airteagal 18(3) de na Reachtanna seo;
- c) Formheas Rialacha Oibríochta na Reachtanna seo (fodhlíthe);
- d) Formheas aon Rialach Oibríochta de chuid chomhlachtaí AnaEE-ERIC;
- e) Formheas Rialacha Soláthair AnaEE-ERIC;
- f) Formheas an chláir oibre eolaíoch bliantúil;
- g) Formheas an ráitis airgeadais bhliantúil;
- h) Modhnuithe ar an mbuiséad airgeadais bliantúil le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, ar modhnuithe iad a laghdóidh nó a mhéadóidh an buiséad faoi bhun 4 % (ceithre);
- i) Rúin maidir le leibhéal iomchuí na n-ioncam, lena n-áirítear tiomargadh cúlchistí;
- j) Cinntí a bhaineann le prionsabail an bheartais sonraí agus prionsabail an bheartais rochtana;
- k) Cinntí a bhaineann le Saincheisteanna Maoine Intleachtúla;
- l) Bunú an Bhoird Bainistíochta;
- m) Aontachas Comhaltaí nua agus foirceannadh Comhaltais;
- n) Aontachas Breathnóra nua agus foirceannadh stádas an Bhreathnóra;
- o) Foirceannadh AnaEE-ERIC.

11. Déanfar na cinntí seo a leanas trí thromlach cáilithe de dhá thrian de na vótaí a caitheadh, ar choinníoll gurb éard a bheidh i ranníocaíochtaí na mBallstát sin trí cheathrú ar a laghad de na ranníocaíochtaí iomlána le buiséad AnaEE-ERIC nó ar choinníoll go ndéanfaidh gach Comhalta, seachas Comhalta amháin, a bheidh i láthair nó a mbeidh ionadaí vótála aige vóta dearfach a chaitheamh:

- a) Formheas Rialacha Airgeadais AnaEE-ERIC;
- b) Formheas an phlean airgeadais 5 bliana;
- c) Formheas an bhuiséid airgeadais bhliantúil a chuirfidh an tArd-Stiúrthóir isteach;
- d) Modhnuithe ar an mbuiséad airgeadais bliantúil le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, ar modhnuithe iad a laghdóidh nó a mhéadóidh an buiséad níos mó ná 4 % (ceithre);
- e) Tograí le haghaidh leasuithe ar Reachtanna AnaEE-ERIC agus fógra ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh formheasa nó le haghaidh agóide i gcomhréir le hAirteagal 9 agus 11 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

12. Ní áireofar staonadh ó vótáil mar vóta ar son an rúin ná mar vóta in aghaidh an rúin i gceist.

Airteagal 19

An tArd-Stiúrthóir

1. Is é an tArd-Stiúrthóir príomhoifigeach feidhmiúcháin agus ionadaí dlíthiúil AnaEE-ERIC.
2. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí an tArd-Stiúrthóir tar éis glao idirnáisiúnta. Mionsonraítear téarmaí agus coinníollacha an cheapacháin sna Rialacha Oibríochta.

3. Beidh freagracht ar an Ard-Stiúrthóir as na nithe seo a leanas
 - a) Ionadaíocht dhlíthiúil AnaEE-ERIC, lena n-áirítear conarthaí a thabhairt i gcrích agus imeachtaí dlíthiúla agus riaracháin eile a sheoladh de réir mar is iomchuí i gcomhréir le cinntí Thionól na gComhaltaí;
 - b) Straitéis AnaEE-ERIC a fhorbairt agus na tograí a sholáthar do Thionól na gComhaltaí, agus leas á bhaint as ionchur ó idirghníomhaíocht dhíreach leis na Comhaltaí, leis an mBord Bainistíochta, leis na boird chomhairleacha, leis na Nóid agus le Lárionaid Seirbhíse AnaEE-ERIC;
 - c) Ceannaireacht, riarachán agus bainistíocht laethiúil AnaEE-ERIC, lena n-áirítear na cinntí arna nglacadh ag Tionól na gComhaltaí a chur chun feidhme, na tionscadail agus na tionscnaimh reatha a chomhordú, fostaithe uile AnaEE-ERIC a cheapadh, agus an rúnaíocht a threorú;
 - d) Cathaoirleacht a dhéanamh ar an mBord Bainistíochta agus gníomhartha a tharmligeán chun cur chun feidhme chinntí AnaEE-ERIC i ngach Lárionad Seirbhíse nó i ngach Nód Náisiúnta a áirithiú;
 - e) A áirithiú go bhfeidhmeoidh an Bord Bainistíochta agus na Nóid i gcomhréir leis na téarmaí tagartha a leagtar amach sna Rialacha Oibríochta agus sa doiciméad seo;
 - f) Cruinnithe de Thionól na gComhaltaí a eagrú, lena n-áirítear míreanna a mholadh le haghaidh chlár oibre na gcruinnithe agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur isteach le haghaidh formheasa ó Thionól na gComhaltaí mar a thuairiscítear in Airteagal 28;
 - g) Cruinnithe de Choistí Comhairleacha AnaEE-ERIC a eagrú chun meastóireacht a dhéanamh ar an gclár eolaíoch agus ar an mbeartas eitice de réir Airteagail 24 agus 25;
 - h) Meastóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh a bheith ina gComhalta nó ina mBreathnóir nua agus iad a chur faoi agallamh d'fhonn a ligean isteach chuig AnaEE-ERIC a mholadh.
4. Soláthróidh an tArd-Stiúrthóir do Thionól na gComhaltaí ráiteas cuntais na bliana airgeadais roimhe sin, arna iniúchadh i gcomhréir le hAirteagal 32, laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Soláthraítear mionsonraí an ráitis sin sna Rialacha Oibríochta.
5. Soláthróidh an tArd-Stiúrthóir an méid seo a leanas do Thionól na gComhaltaí, faoi dheireadh mhí na Samhna mar a thuairiscítear a thuilleadh sna Rialacha Oibríochta:
 - a) tuarascáil maidir leis an obair a dhéantar le linn na bliana trí bhíthin ráiteas airgeadais;
 - b) dréachtchlár oibre le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin;
 - c) an buiséad réamhaisnéise le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin.
6. Beidh an tArd-Stiúrthóir i dteideal meithleacha a bhunú tráth ar bith chun tacú le ghníomhaíochtaí AnaEE-ERIC i gcomhréir leis na Rialacha Oibríochta.

Airteagal 20

An Mol Lárnach

1. Áirítear na seirbhísí tacaíochta seo a leanas leis an Mol Lárnach:
 - a) Cúnamh don Ard-Stiúrthóir i gcur chun feidhme Chlár Oibre AnaEE-ERIC;
 - b) Pointe lárnach le haghaidh cumarsáid le páirtithe leasmhara agus le haghaidh idirghníomhaíocht leis na Nóid Náisiúnta;
 - c) Gníomhaíochtaí na Lárionad a chomhordú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha comhpháirteacha agus malartuithe foirne;
 - d) Cúrsaí oiliúna le haghaidh fhoireann ardáin AnaEE-ERIC a eagrú;
 - e) Na cruinnithe rialachais agus bainistíochta uile a eagrú;
 - f) An tairseach ghréasáin a riar agus a bhainistiú;
 - g) Gníomhaíochtaí AnaEE-ERIC a bhainistiú;
 - h) Cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht a dhéanamh le haghaidh AnaEE-ERIC.

2. Cuideoidh fostaithe an Mhoil Lárnaigh leis an Ard-Stiúrthóir i ngach ábhar agus tuairisceoidh siad chuige.
3. Mionsonraítear comhdhéanamh fhostaithe an Mhoil Lárnaigh agus a *modus operandi* sna Rialacha Oibríochta.

Airteagal 21

Lárionaid Seirbhíse AnaEE-ERIC

1. Soláthróidh Lárionaid Seirbhíse AnaEE-ERIC saineolas, seirbhísí agus uirlisí ábhartha chun cúraimí agus gníomhaíochtaí AnaEE-ERIC a dhéanamh, mar a leagtar amach i gClár Oibre AnaEE-ERIC.
2. Bunófar trí Lárionad Seirbhíse faoi AnaEE-ERIC agus faoi fhreagracht an Ard-Stiúrthóra: An Lárionad Teicneolaíochta, an Lárionad Sonraí agus Samhaltaithe agus an Lárionad Comhéadain agus Sintéise.
3. Déanfar Lárionaid Seirbhíse a óstáil i dtíortha is Comhaltaí AnaEE-ERIC.
4. Déanfaidh Ceann Seirbhíse gach Lárionad Seirbhíse a bhainistiú, faoi údarás an Ard-Stiúrthóra, agus fostófar é i gcomhréir leis an mBeartas Fostaíochta.

Airteagal 22

Na Nóid Náisiúnta agus na hArdáin Náisiúnta

1. Déanfaidh eintiteas dlítheanach ionadaíocht ar an Nód Náisiúnta nó tabharfaidh an Nód Náisiúnta sainordú don eintiteas dlítheanach ionadaíocht a dhéanamh air agus an Comhaontú Dlíthiúil maidir le Seirbhís a shíniú ina ainm.
2. Is é an Teagmhálaí Nóid a dhéanfaidh ionadaíocht ar gach Nód Náisiúnta. Cuirfidh comhaltaí AnaEE-ERIC an tArd-Stiúrthóir ar an eolas faoi ainm a dTeagmhálaí Nóid. Buailfidh an Teagmhálaí Nóid leis an Ard-Stiúrthóir nuair is gá agus dhá uair sa bhliain “ar a laghad” agus leis an mBord Bainistíochta uair sa bhliain “ar a laghad”.
3. Beidh gach Nód Náisiúnta faoi cheangal ag Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le AnaEE-ERIC chun na seirbhísí a sheachadadh ar íosleibhéal d’fhonn seirbhísí Ardáin Náisiúnta an Chomhalta a eagrú agus a chomhordú agus cumarsáid idir AnaEE-ERIC agus na hArdáin Náisiúnta a eagrú.
4. Beidh gach Ardán Náisiúnta de chuid Comhalta faoi cheangal ag Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le AnaEE-ERIC chun na seirbhísí a sheachadadh d’fhonn an Bonneagar Taighde a oibriú. Áireofar leis an gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse seo na critéir chun Ardáin Náisiúnta a shaináithint mar ardáin AnaEE-ERIC.
5. De mhaolú ar Airteagal 22(4), féadfaidh Comhalta a bheartú freisin a Ardáin Náisiúnta a cheangal go dlíthiúil tríd an Nód Náisiúnta. Mura dtabharfar aon Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse ar leith i gcrích leis na hArdáin Náisiúnta de réir Airteagal 22(4), tabharfaidh an Nód Náisiúnta comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí i gcrích leis na hArdáin Náisiúnta chun na seirbhísí atá le seachadadh le haghaidh AnaEE-ERIC a áirithiú. Sa chás seo, áireofar freisin leis an gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse leis an Nód Náisiúnta, sa bhreis ar Airteagal 22(3), na critéir chun Ardáin Náisiúnta a shaináithint mar ardáin AnaEE-ERIC.
6. Soláthróidh an Teagmhálaí Nóid d’Ard-Stiúrthóir AnaEE-ERIC tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí an Nóid Náisiúnta le haghaidh AnaEE-ERIC ar bhonn rialta, mar a shainítear sna Rialacha Oibríochta agus sa Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse.

Airteagal 23

An Bord Bainistíochta

1. Beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta den Ard-Stiúrthóir agus de Chinn Lárionaid Seirbhíse AnaEE-ERIC. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir cuireadh a thabhairt do shaineolaithe, don Nód Náisiúnta agus d’ionadaithe de chineál Ardáin chuig cruinnithe an Bhoird Bainistíochta. Buailfidh an Bord Bainistíochta leis an Nód Náisiúnta agus le hionadaithe de chineál Ardáin uair amháin sa bhliain ar a laghad.
2. Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir cathaoirleacht ar an mBord Bainistíochta.

3. Beidh freagracht ar an mBord Bainistíochta as na nithe seo a leanas:
 - a) rannchuidiú agus tacú leis an Ard-Stiúrthóir i bhforbairt an dréachtchláir oibre bhliantúil agus dréachtbhuiséid (bliain N), mar aon le réamh-dhréachtchlár oibre agus dréachtbhuiséad le haghaidh an dá bhliain ina dhiaidh sin (bliain N+1 agus bliain N+2);
 - b) tacú leis an Ard-Stiúrthóir i bhforghníomhú an Chláir Oibre agus idirghníomhaíocht éifeachtúil a chumasú idir AnaEE-ERIC agus na Comhaltaí agus na Breathnóirí agus úsáideoirí agus páirtithe leasmhara AnaEE-ERIC.

Airteagal 24

An Coiste Comhairleach Eolaíoch Neamhspleách

1. Is é ról an Choiste Chomhairligh Eolaíoch Neamhspleách comhairle a chur ar Thionól na gComhaltaí maidir leis na nithe seo a leanas:
 - a) Athbhreithniú ar na critéir chun glacadh le hardán in AnaEE-ERIC;
 - b) Comhairle ar straitéis AnaEE-ERIC maidir lena acmhainneacht thurgnamhach agus maidir lena sheirbhísí ardáin;
 - c) Comhar le bonneagair Eorpacha nó idirnáisiúnta eile;
 - d) Anailís ar thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí an Mhoil agus na Lárionad Seirbhíse agus moltaí maidir lena gclár oibre agus lena straitéis fhadtéarmach;
 - e) Athbhreithniú ócáideach ar thionscadail taighde má iarrann an tArd-Stiúrthóir é, agus d'fhéadfadh saineolaithe seachtracha a bheith san áireamh;
 - f) Fadhbheathnaitheacht i leith eolaíocht éiceachórais agus an nasc atá aici le hinbhuanaitheacht an chórais bia, le bitheaghlúchán inbhuanaithe agus leis an mbithéagsúlacht.
2. Is é Tionól na gComhaltaí a cheapfaidh comhaltaí den Choiste Comhairleach Eolaíoch Neamhspleách. Beidh an Coiste Comhairleach Eolaíoch comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a bhfuil saineolas ardleibhéil acu i réimsí na hagránamaíochta, na sláinte plandaí, na héiceolaíochta, na bitheaghlúchta, na heolaíochta comhshaoil, an athraithe dhomhanda, na láimhseála sonraí, an tsamhaltaithe, chomh maith le taithí ar Bhonneagair nó Clár Thaighde ar mhórsála agus daoine neamhspleácha eile a bhainistiú. Ba cheart 5 Chomhalta ar a laghad agus 10 gComhalta ar a mhéad a bheith ann.
3. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí comhaltaí den Choiste Comhairleach Eolaíoch Neamhspleách ar feadh tréimhse 5 bliana, tréimhse a fhéadfá ar athnuachan uair amháin. Toghfaidh siad Cathaoirleach agus tiocfaidh siad le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach tráth ar bith.
4. Is é Tionól na gComhaltaí a ghlacfaidh Rialacha mionsonraithe Oibríochta an Choiste Chomhairligh Eolaíoch Neamhspleách.

Airteagal 25

An Coiste Comhairleach Eitice Neamhspleách

1. Is é ról an Choiste Chomhairligh Eitice Neamhspleách comhairle a chur ar Thionól na gComhaltaí maidir le saincheistanna eitice a bheidh le meas ag Lárionad Seirbhíse agus ag Ardáin Náisiúnta ina ngníomhaíochtaí.
2. Is é Tionól na gComhaltaí a cheapfaidh comhaltaí den Choiste Comhairleach Eitice Neamhspleách. Beidh an Coiste Comhairleach Eitice Neamhspleách comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a bhfuil saineolas ardleibhéil acu i réimse eitice eolaíochtaí an chomhshaoil agus na n-eolaíochtaí beatha. Ba cheart 3 Chomhalta ar a laghad agus 10 gComhalta ar a mhéad a bheith ann.
3. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí comhaltaí den Choiste Comhairleach Eitice Neamhspleách ar feadh tréimhse 5 bliana, tréimhse a fhéadfá ar athnuachan uair amháin. Toghfaidh siad Cathaoirleach agus tiocfaidh siad le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach tráth ar bith.
4. Is é Tionól na gComhaltaí a ghlacfaidh Rialacha mionsonraithe Oibríochta an Choiste Chomhairligh Eitice Neamhspleách.

*Airteagal 26***Coiste na bPáirtithe Leasmhara**

1. Beidh Coiste na bPáirtithe Leasmhara comhdhéanta d'ionadaithe na gcomhlachtaí agus n-institiúidí a bhfuil leas acu sna seirbhísí agus sna torthaí a sholáthraíonn AnaEE-ERIC, amhail úsáideoirí shaoráidí nó shonraí AnaEE-ERIC, lucht ceaptha beartas, tionscail, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus na meáin. Ba cheart 10 gComhalta ar a laghad agus 20 Comhalta ar a mhéad a bheith ann.
2. Is é ról Choiste na bPáirtithe Leasmhara comhairle a chur ar Thionól na gComhaltaí maidir leis na nithe seo a leanas:
 - a) Anailís ar thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí na Lárionad Seirbhíse agus moltaí maidir lena gclár oibre agus lena straitéis fhadtéarmach;
 - b) Plean cumarsáide;
 - c) Mionsaothrú uirlisí tacaíochta cinntí le haghaidh bainistiú éiceachórais;
 - d) Comhar le bonneagair Eorpacha nó idirnáisiúnta eile.
3. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí comhaltaí de Choiste na bPáirtithe Leasmhara ar feadh tréimhse 5 bliana, tréimhse a fhéadfar a athnuachan uair amháin. Toghfaidh siad Cathaoirleach agus tiocfaidh siad le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach tráth ar bith.
4. Is é Tionól na gComhaltaí a ghlacfaidh Rialacha mionsonraithe Oibríochta Choiste na bPáirtithe Leasmhara.

*Airteagal 27***Na Fochomhlachtaí**

1. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí a chinneadh aon Fhochomhlacht a bhunú de réir mar a éilítear leis na cúinsí, mar shampla, chun moltaí maidir le hábhair shonracha a sholáthar.
2. Formheasfaidh Tionól na gComhaltaí comhdhéanamh agus Rialacha Oibríochta na bhFochomhlachtaí i gcomhréir le hAirteagal 18(10).
3. Tiocfaidh gach Fochomhlacht le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí iarraidh ar chathaoirleach an Fhochomhlachta cruinnithe a thionól chun moltaí maidir le hábhair shonracha a mheas agus a thabhairt.

CAIBIDIL 5

TUAIRISCIÚ DON CHOIMISIÚN EORPACH*Airteagal 28***Tuairiscíú don Choimisiún Eorpach**

1. Cuirfidh AnaEE-ERIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh gnéithe eolaíoch, oibríochtúla agus airgeadais dá chuid gníomhaíochtaí go háirithe. Seolfar an tuarascáil chuig Tionól na gComhaltaí lena formheas laistigh de 4 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí agus tarchuirfear ansin í chuig an gCoimisiún agus chuig na húdaráis phoiblí ábhartha laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.
2. Cuirfidh Ard-Stiúrthóir AnaEE-ERIC an Coimisiún ar an eolas faoi aon chúinse a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do ghnóthú chúraimí AnaEE-ERIC nó bac a chur ar AnaEE-ERICV na ceanglais a leagtar síos in Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 6

AIRGEADAS

*Airteagal 29***Bliain airgeadais**

Tosóidh bliain airgeadais AnaEE-ERIC an 1^úlá de mhí Eanáir agus críochnóidh sí an 31^úlá de mhí na Nollag gach bliain. Bliain ghiorraithe airgeadais a bheidh sa chéad bhliain airgeadais de AnaEE-ERIC dar tús an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ón gCoimisiún AnaEE-ERIC a bhunú.

*Airteagal 30***Acmhainní**

Beidh acmhainní AnaEE-ERIC comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

1. Táillí Comhalta agus Breathnóra de réir Airteagail 17 agus 31.
2. Ranníocaíocht phréimhe an Óstaigh, arna soláthar ag Comhaltaí a óstálann Lárionad Seirbhíse nó an Mol Lárnach, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III.
3. Aon ranníocaíocht eile, amhail deontais nó ioncam a eascraíonn as seirbhísí nó as cearta maoine intleachtúla atá ag AnaEE-ERIC, laistigh de theorainneacha agus faoi théarmaí arna bhformheas ag Tionól na gComhaltaí.

*Airteagal 31***Prionsabail um ranníocaíochtaí Comhaltaí nó Breathnóirí**

1. Déanfaidh na Comhaltaí agus na Breathnóirí ranníocaíochtaí bliantúla le AnaEE-ERIC.
2. Bunófar leibhéal ranníocaíochta na gComhaltaí le haghaidh timthriall buiséadach agus formheasfaidh Tionól na gComhaltaí é de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 18 agus in Iarscríbhinn III.
3. Ní chuirfear ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh ach amháin i bhfoirm ranníocaíochta éifeachtaí agus inchainníochtaithe le AnaEE-ERIC, lena n-áirítear pearsanra ar iasacht le AnaEE-ERIC, agus a chomhaontaigh Tionól na gComhaltaí. Tiocfaidh Tionól na gComhaltaí ar chomhaontú maidir le córas cuntasáochta, rialacha maidir le glacadh le ranníocaíochtaí comhchineáil agus measúnú a dhéanamh ar a luach.
4. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais.
5. Cuirfear luach aon ranníocaíochta comhchineáil san áireamh agus ríomh á dhéanamh ar na ranníocaíochtaí airgeadais arna soláthar le linn na tréimhse ama céanna, chun (i) méid iomlán na ranníocaíochtaí arna soláthar le linn na bliana i gceist agus (ii) na cionmhaireachtaí sonracha arna ranníoc ag gach Comhalta le méid iomlán na ranníocaíochtaí a ríomh.

*Airteagal 32***Buiséad, prionsabail bhuiséadacha, cuntais agus iniúchadh**

1. Déanfar ioncam agus caiteachas uile AnaEE-ERIC a áireamh i meastacháin a tharraingeofar suas le haghaidh gach bliana airgeadais agus léireofar sa bhuiséad iad.
2. Beidh ioncam agus caiteachas AnaEE-ERIC ar comhardú.
3. Áiritheoidh Tionól na gComhaltaí go n-úsáidfear acmhainní AnaEE-ERIC i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.
4. Bunófar an buiséad agus cuirfear chun feidhme é agus cuirfear i láthair na cuntais i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta.

5. Déanfar cuntais AnaEE-ERIC a iniúchadh go bliantúil agus beidh tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais roimhe sin ag gabháil leo. Formheasfaidh Tionól na gComhaltaí ceapachán agus fad an iniúcháir sheachtraigh agus formheasfaidh siad na cuntais iniúchta agus an tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais roimhe sin laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais.
6. Beidh AnaEE-ERIC faoi réir cheanglais an dlí is infheidhme a mhéid a bhaineann le hullmhú, comhdú, iniúchadh agus foilsiú na gcuntas.

Airteagal 33

Cánacha

1. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus ar Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle, cuirfear i bhfeidhm iad maidir le ceannacháin earraí nó seirbhísí a dhéanfaidh AnaEE-ERIC nó Comhalta AnaEE-ERIC, de réir bhrí chaibidil 2 agus 3 de na Reachtanna, atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag AnaEE-ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha AnaEE-ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí agus lena n-aghaidh sin amháin. Beidh Díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná €300.
2. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagail 12 de Threoir 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh AnaEE-ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag AnaEE-ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha AnaEE-ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná €300.
3. Ní chumhdaítear ceannacháin a dhéanfaidh baill foirne leis na díolúintí.

CAIBIDIL 7

ILGHNÉITHEACH

Airteagal 34

An dlí is infheidhme

Rialófar feidhmiú inmheánach AnaEE-ERIC:

1. Faoi dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1261/2013.
2. Faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláráithe AnaEE-ERIC i gcás nithe nach rialaítear le dlí an Aontais nó nach rialaítear ach go páirteach leis.
3. Leis na Reachtanna seo agus leis na Rialacha Oibríochta.

Airteagal 35

Teanga oibre

Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag AnaEE-ERIC.

Airteagal 36

Díospóidí

1. I gcás ina mbeidh díospóid nó easaontas ann idir na Comhaltaí a eascraíonn as na Reachtanna nó a bhaineann leo, tiocfaidh Tionól na gComhaltaí le chéile a luaithe is féidir le réasún chun dul i gcomhairle le chéile de mheon macánta agus chun an díospóid a réiteach go cairdiúil.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca le dlíthíocht i measc na gComhaltaí maidir le AnaEE-ERIC, idir Comhaltaí agus AnaEE-ERIC, agus i dtaca le dlíthíocht lena bhfuil an tAontas Eorpach ina pháirtí.

3. Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le dlínse i ndáil le díospóidí idir AnaEE-ERIC agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláráithe AnaEE-ERIC a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

Airteagal 37

Leasuithe ar na Reachtanna, nuashonruithe agus infhaighteacht

1. Beidh aon leasú ar na Reachtanna faoi réir fhorálacha Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 arna leasú le Rialachán (CE) 1261/2013.
2. Coinneofar na Reachtanna cothrom le dáta agus cuirfear iad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin AnaEE-ERIC agus ag an oifig chláráithe.

Airteagal 38

Forálacha a bhunú

1. Gairfidh an Stát ina bhfuil oifig chláráithe AnaEE-ERIC an chéad chruinniú de Thionól na gComhaltaí a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún AnaEE-ERIC a bhunú.
2. Sula dtionólfar an chéad chruinniú agus tráth nach déanaí ná 45 lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún AnaEE-ERIC a bhunú, tabharfaidh an Stát ábhartha fógra do na Comhaltaí agus do na Breathnóirí bunaidh faoi aon ghníomhaíocht dhlíthiúil phráinneach shonrach is gá a dhéanamh thar ceann AnaEE-ERIC. Mura rud é go ndéanann Comhalta bunaidh agóid laistigh de 5 lá oibre tar éis dó an fógra a fháil, déanfaidh duine arna údarú go cuí ag an Stát ábhartha an ghníomhaíocht dhlíthiúil.

IARSCRÍBHINN I

SAINMHÍNITHE

Chun críocha na Reachtanna seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn **“AnaEE”**: An bonneagar taighde uile-Eorpach ar éiceachórais talún bhainistithe agus neamhbhainistithe agus éiceachórais uisceacha bhainistithe agus neamhbhainistithe, a sholáthróidh rochtain ar thacar mór dáilte agus comhordaithe d’ardáin thurgnamhacha lena gcumhdaítear an réimse leathan éiceachóras agus criosanna aeráide san Eoraip, chomh maith le rochtain ar ardáin úrscothacha anailíseacha agus samhaltaithe chun tacú leo. Trí chásanna amach anseo a ionsamhlú go turgnamhach, déanfaidh AnaEE freagairt na n-éiceachóras ar athruithe comhshaoil agus athruithe ar úsáid talún a thomhas agus a thuar agus déanfaidh sé tástáil ar roghanna innealtóireachta maolúcháin agus oiriúnúcháin maidir le cothabháil seirbhísí éiceachórais.
2. Ciallaíonn **“AnaEE-ERIC”**: An t-eintiteas dlítheanach arb é atá ann an Mol agus trí lárionad seirbhíse: An Lárionad Comhéadain agus Sintéise (ISC), an Lárionad Teicneolaíochta (TC) agus an Lárionad um Shamhaltú Sonraí (DMC).
3. Ciallaíonn **“Nód Náisiúnta”**: Eintiteas oibríochtúil lena n-eagraítear rannchuidiú na n-ardán turgnamhach, anailíseach agus samhaltaithe ag tír áirithe le AnaEE.
4. Ciallaíonn **“Teagmhálaí Nóid”**: An duine arna cheapadh ag Nód Náisiúnta chun idirghníomhú go díreach leis an Ard-Stiúrthóir maidir le haon cheist ó Nód Náisiúnta nó ar Nód Náisiúnta.
5. Ciallaíonn **“Ardán Náisiúnta”**: saoráid thurgnamhach lena gcomhlíontar critéir AnaEE agus a bhfuil institiúid ó thír is Comhalta de AnaEE-ERIC mar thaca léi.
6. Ciallaíonn **“cineál Ardáin”**: An príomhchur chuige arna mholadh ag Ardán Náisiúnta. Tá ceithre chur chuige éagsúla a d’fhéadfadh a bheith ann: tástáil faoin aer, tástáil iata, bearta anailíseacha agus samhaltú anailíseach.
7. Ciallaíonn **“sonraí AnaEE”**:
 - a. sonraí, bogearraí, doiciméid, prótacail arna dtáirgeadh ag AnaEE-ERIC;
 - b. croí-shonraí na n-ardán: na paraiméadair chomhshaoil arna dtomhas go rialta ag na hardáin san fhadtárma, féadfaidh roinnt acu teacht faoin Rialachán INSPIRE;
 - c. sonraí na dtionscadal arna n-óstáil ag ardáin AnaEE.

IARSCRÍBHINN II

LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A BHFUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU

Comhalta	Eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige
Poblacht na Fraince	Centre National de la Recherche Scientifique (CNRS)
Ríocht na Danmhairge	Ollscoil Chóbanhávan.
Poblacht na Seice	An Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt
Poblacht na hIodáile	Consiglio per la Ricerca in Agricoltura e l'Analisi dell'Economia Agraria (CREA)
Poblacht na Fionlainne	Institiúid na Fionlainne um Acmhainní Nádúrtha
Poblacht na Bulgáire	An Aireacht Oideachais agus Eolaíochtaí
CIHEAM	Ní bhaineann le hábhar
Breathnóir	Eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige
Ríocht na Beilge	An Oifig um Beartas Eolaíochta na Beilge

IARSCRÍBHINN III

RANNÍOCAÍOCHTAÍ – BUISÉID

SAMHAIL CHISTIÚCHÁIN ANAEE-ERIC

Is cuid de bhuiséad ERIC buiséid na Seirbhísí Lárnacha agus tá siad faoi chumhacht chinnteoireachta Thionól na gComhaltaí. Cumhdaítear costais oibríochtúla AnaEE-ERIC le cistiú poiblí a gComhaltaí den chuid is mó.

Meastar go mbeidh íosmhéid de 50 % de ranníocaíocht phréimhe an óstaigh le linn Chéim na hOibríochta nuair a fhorhmeasfar AnaEE-ERIC. Cumhdófar an chuid eile de chaiteachas na Seirbhísí Lárnacha le ranníocaíochtaí na dtáillí comhaltais bliantúla (dá ngairtear “Táille Chomhaltais” anseo feasta) i leith AnaEE-ERIC arb é an t-eintiteas dlítheanach réamh-mheasta é. Is féidir ranníocaíochtaí préimhe an óstaigh a sholáthar mar airgead tirim agus/nó a sholáthar go páirteach i gcomhchineál, agus soláthrófar Táille Chomhaltais in airgead tirim chun costais sna Seirbhísí Lárnacha a bhaineann le nithe amhail tomhaltáin, taisteal foirne, cruinnithe, for-rochtain, seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí dlí, seirbhísí cuntasáíochta, seirbhísí iniúcháireachta, seirbhísí margaíochta, seirbhísí earcaíochta agus seirbhísí fochonraitheoireachta, mar shampla), trealamh (bogearraí, ceadúnais etc) agus tuarastal an Ard-Stiúrthóra a chumhdach. Déanfar ranníocaíochtaí comhchineáil in acmhainní daonna ó thíortha óstacha a bhreithniú agus a chinneadh cás ar chás i dTionól Chomhaltaí AnaEE-ERIC. Leithdháilfear táille chomhaltais AnaEE-ERIC ar na Lárionaid Seirbhíse uile le cinneadh ó Thionól na gComhaltaí.

An tsamhail atá beartaithe maidir leis an mbealach a gcomhroinnfear costais an Mhoil Lárnaigh agus na Lárionad Seirbhíse a chumhdaítear leis an táille chomhaltais, is é a bheidh inti 50 % *sciar cothrom* + 25 % *OTI* + 25 % *uimhir ardáin* (féach na mionsonraí thíos).

Fanfaidh na táillí comhaltais agus ranníocaíochtaí préimhe an óstaigh seasmhach ar feadh na chéad tréimhse 5 bliana (lena n-áirítear an chéad bhliain ghiorráithe). Tar éis na tréimhse sin, déanfaidh Tionól na gComhaltaí athbhreithniú ar an Táille Chomhaltais. Ríomhfar ranníocaíocht Comhaltaí nua de réir na rialach atá beartaithe san Iarscríbhinn seo, ach, go dtí deireadh an chéad timthrialla 5 bliana, ní bheidh tionchar aici ar ranníocaíocht Comhaltaí eile. Ag deireadh an chéad timthrialla 5 bliana, déanfar athbhreithniú ar ranníocaíocht Comhaltaí (i.e. na comhaltaí sin a bheidh ina gComhaltaí tar éis bhunú ERIC) de réir na rialacha arna sainiú ag Tionól na gComhaltaí.

Beidh fáilte roimh ranníocaíochtaí eisceachtúla ó Chomhaltaí agus ó Bhreathnóirí le haghaidh ghníomhaíochtaí sonracha AnaEE-ERIC.

Áirítear na comhpháirteanna seo a leanas leis **an tsamhail le haghaidh na Táille Comhaltais**:

1. **Sciar Cothrom** = 50 % de chostais na Lárionad Seirbhíse nach gcumhdaítear le ranníocaíocht phréimhe an óstaigh a roinnt go cothrom le Comhaltaí;
2. **Olltáirgeacht intíre [OTI]** = 25 % de na costais nach gcumhdaítear le ranníocaíocht phréimhe an óstaigh a roinnt go cothrom le Comhaltaí trí sciar céatadáin comhalta-shonrach de OTI iomlán na gComhaltaí uile a úsáid. Is é a bheidh sa tagairt, meán-OTI thar an tréimhse dheireanach 5 bliana a bhfuil eolas uirthi roimh chomhdhéanamh ERIC (2014 – 2018 i mí Eanáir 2020). Tíocfaidh na sonraí le haghaidh na meastachán ar OTI ó Eurostat, agus i gcás tíortha eile, ón mBanc Domhanda;
3. **Ranníocaíocht uimhirbhunaithe ardáin** = 25 % de na costais nach gcumhdaítear le ranníocaíocht phréimhe an óstaigh a roinnt go cothrom le Comhaltaí trí ranníocaíochtaí ardáin comhalta-shonracha a úsáid. Gearrfar muirear ar chineálacha éagsúla ardáin ar an gcaoi seo a leanas:
 - Gearrfar **an praghas iomlán** ar na hardáin éiceachórais faoin aer nach bhfuil ionramhálacha an athraithe aeráide ag gabháil leo agus ar na hardáin éiceachórais iata uile;
 - Beidh lascaine **20 %** ar phraghas iomlán na n-ardán éiceachórais faoin aer a bhfuil ionramhálacha an athraithe aeráide ag gabháil leo, beidh lascaine **25 %** ar phraghas iomlán na n-ardán anailíseach agus beidh **lascaine 50 % ar phraghas iomlán** na n-ardán samhaltaithe.

Tugtar thíos an fhoirmle mhatamaiticiúil chomhfhreagrach a úsáidfear chun praghas iomlán an ardáin agus an táille chomhaltais le haghaidh Chomhalta AnaEE-ERIC (a n-úsáidtear “i” ina leith) a dhíorthú.

$$\text{Platform Price}_{\text{full}} = \frac{0,25 \left(1 - \frac{HC}{100\%}\right) \text{budget}}{N_{\text{Openair},0} + N_{\text{Enclosed}} + 0,8 N_{\text{Openair},1} + 0,75 N_{\text{Analytical}} + 0,5 N_{\text{Modelling}}}, \text{ (Cothromóid 1)}$$

i gcás inarb é HC ranníocaíocht phréimhe an óstaigh (%), i gcás inarb éard a bheidh sa bhuiséad buiséad iomlán na Lárionad Seirbhíse, i gcás ina seasann N don líon Ardán Náisiúnta dáilte i mbonneagar AnaEE-ERIC agus i gcás ina sonraítear cineál an ardáin lena foscriteanna; *Openair,0* (ardán éiceachórais faoin aer, gan ionramhálacha an athraithe aeráide), *Openair,1* (ardán éiceachórais faoin aer, ionramhálacha an athraithe aeráide arna bhfeidhmiú), *Enclosed* (ardán éiceachórais iata), *Analytical* agus *Modelling*.

Is é an táille iomlán chomhaltais le haghaidh Chomhalta i:

$$\text{Membership Fee} = 0,50 \frac{\left(1 - \frac{HC}{100\%}\right)}{N_{\text{Members}}} \text{budget} + 0,25 \frac{GDP_i}{100\%} \left(1 - \frac{HC}{100\%}\right) \text{budget} + (N_{i,Openair,0} + N_{i,Enclosed} + 0,8 N_{i,Openair,1} + 0,75 N_{i,Analytical} + 0,5 N_{i,Modelling}) \text{PlatformPrice}_{full}, \text{ (Cothromóid 2)}$$

i gcás inarb é $N_{Comhaltai}$ an líon lánchomhaltaí de AnaEE-ERIC, i gcás inarb é OTI_i sciar céatadán comhalta-shonrach de OTI iomlán na gComhaltaí uile agus i gcás ina seasann N_i don líon comhalta-shonrach cineálacha áirithe ardán (atá comhchosúil leis an méid thuas).

Ríomhfar **Táille Chomhaltais ó eagraíochtaí idir-rialtasacha** mar chnapshuim, ar cheart í a chomhaontú ar bhonn na rialach 5 bliana (lena n-áirítear an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ag deireadh an timthrialla 5 bliana), i dteannta le táille bunaithe ar an líon ardán agus ar chineál na n-ardán arna n-óstáil acu, a dhíorthófar ó chothromóid 2 thuas.

$$\text{Táille Chomhaltais eagraíochta idir-rialtasáí} = L + (N_{i,Openair,0} + N_{i,Enclosed} + 0,8 N_{i,Openair,1} + 0,75 N_{i,Analytical} + 0,5 N_{i,Modelling}) \text{PlatformPrice}_{full} \quad \text{(Cothromóid 3)}$$

I gcás inarb é L an chnapshuim chomhaontaithe

Is é a bheidh sa **táille le haghaidh Breathnóirí** táille shocráithe atá cothrom le leath na meántáille Comhaltais (tíortha amháin). Cuirfear an táille sin leis nuair a bheidh ríomh an bhuiséid i gcrích.

I gcás buiséad iomlán réamh-mheasta dar luach EUR 900 000 agus na gComhaltaí gníomhacha reatha sa chéim cur chun feidhme (6 thír is Comhalta, eagraíocht idir-rialtasach amháin is Comhalta agus Breathnóir amháin), mionsonraítear thíos an buiséad réamh-mheasta agus meántáille EUR 60 000 á meas.

Tugtar achoimre sna táblaí thíos ar bhuiséad AnaEE-ERIC i gcás táillí iomlána na dtíortha is comhaltaí dar luach EUR 400 000, i gcás táille cnapshuime eagraíochta idir-rialtasáí dar luach EUR 30 000, i gcás Breathnóra, agus i gcás n-ardán aitheanta.

Tábla 1

TÁILLÍ COMHALTAIS BLIANTÚLA

Comhaltaí	Táille (mílte EUR)
An Bhulgáir	39
Poblacht na Seice	47
An Danmhairg	58
An Fhionlainn	61
An Fhrainc	103
An Iodáil	92
Táillí na tíre in aghaidh na bliana	400
Eagraíocht idirnáisiúnta [CIHEAM]	35
Táillí iomlána na gComhaltaí	435
Breathnóir na Beilge	30
Táillí iomlána in aghaidh na bliana (Comhaltaí + Breathnóir)	465

Tábla 2

BUISEAD BLIANTÚIL NA LÁRIONAD SEIRBHÍSE AGUS RANNÍOCAÍOCHT PHRÉIMHE AN ÓSTAIGH.

Buiséad na lárionad seirbhíse (mílte EUR)			Ranníocaíocht phréimhe an óstaigh (mílte EUR)
Mol	360	40 %	174
TC	207	23 %	100
ISC	117	13 %	57
DMC	216	24 %	104
Iomlán	900		435

Tábla 3

BUISEAD AnaEE-ERIC

Comhalta	Táille chomhaltais (mílte EUR)	Ranníocaíocht phréimhe an óstaigh (mílte EUR)	Ranníocaíocht iomlán (mílte EUR)
An Bhulgáir	39	0	39
Poblacht na Seice	47	57	104
An Danmhairg	58	100	158
An Fhionlainn	61	0	61
An Fhrainc	103	174	277
An Iodáil	92	104	196
CIHEAM	35	0	35
An Bheilg	30	0	30
IOMLÁN			900

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

23 Feabhra 2022

(2022/C 88/02)

1 euro =

Airgeadra		Ráta malairte	Airgeadra		Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,1344	CAD	dollar Cheanada	1,4394
JPY	yen na Seapáine	130,58	HKD	dollar Hong Cong	8,8529
DKK	krona na Danmhairge	7,4388	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6679
GBP	punt steirling	0,83463	SGD	dollar Shingeapór	1,5253
SEK	krona na Sualainne	10,5658	KRW	won na Cóiré Theas	1 350,23
CHF	franc na hEilvéise	1,0431	ZAR	rand na hAfraice Theas	17,0508
ISK	króna na hÍoslainne	141,20	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,1669
NOK	krona na hIorua	10,0335	HRK	kuna na Cróite	7,5362
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinése	16 270,12
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,473	MYR	ringgit na Malaesia	4,7480
HUF	forint na hUngáire	357,25	PHP	peso na nOileán Filipíneach	57,980
PLN	zloty na Polainne	4,5481	RUB	rúbal na Rúise	90,8791
RON	leu na Rómáine	4,9468	THB	baht na Téalainne	36,601
TRY	lira na Tuirce	15,6871	BRL	real na Brasaíle	5,6808
AUD	dollar na hAstráile	1,5592	MXN	peso Mheicsiceo	22,9079
			INR	rúipí na hIndia	84,6135

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10606 — MUBADALA / NATIONALE-NEDERLANDEN / HEALTHCARE ACTIVOS
MANAGEMENT / HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI / HEALTHCARE ACTIVOS
INVESTMENT / SEQUÊNCIALTERNATIVA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 88/03)

1. An 16 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Mubadala Investment Company (“MIC”, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha),
- Nationale-Nederlanden (“NN”, an Ísiltír),
- Healthcare Activos Management S.L. (“HAM”, an Spáinn),
- HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI S.A., (“HAY”, an Spáinn),
- Roinnt cuideachtaí réadmhaoine faoi úinéireacht HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT, S.A. (“HAISA Entities”, an Spáinn),
- Sequencialternativa S.A. (“SQA”, an Phortaingéil).

Faigheann MIC, NN agus HAM de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán maidir le Cumaisc comhrialú HAY, HAISA Entities agus SQA (le chéile, an “Spríoc”).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- i gcás MIC: infheistiú i réimse leathan earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear fuinneamh, fónais, réadmhaoín, tionscail agus seirbhísí bunúsacha. Tá infheistiúchtaí ina seilbh ag MIC in eintitis atá gníomhach i dtíortha éagsúla ar fud an domhain,
- i gcás NN: cuideachta idirnáisiúnta seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí scoir, pinsin, árachais, infheistiúchtaí agus baincúireachta,
- i gcás HAM: soláthar seirbhísí bainistíochta don Spríoc,
- i gcás na Sprice: sócmhainní réadmhaoine a fháil agus a léasú le haghaidh úsáidí cúraim sláinte, amhail clinicí, ospidéal, ionaid cúram príomhúil, tithé altranais agus institiúidí cúram meabhairshláinte. Tá sócmhainní na Sprice lonnaithe sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

(¹) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumasc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ^(?), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10606 — MUBADALA / NATIONALE-NEDERLANDEN / HEALTHCARE ACTIVOS MANAGEMENT / HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI / HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT / SEQUÈNCIALTERNATIVA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach/European Commission
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta/DG Competition
Clárlann na gCumasc/Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

^(?) IO L 366, 14.12.2013, lch. 5.

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/04)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA MODHNAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR A CHUR IN IÚL

“Haut-Médoc”

PDO-FR-A0710-AM04

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ A FHORMHEAS AGUS AR NA CÚISEANNA INA LEITH

1. Cód Geografach Oifigiúil

Nuashonraíodh liosta na mbardas ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil (*code officiel géographique*).

Níl aon athrú ar theorainneacha an limistéir.

Leasaíodh pointe 6 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

2. Limistéar críochaithe na dáileachta

Tá an dáta an 3 Meitheamh 2021 curtha le liosta cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha a d'fhorghnó limistéir chríochaithe na ndáileachtaí.

Is é is aidhm don leasú seo an dáta a chur isteach a d'fhorghnó an t-údarás náisiúnta ábhartha athruithe ar limistéar críochaithe na dáileachta laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar críochú ar dháileachtaí trí na dáileachtaí atá laistigh den limistéar geografach táirgthe atá oiriúnach chun na fíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint a tháirgeadh.

Ní dhéanfaidh na leasuithe seo difear don doiciméad aonair.

3. Iompar idir stórais údaraithe

Scríosadh pointe IX(5)(b) de Chaibidil I, maidir leis an dáta ónar féidir na fíonta a iompar idir stórais údaraithe.

Ní éilítear leis an leasú seo aon athrú ar an doiciméad aonair.

4. Tagairt don chomhlacht iniúchta

Athraíodh an tagairt don chomhlacht iniúchta chun é a ailíniú leis an bhfoclóocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirgí eile. Ní athraíonn sé seo ach an fhoclóocht agus níl aon leasuithe ar an doiciméad aonair mar thoradh air.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Haut-Médoc

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

TUAIRISC SCRÍOFA GHEARR

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Ní mór neart alcóil iomlán nach mó ná 13 % de réir toirte a bheith sna fíonta tar éis an tsaibhrithe.

Tá méid siúcra choiphigh (glúcós + fruchtós) níos lú ná 3 ghram in aghaidh an lítir nó comhionann le 3 ghram in aghaidh an lítir i ngach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó atá pacáistithe.

Maidir le gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó a dhéantar a phacáistiú roimh an 1 Deireadh Fómhair an bhliain i ndiaidh bhliain na buainte, tá cion aigéadachta luainí acu ar lú é ná 12.25 milleachobhéis in aghaidh an lítir (0.60 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar H₂SO₄) nó atá cothrom leis sin. Tar éis an dáta sin, níor cheart an cion aigéadachta luainí a bheith níos mó ná 16.33 milleachobhéis in aghaidh an lítir (0.80 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar H₂SO₄).

Tá cion SO₂ ag gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir ar lú é ná 140 milleagram in aghaidh an lítir, nó atá cothrom leis sin.

Tá cion aigéid mhalaigh ar lú é ná 0.20 gram in aghaidh an lítir nó atá cothrom leis sin ag gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó a dhéantar a phacáistiú.

Is fíonta dearga tainneacha socra iad na fíonta atá i gceist, fíonta dearga tainneacha a bhfuil dath dúdhearg orthu agus a bhfuil cáilíochtaí aosaithe den scoth acu. Is iondúil go ndéantar iad trí chumasc, agus is gnách gurb é Cabernet-Sauvignon N an príomhchineál fíonchaor. Tugann an cineál seo dea-bholaithe spíosúla do na fíonta, a chumascann le dea-bholaithe fanaile i bhfíonta arna n-aosú i mbairillí. Déantar fíonta tathagacha, boga as Merlot N le dea-bholaithe torthaí dearga, agus cuireann Cabernet Franc N agus Petit Verdot N le struchtúr agus castacht na bhfíonta (ag cur úire le blianta dea-aibíochta, i gcás Petit Verdot N).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Nearc alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachobhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachobhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fionóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

1. Dlús agus fad

Modh fáis

Is ionann agus 6 500 planda in aghaidh an heicteáir íosdlús plandála na bhfíniúnacha. Is ionann agus 1.80 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna, agus is ionann agus 0.80 méadar ar a laghad an spásáil idir phlandaí sa tsraith chéanna.

2. Rialacha prúnála

Modh fáis

Tá prúnáil éigeantach. Déantar é ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim Lorenz 9) ar a dhéanaí. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil de réir na dteicnící seo a leanas:

- prúnáil dhá chána, Guyot nó Médoc dúbailte, le cúig bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an chána;
- Guyot simplí agus Guyot measctha, le seacht mbachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna;
- gearrphrúnáil, feanphrúnáil go ceithre ghéag nó dhá chordón, agus 12 bachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna.

3. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear modhanna laghdaitheacha saibhrithe suas go dtí ráta tiúchana 15 %.

Tar éis an tsaibhrithe, ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán na bhfionta de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %.

5.2. Uastáirgeachtaí

1. 65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Buaintear na fionchaora agus déantar na fionta, próiseáiltear agus aosaítear iad sna bardais seo a leanas de chuid roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021: Arcins, Arzac, Avensan, Blanquefort, Castelnau-de-Médoc, Cissac-Médoc, Cussac-Fort-Médoc, Labarde, Lamarque, Listrac-Médoc, Ludon-Médoc, Macau, Margaux-Cantenac, Moulis-en-Médoc, Pempuyre, Pauillac, Le Pian-Médoc, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Estèphe, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Sauveur, Saint-Seurin-de-Cadourne, Sainte-Hélène, Soussans, Le Taillan-Médoc agus Vertheuil.

7. Príomhchineál(acha) fionchaor

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Petit Verdot N

8. Tuairisc ar an nasc (ar na naisc)

Clúdaíonn limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe “Haut-Médoc” bruach clé Garonne agus Gironde a shíneann amach ó cheirtleán uirbeach Bordeaux. Síneann an limistéar anonn thar beagnach 50 ciliméadar ó Le Taillan-Médoc sa deisceart go Saint-Seurin-de-Cadourne sa tuaisceart, agus timpeall dosaen ciliméadar ón oirthear go dtí an t-iarthar. Mar sin forluíonn an limistéar geografach go páirteach leis an sonrúchán tionscnaimh chláráithe “Médoc” agus baineann sé leis na bardais in aghaidh an tsrutha ó inbhear Gironde, agus sin a thug a ainm. Cuimsíonn an limistéar 28 bardas de chuid roinn Gironde.

Cé go bhfuil an aeráid Atlantach den chuid is mó, tá difríocht idir bruacha abhann “Haut-Médoc” agus na bardais in Médoc atá suite níos faide ó thuaidh sa mhéid is go mbíonn luaineachtaí séasúra agus báisteach níos measartha ann. Is ann do na dálaí aeráide fabhracha seo mar gheall ar láithreach an Aigéin Atlantaigh agus Gironde, a mbíonn éifeacht ag a n-uiscí maidir le teochtaí a rialáil.

Cruthaítear “iarmhairt sárbhliana” shuntasach mar thoradh ar an aeráid aigéanach, agus roinnt blianta bíonn tréimhsí báistí ann agus brú íseal san fhómhar, nó, a mhalairt ar fad, séasúir dhéanacha teo agus ghriannmhara. Baineann príomhthréithe an limistéir, áfach, thar aon rud eile leis an ngeolaíocht atá tipiciúil san imchuach dríodair seo, agus le sainstair gheolaíochta a chuid ithreacha, lena thírdhreach agus a thopagrafaíocht, agus le comhdhéanamh ithreach na bhfíonghort faoi láthair.

Tá cáil dhomhanda bainte amach ag fionta Médoc a bhuíochas do na glúnta de shaothróirí fíona a bhfuil dúshaothrú déanta acu ar shaintréithe speisialta na talún. Le himeacht ama, chuir eolas mionsonraithe na saothróirí fíniúna ar na hithreacha, agus úsáid shaineolach na dteicnící draenála chun a gcáilíocht a fheabhsú tuilleadh, ar a gcumas na modhanna fáis is fearr is féidir a fhorbairt chun fionta dearga a tháirgeadh a oireann don aosú. Níor athraigh dul chun cinn le déanaí maidir le sláinte plandaí agus meicniúchán fíonghort díonghbháilteacht na saothróirí fíniúna modhanna fáis a choimeád, ag ligean dóibh gnáthfhionta dearga a tháirgeadh lena mbaineann cáilíochtaí maithe coimeáda.

Go stairiúil, rinneadh “Haut-Médoc” as cineálacha éagsúla fionchaor a roghnaíodh mar gheall ar a n-oiriúnacht chun fionta a bhfuil cáilíochtaí coimeáda maithe acu a tháirgtear trí chumasc cúramach. Mar sin coimeádann saothróirí fíona Médoc cineálacha sainiúla fíniúna do chineálacha ar leith ithreach: Merlot N le haghaidh ithreacha snaíochaire, Carmenère N le haghaidh ithreacha bochta agus ithreacha gairbhéil tirime, Cabernet Franc N le haghaidh ithreacha cailcreacha nó ithreacha tirime gainmheacha, atá oiriúnach freisin don chineál Cot N, agus Petit Verdot N le haghaidh ithreacha donna láiste. Tagann rath ar Cabernet-Sauvignon N, an príomhchineál sa chumasc, in ithreacha doimhne gairbhéil.

Leis an gcineál seo ní mór bainistíocht roghnaíoch ar an bhfíonghort, i dtéarmaí an fad idir na sraitheanna a theorannú agus faireachán a dhéanamh ar an uasualach in aghaidh na dáileachta agus in aghaidh an phlanda.

Baineann clú agus cáil fhíonta “Haut-Médoc” go bunúsach lena n-aicmithe traidisiúnta éagsúla, eadhon “cru”, “Château” agus fionta ardchaighdeáin éagsúla. Sa bhliain 1647, nuair a d’eisigh “Jurade de Bordeaux” an chéad aicmiú ar fhíonta Guyenne sa stair, bhí cáil ar na fionta ó pharóistí Médoc cheana féin. Faoi Louis XV, rinneadh an t-aicmiú seo a scagadh de réir réigiúin, roinnte ar dtús de réir paróiste agus ansin de réir “cru”. Sa 19ú haois, ag Taispeántas Domhanda 1855, rinneadh aicmiú ar “crus” Bordeaux ar bhonn foirmiúil trí Aicmiú fionta Bordeaux.

Tá clú na bhfionta “Haut-Médoc” nasctha, i measc nithe eile, leis na cúig “crus aicmithe” a tháirgtear laistigh de limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh chlárthaite.

Sa 20ú haois, cuimsíodh 444 fíon arna n-aicmiú mar “cru” in aicmiú 1932 de chuid Médoc, agus bhain 153 díobh leis an sonrúchán tionscnaimh clárthaite “Haut-Médoc”.

Is fionta tainneacha iad fionta “Haut-Médoc” a bhfuil dath dúdhearg orthu, a dhéantar de ghnáth trí chineálacha éagsúla fionchaor a chumasc. Is é Cabernet-Sauvignon N, an príomhchineál go hiondúil, agus tugann sin na dea-bholaithe spíosúla don fhíon a théann an-mhaith leis na dea-bholaithe fanaile a tháirgtear trí aosú i mbairillí – modh a úsáidtear níos minice ná mar a úsáidtear don sonrúchán tionscnaimh clárthaite “Médoc”. Déanann an cineál Merlot N fionta tathagacha, boga le dea-bholaithe torthaí dearga. Feabhsaíonn Cabernet Franc N agus Petit Verdot N struchtúr agus castacht na bhfionta, ag cur le húire freisin i mblianta dea-aibíochta i gcás Petit Verdot N.

Déantar na fíniúnacha a bhainistiú ionas go dtáirgfear fionchaora an-aibí agus sláintiúla, agus táirgeacht rialaithe acu. Mar thoradh ar thréimhsí maothaithe fada táirgtear fionta níos tiubhaithe. Le haghaidh blas níos éadroime, tá sé riachtanach go ndéantar aosú ar feadh sé mhí ar a laghad. Tá cáilíochtaí aosaithe den scoth ag fionta “Haut-Médoc”.

9. Dálaí breise riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

Cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh na bhfionta, críoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021: Bégadan, Blaignan-Prignac, Civrac-en-Médoc, Couquèques, Gaillan-en-Médoc, Jau-Dignac-et-Loirac, Lesparre-Médoc, Naujac-sur-Mer, Ordonnac, Queyrac, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Yzans-de-Médoc, Valeyrac agus Vensac.

Limistéar in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

Cuimsítear sa limistéar ina aice láimhe, arna shainiú ag maolú ar phróiseáil agus aosú na bhfionta, críoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021: Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Les Artigues-de-Lussac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Ayguemorte-Les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Les Billaux, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Le Bouscat, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, La Brède, Brouqueyrac, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capiac, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelveil, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugiat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquèques, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Les Eglisottes-et-Chalaires, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Le Fieu, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleyssac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardegan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriaguac, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Le Haillan, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamothe-Landerron, La Lande-de-Fronsac, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Léogéats, Léognan, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligueux, Listrac-de-Durèze, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Lugaingnac, Lugasson, Lugon-et-l'Île-du-Carnay, Lussac, Madirac, Maransin, Marcenais, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrioux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Mouliets-et-Villemartin, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigeau, Neuffons, Le Nizan, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Les Peintures, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Le Pian-sur-Garonne, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondaurat, Porchères, Porte-de-Benauges, Portets, Le Pout, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Le Puy, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, La Réole, Rimons, Riocaud, Rions, La Rivière, Roaillan, Romagne, Roquebrune, La Roquille, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardès, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Côme, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguévives, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Ilac, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul,

Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guilleragues, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Sainte-Colombe, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Sainte-Radegonde, Sainte-Terre, Salaunes, Salleboeuf, Les Salles-de-Castillon, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, La Sauve, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soulac-sur-Mer, Soullignac, Soussac, Tabanac, Taillecavat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulenne, Le Tourne, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Valeyrac, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdélais, Le Verdon-sur-Mer, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac agus Yvrac.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Féadtar an t-aonad geografach níos leithne “Vin de Bordeaux-Médoc” nó “Grand Vin de Bordeaux-Médoc” a léiriú ar an lipéad.

Ní cheadaítear méid na litreacha a úsáidtear a bheith níos mó, ó thaobh airde ná leithead de, ná dhá thríán de mhéid na litreacha a léiríonn ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-3182161c-979d-466e-9a73-e1be118d74b0

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/05)

Foilsítear an teachtaireacht i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AG ATHRÚ AN DOICIMÉID AONAIR

“Islas Canarias”

PDO-ES-A1511-AM02

Dáta teachtaireachta: 25 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Mioncheartúchán ar ainm SFTC

Tuairisc:

Scríosadh an t-alt cinnte i Spáinnis, “*las*”, a tháinig roimh an ainm faoi chosaint.

Déanann an t-athrú sin difear do phointe 1 den tsonraíocht atá ann faoi láthair. Tá tionchar díreach aige ar na cásanna uile ina n-úsáidtear ainm STFC sa tsonraíocht. Ní dhéanann sé difear do phointe 1 den doiciméad aonair mar gheall go dtugtar an t-ainm faoi chosaint mar “Islas Canarias”. Mar sin féin, déanann sé difear do phointe 8 den doiciméad aonair, i ndáil le pacáistiú sa limistéar críocheithe, ina dtagann an t-alt cinnte roimh ainm an SFTC.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33. Ní fhéadfaí é a mheas mar leasú ar an ainm faoi chosaint mar tá sé le feiceáil i gclár an Aontais mar “Isalás [sic] Canarias” agus ní mar “Las Islas Canarias”. Ceartaíodh an tsonraíocht dá bhrí sin ionas go n-úsáidfeadh ainm ceart an SFTC, díreach mar a cláraíodh é, ar fud na sonraíochta, i.e. gan an t-alt “*las*”.

Cúiseanna:

Ní leasú ar an ainm faoi chosaint é an chéim sin mar gheall go bhfuil an t-ainm faoi chosaint le feiceáil i gclár an Aontais gan an t-alt “*las*”, a cuireadh san áireamh sa tsonraíocht trí thimpiste.

2. Cineál táirge a liostú de réir catagóire

Tuairisc:

Cumhdaíonn catagóir aonair, “Fíon”, na cineálacha éagsúla anois: fíonta geala, fíonta rosé, agus fíonta dearga faoi réir maothú carbónach. Leasaíodh ord liosta na dtáirgí chun ord na gcatagóirí i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leanúint: (1) Fíon, (3) Fíon licéir, (5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, (9) Fíon leathshúilíneach aeraithe, (16) Fíon ó fhíonchaora ró-aibí.

Déanann an t-athrú sin difear do phointe 2.1 den tsonraíocht atá ann faoi láthair. Déanann sé difear neamhdhíreach freisin do phointe 2 ag (a) “Saintréithe anailíseacha” agus (b) “Saintréithe orgánaileipteacha”, agus freisin ag pointe 3 ag (a) “Cleachtas fíoneolaíochta”, mír 2, maidir leis an ord ina liostaítear na táirgí, nach leanann ord na gcatagóirí a liostaítear thuas.

Fanann an doiciméad aonair gan athrú.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, I ch. 2.

Cúiseanna:

Ní athraíonn an dath (geal, rosé, dearg) ná an modh táirgeachta (maothú carbónach) an táirge, a fhanann i gcatagóir (1) “Fíon”, mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Athraíodh an t-ord d’fhonn an t-ord a leagtar amach i gCuid II a ghabhann le hIarscríbhinn VII a luadh cheana féin, agus i bpointe 2, “Catagóirí táirgí fíniúna”, den doiciméad aonair.

3. Athruithe sna teorainneacha le haghaidh aigéadacht luaineach agus aigéadacht iomlán

Tuairisc:

Ardáíodh an t-uasmhéid aigéadachta luainí, arna léiriú mar aigéad aicéiteach, d’fhíon ó fhíonchaora ró-aibí ó 1,08 gram in aghaidh an lítir go 1,60 gram in aghaidh an lítir. Maidir le fíon súilíneach, socraíodh an teorainn ag 1,08 gram in aghaidh an lítir.

Déanann an leasú difear don mhéid seo a leanas: pointe 2.2 [sic], “Tuairisc ar an bhfíon”, den tsonraíocht; an chéad phointe urchair [2].3, a chumhdaíonn uasmhéid aigéadachta luainí, arna léiriú mar aigéad aicéiteach; agus pointe 4, “Tuairisc ar an bhfíon (ar na fíonta)” den doiciméad aonair, sa roinn a bhaineann le fíon ó fhíonchaora ró-aibí agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán.

Sa tsonraíocht, socraíodh an íosteorainn maidir leis an gcion aigéadachta iomlán, arna léiriú mar ghraim d’aigéad tartarach in aghaidh an lítir, ag 4 ghrain in aghaidh an lítir go ginearálta, seachas fíon licéir agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí, a bhfuil sé socraithe ag 3,5 ghrain in aghaidh an lítir sna cásanna sin. Tá feidhm ag an eisceacht sin maidir le fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha atá os cionn 15 % toirte, agus neart alcóil iarbhír nach lú ná 13 % toirte, a rinneadh gan saibhriú, le halcól a thagann ón gcoipeadh amháin, i gcás inar féidir an sonrúchán roghnach “milis go nádúrtha” a thabhairt d’fhíonta den sórt sin faoi Airteagal 17 de, agus Iarscríbhinn a ghabhann le, Foraithe Ríoga 1363/2011 an 7 Deireadh Fómhair 2011, ag cur rialacha an Aontais maidir le lipéadú, cur i láthair agus sainaitheantú táirgí fíona áirithe chun feidhme.

Déanann an leasú seo difear do phointe 2.2 [sic] “Tuairisc ar an bhfíon”, roinn 4, don íosteorainn maidir le cion aigéadachta arna léiriú mar aigéad tartarach, sa tsonraíocht. Ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúiseanna:

Tá na leasuithe sin mar thoradh ar éifeachtaí an athraithe aeráide sa limistéar geografach. Léirítear leo na tosca nádúrtha ar a dtugtar tuairisc sa nasc: pointe 7 den tsonraíocht agus roinn 8 den doiciméad aonair.

Mar a léirítear sa tuairisc ar na tosca nádúrtha, cé go bhfuil oileánra na nOileán Canárach lonnaithe i lár limistéir fásaigh amach ó chósta iarthuaisceart na hAfraice, tá éagsúlacht iontach maidir le haeráidí le fáil sa limistéar mar gheall ar thosca iomadúla. Go háirithe, séideann na trádghaitha, a mbíonn go leor taise á iompar acu, ó cheann ceann na bliana a bheag nó a mhór, agus íslíonn siad sin na teochtaí. Toisc eile atá le fáil ann is ea an bháisteach bhliantúil íseal “thart ar 350 lítear in aghaidh an mhéadair chearnaigh, cé go mbíonn difríochtaí móra ann, bíonn níos lú ná 100 lítear in aghaidh an mhéadair chearnaigh ag limistéir [ar leith], agus bíonn beagnach 1 000 lítear in aghaidh an mhéadair chearnaigh ag limistéir eile”. [sic]

Breathnaíodh an toisc nádúrtha sin a bhaineann le báisteach íseal agus difríochtaí móra idir limistéir éagsúla ó bhí na 1980idí ann. Tháinig méadú ar fhad agus ar dhéine na dtréimhsí triomaigh, teochtaí foircneacha agus easpa uisce uiscithe leis freisin.

Leagadh é sin amach sa roinn maidir le “Cúiseanna” i ndrúcht dlí na nOileán Canárach maidir leis an Athrú Aeráide agus an tAistriú Fuinnimh, ar tháinig deireadh leis an tréimhse le haghaidh iniúchadh poiblí ina leith le déanaí (an 15 Eanáir 2021). Tá Ionad Taighde Atmaisféaraigh Izaña, in Tenerife, mar chuid den Chlár Domhanda um Fhaire an Atmaisféir. Ó bhí na 1980idí ann, breathnaíodh méadú ar an meánteocht a thairgead ar na hOileáin Chanáracha ag na stáisiúin faireacháin éagsúla. Tá an méadú is mó le feiceáil in Izaña, i bPáirc Náisiúnta Teide, in Tenerife, mar ní bhíonn an tionchar céanna ag an aigéan air ós rud é go bhfuil sé níos faide istigh faoin tír. Breathnaíodh méadú ar leibhéil na gcáithníní deannaigh freisin de thionscnamh mhór-roinn na hAfraice. Ar an gcaoi chéanna, díreann ar na héifeachtaí atá ag an athrú aeráide ar na hOileáin Chanáracha sna foilseacháin seo a leanas: “Canary Islands strategy to combat climate change, 2008–2015” [“Straitéis na nOileán Canárach chun an t-athrú aeráide a chomhrac, 2008–2015”] le Gníomhaireacht na nOileán Canárach don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don Athrú Aeráide; agus an staidéar “Key aspects for a plan for adapting the land-based biodiversity of the Canary Islands to climate change” [“Príomhghnéithe le haghaidh plean chun bithéagsúlacht thalamh-bhuanaithe ar na hOileáin Chanáracha a oiriúnú don athrú aeráide”] le J. L. Martín agus M. V. Marrero ó Pháirc Náisiúnta Teide, agus M. del Arco agus V. Garzón ón Roinn Bithéolaíochta Plandáil (Luibheolaíocht), Dámh Cógaisíochta, Ollscoil La Laguna, arna fhoilsiú ag an Aireacht um Aistriú Éiceolaíoch agus Dúshlán Déimeagrafach.

Tá méadú nádúrtha in aigéadacht fíonchaora a bhfuil cion siúcra airde acu, a tháirgeann fíonta le leibhéal ard alcóil go nádúrtha, mar thoradh ar éifeachtaí an athraithe aeráide ar fhad agus ar dhéine na dtriomach. Toradh eile a bhaineann leis an triomach is ea fíonchaora ró-aibí ar an bhfíniúin.

Maidir le fíonta ó fhíonchaora ró-aibí, moltar an uasteorainn le haghaidh aigéadachta, arna léiriú mar aigéad aicéiteach, a ardú dá bhrí sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Roinn C(3) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún. Ceadáíonn sé sin na Ballstáit le maoluithe a dheonú ó na teorainneacha le haghaidh fíonta ag a bhfuil neart iomlán alcóil de réir toirte ag 13 % toirte ar a laghad. Ar an gcaoi chéanna, maidir le fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte atá os cionn 15 % toirte, agus neart alcóil iarbhír atá 13 % toirte ar a laghad, a táirgeadh go heisiach trí na fíonchaora a choipeadh, moltar an maolú céanna a chur i bhfeidhm maidir leis an íoschion arna léiriú mar aigéad tartarach amhail fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí, agus é a shocrú ag 3,5 gram in aghaidh an lítir.

4. Athruithe ar shrianta a bhaineann le fíonóireacht

Tuairisc:

Bogadh an teorainn maidir le toradh fíona, is é sin 74 lítear in aghaidh gach 100 cileagram d'fhíonchaora, ón roinn maidir le “Cleachtas fíoneolaíochta” chuig an roinn maidir le “Srianta”.

I dtáirgeadh fíonta dearga sna catagóirí éagsúla faoi SFTC “Islas Canarias”, ní mór do 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ó cheann amháin nó níos mó de na cineálacha seo a leanas: Bastardo Negro-Baboso Negro, Cabernet Sauvignon, Castellana Negra, Listán Negro-Almuñeco, Listán Prieto, Malvasía Rosada, Merlot, Moscatel Negro, Negramoll, Pinot Noir, Ruby Cabernet, Syrah, Tempranillo, Tintilla, Vijariego Negro.

Déanann na hathruithe sin difear do phointe 3 den tsonraíocht agus pointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Bogadh an teorainn ar thoradh úsctha mar gheall gur srian atá ann agus gur cheart di dá bhrí sin a bheith sa roinn sin.

Tá an teorainn ar an íoschion cineálacha fíonchaora dearg i bhfíon dearg beartaithe chun déine an datha a chaomhnú mar shaintréith orgánaileipteach a bhaineann leis an gcuma atá air. Ní athraíonn an leasú seo an tuairisc ar an táirge.

5. Sainmhíniú ar na córais traenála agus córas nua a thabhairt isteach

Tuairisc:

Sainíodh gach ceann de na foirmithe fíniúna a liostaítear sa tsonraíocht – cuach, tródam, *parral* [peargóla] traidisiúnta agus *parral* íseal. Cuireadh sainmhíniú nua leis ar an bhfoirmiú traidisiúnta “*en rastras*”, cineál treilise ar línte le tacáí fúithi.

Déanann an leasú seo difear do phointe 3, “Cleachtas fíoneolaíochta shonracha”, i roinn 3 “Cleachtas shaothraithe”, agus do phointe 2 “Foirmiú agus treorú fíniúna” den tsonraíocht, chomh maith le pointe 5.1 “Cleachtas fíoneolaíochta fhíor-riachtanacha” den doiciméad aonair, sa roinn ar chleachtas saothraithe.

Is leasú caighdeánach é toisc nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Sainíodh gach ceann de na foirmithe fíniúna traidisiúnta a liostaítear sa tsonraíocht chun mearbhall a sheachaint i gcás ina n-úsáidtear an t-ainm céanna in áit éigin eile. Is é sin an cás maidir le “*cordón*” [traenáil le tródam], a thagraíonn, i limistéir fionsaothrúcháin eile, do chineál traenála ar shreanga, agus é sin éagsúil ón gcleachtas traidisiúnta ar na hOileáin Chanáracha. Ar an gcaoi chéanna, déantar an cineál traenála ar a dtugtar “*en vaso*” [cuachtraenáil] le cánaí go traidisiúnta ar na hOileáin Chanáracha, éagsúil ón gcaoi a ndéantar é i limistéir fionsaothrúcháin eile. Ós rud é gur sainmhíniú an dá fhoirmiú traidisiúnta sin, sainmhíniú na cineálacha eile freisin ar mhaithe le comhsheasmhacht. Cuireadh an foirmiú traidisiúnta “*en rastras*” leis agus sainmhíniú é. Tagraíodh dó mar a bheith fiúntach sa nasc (pointe 7(a) den tsonraíocht, faoi “Tosca daonna”); mar sin féin, níor luadh é ina dhiaidh sin faoi “Cleachtas saothraithe”, easnamh nach mór a cheartú.

6. Méadú san uasteorainn táirgeachta

Tuairisc:

Bhí méadú sa huasteorainn maidir le toradh cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir agus, dá dhroim sin, an toradh heictilítear den táirgeadh deiridh in aghaidh an heicteáir. Méadaíodh an teorainn ó 10 000 go 15 000 cileagram in aghaidh an heicteáir agus ó 74 go 111 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

Déanann an t-athrú sin difear do phointe 5, “Uasteorainn maidir le toradh”, den tsonraíocht, agus roinn 5, “Cleachtais maidir le fíon a dhéanamh”, den doiciméad aonair, ag fo-roinn 2 i ndáil le huasteorainneacha maidir le toradh.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Tá cineálacha fíonchaora ann atá níos torthúla i roinnt blianta i gcomparáid le blianta eile agus iad ag fás faoi thosca aeráide fabhracha. Cruthaíonn sé sin fadhbanna a bhaineann le toradh i gcás ina bhfuil an toradh sin ró-ard le sábháil chun fíon le STFC “Islas Canarias” a dhéanamh.

D'iarr saineolaithe ó na fíonlanna cleamhnaithe orainn arís agus arís eile lenár sonraíocht a leasú agus na huasteorainneacha maidir le toradh a mhéadú. Áitíonn siad nach n-íslítear cáilíocht na bhfíonchaor, agus nach ndéantar aon difear don cháilíocht, i gcás ina bhfuil torthaí níos airde ann.

Thairis sin, maidir le fíonghoirt le córais traenála seachas treilísiú, ní fhoráiltear i SIGPAC (córas aitheantais na Spáinne le haghaidh dáileachtaí talún) maidir le teorainneacha críche, agus mar thoradh air sin [tá gá] leis an achar dromchla atá á shaothrú a laghdú. Mar sin féin, fiú i gcás inar glacadh comhaontú réamh-bhuainte, faoina cheadaítear barraíocht suas le 25 % den teorainn a leagtar amach sa tsonraíocht, ní réiteach leordhóthanach é.

7. Cuireadh an cód NUTS le críochnú an limistéir

Tuairisc:

Cuireadh an cód NUTS le haghaidh na nOileán Canárach leis an tuairisc ar an limistéar críochnaithe.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Soiléiriú breise ar an limistéar críochnaithe.

8. Athruithe ar na cineálacha fíonchaoire

Tuairisc:

Baineadh an t-idirdhealú idir cineálacha molta agus údaraithe. Tá gach cineál údaraithe anois agus iad liostaithe in ord aibítreach, agus iad ar leithligh le haghaidh fíonchaor geal agus dearg. Is ar son na cúise céanna a bhfuil gach ceann de na cineálacha sa doiciméad aonair liostáilte mar phríomhchineálacha.

Cuireadh an cineál geal “Albillo Criollo” leis.

Déanann na hathruithe seo difear do phointe 6, “Cineálacha fíonchara”, den tsonraíocht agus roinn 7, “Príomhfíonchaora fíona”, den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Comhsheasmhacht leis an aicmiú a leagtar síos i Forairthne Ríoga 1338/2018, an 29 Deireadh Fómhair 2018, maidir le féidearthacht táirgeachta fíona, arna leasú le Forairthne Ríoga 558/2020, Iarscríbhinn XXI, roinn 5, lena baintear an t-idirdhealú idir [cineálacha] molta agus údaraithe, ag údarú gach cineál. Tá an t-idirdhealú atá ann sa liosta idir cineálacha geala agus dearga ann ar mhaithe le héascaíocht nuair atáthar ag dul i gcomhairle an liosta.

Is cineál traidisiúnta é Albillo Criollo a úsáidtear i dtáirgeadh STFC “Islas Canarias”. Bhí sé le feiceáil san Ord an 2 Bealtaine 2011 lena aithnítear an Fíon ar Ardchaighdeán ó na hOileáin Chanáracha, agus formheasadh é sna rialacha comhlachaithe faoi Airteagal 6 “Cineálacha fíonchaor”, i gcár ina n-aithnítear é faoin ainm “Albillo”. Mar sin féin, leasaíodh an pointe deireanach sin le hOrd an 21 Deireadh Fómhair 2011, d’fhonn é a dhéanamh comhsheasmhach le Forairthne Ríoga 461/2011 an 1 Aibreán 2011 ag leasú, i measc nithe eile, Forairthne Ríoga 1244/2008 an 18 Iúil 2008 maidir le féidearthacht táirgeachta fíona, inar baineann cineál “Albillo” ón liosta cineálacha a cheadaítear ar na hOileáin Chanáracha. Leasaigh Ord AAA/580/2014 an 7 Aibreán 2014 Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Forairthne Ríoga 1244/2008 réamhluaite. Tugadh isteach an cineál sin arís leis sin le haghaidh na nOileán Canárach, an uair seo leis an ainm “Albillo Criollo”. Is ar son na cúise sin, dul ar ais chuig bunús an STFC, ar cheart an cineál sin a chur san áireamh sa tsonraíocht. Ní athraíonn an leasú seo an tuairisc ar an táirge.

9. Focláíocht fheabhsaithe sa nasc

Tuairisc:

Feabhsaíodh an fhocláíocht sa nasc. Go sonrach, míníodh an nasc cúisíoch idir na tosca nádúrtha agus daonna, mar aon le saintréithe na bhfíonta le haghaidh gach ceann de na catagóirí.

Baineann an leasú seo le pointe 7 den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33. Ní dhéanann an leasú sin an nasc neamhbhailí ach feabhsaíonn sé an fhocláíocht amháin.

Cúis:

Éilítear le rialacha an Aontais tuairisc ar an nasc le haghaidh gach catagóirí a bhaineann le táirge a chumhdaítear le STFC. Mar sin féin, níor cuireadh an méid sin san áireamh sa leagan scríofa in 2011 don chéad sonraíocht don STFC sin. Soláthraítear deis chun é sin a cheartú leis an leasú sin ar an tsonraíocht.

10. Athruithe ar na rialacha lipéadaithe

Tuairisc

Cuireadh deireadh leis an teorainn maidir le méid na litreacha, is é sin idir 4 agus 10 milliméadar, nach mór d’ainm an STFC a bheith le feiceáil ar an lipéadú.

Baineadh na ranna inar luadh an bhliain buainte agus na cineálacha fíonchaor. Is sonraí roghnacha iad a leagtar síos i reachtaíocht Eorpach, gan aon sonraíocht ina shuítear rialacha níos dochta.

Baineadh na ranna a bhaineann leis na sonraí roghnacha “*fermentado en barrica*” [coipeadh i mbairillí], “*barrica*” [bairille] agus “*roble*” [dair]. Ciallaíonn sé sin gur baineadh na coinníollacha ón tsonraíocht a chuaigh thar rialacha náisiúnta a bhaineann leis na tagairtí réamhluaite, go sonrach: íos-thoilleadh na mbairillí (330 lítear) agus an ceanglas go gcaithfidh an fíon 3 mí ar a laghad iontu.

Déanann na hathruithe seo difear do phointe 8.2.8 den tsonraíocht agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Maidir le méid na litreacha, ní mheastar é a bheith riachtanach teorainneacha a shuí anuas orthu siúd a leagtar síos sna rialacha ginearálta.

Ní gá do sonraí roghnacha, amhail bliain agus cineál, a leagtar síos i reachtaíocht Eorpach agus atá infheidhmithe go ginearálta maidir le gach oibreoir gan beann ar stádas PDO/TGFC, a bheith le feiceáil sa tsonraíocht mura bhfuil aon choinníoll níos dochta maidir le húsáid leagtha síos.

Tá na sonraí roghnacha “*fermentado en barrica*”, “*barrica*” agus “*roble*” faoi réir rialacha ar leibhéal náisiúnta. Meastar na coinníollacha úsáide atá infheidhme ar fud na Spáinne a bheith mar a gcoinníollacha úsáide dá bhrí sin. Chun na téarmaí traidisiúnta “*noble*” [uasal] agus “*añejo*” [aosaithe] a úsáid, téarmaí a bhféadfaidh fíonta ag a bhfuil STFC nó TGFC a úsáid, tá tuilleadh uasta na mbairillí darach socraithe go dlíthiúil ag 600 lítear. Dá bhrí sin, níl aon chiall go bhfuil an toilleadh chun na sonraí roghnacha “*fermentado en barrica*”, “*barrica*” agus “*roble*” a úsáid (mar a fhéadfaidh fíonta ag a bhfuil STFC nó TGFC a úsáid) go bhfuil toilleadh na gcoimeádán teoranta do 330 lítear, ós rud é go

socraíonn Forairthne Ríoga 1363/2011 an 7 Deireadh Fómhair 2011, ag cur rialacha an Aontais maidir le lipéadú, cur i láthair agus aithint táirgí fíona áirithe chun feidhme, ag 600 lítear. Agus na coinníollacha níos dochta maidir le toilleadh bairille agus íosmhéid ama a chaitheann an fíon sa bhairille (ní shuítear íosmhéid ama leis an bhForairthne Ríoga réamhluaithe) á mbaint, tá na coinníollacha mar an gcéanna leis na coinníollacha ginearálta a leagtar síos i bhForairthne Ríoga 1363/2011. Ní gá dóibh a bheith le feiceáil sa tsonraíocht dá bhrí sin.

11. Aonaid gheografacha níos lú a chuimsiú

Tuairisc:

Cuireadh na haonaid gheografacha níos lú seo a leanas leis:

- a. Oileán Tenerife (Cód NUTS ES709) agus Oileán Fuerteventura (Cód NUTS ES704).
- b. Bardais

Ar oileán El Hierro: El Pinar, La Frontera agus Valverde;

Ar oileán Fuerteventura: Antigua, Betancuria, La Oliva, Pájara, Puerto del Rosario agus Tuineje;

Ar oileán Gran Canaria: Agaete, Agüimes, Artenara, Arucas, Firgas, Gáldar, Ingenio, La Aldea de San Nicolás, Mogán, Moya, San Bartolomé de Tirajana, Santa Brígida, Santa Lucía de Tirajana, Santa María de Guía, Valleseco, Valsequillo, Tejeda, Telde, Teror agus Vega de San Mateo;

Ar oileán La Gomera: Agulo, Alajeró, Hermigua, Vallehermoso agus Valle Gran Rey;

Ar oileán Lanzarote: Arrecife, Haría, San Bartolomé, Teguise, Tías, Tinajo agus Yaiza;

Ar oileán La Palma: Barlovento, Breña Alta, Breña Baja, El Paso, Fuencaliente, Garafía, Los Llanos de Aridane, Puntagorda, Puntallana, San Andrés y Sauces, Tazacorte, Tijarafe agus Villa del Mazo;

Ar oileán Tenerife: Adeje, Arafo, Arico, Arona, Buenavista del Norte, Candelaria, Fasnía, Garachico, La Guancha, Los Silos, Icod de los Vinos, Puerto de la Cruz, Los Realejos, El Rosario, El Sauzal, El Tanque, San Cristóbal de la Laguna, San Juan de la Rambla, Santa Úrsula, Santiago del Teide, Tegueste agus Vilaflor.

Chun a bheith in ann ainm an aonaid gheografaigh níos lú (oileán nó bardas) a úsáid ar an lipéad, ní mór don fhíon a bheith déanta go heisiata ó fhíonchaora a tháirgeadh san aonad geografach níos lú sin. Ní mór do tháirgeadh, aosú, i gcás inarb infheidhme, agus buidéalú a dhéanamh laistigh den aonad geografach sin freisin.

Níor cheart d'ainm an aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar an lipéad i gcarachtair atá níos mó ná sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint "Islas Canarias".

Déanann na hathruithe seo difear do roinn ii), "Forálacha breise a bhaineann le lipéadú", de phointe 8(c), "Forálacha breise", den tsonraíocht, agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Cuireadh ainmneacha na n-aonad geografach níos lú leis i gcomhréir le hAirteagal 120(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le hAirteagal 55 den Rialachán Tarmilgthe (AE) ón gCoimisiún. Cuireadh an léiriú "Tenerife" agus an fhoirm atá le húsáid ar lipéid san áireamh i gcomhréir le hOrd an 7 Meitheamh 1999 ón Aire Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaireachta agus Bia.

Rinneadh é sin chun freastal ar éileamh ó thomhaltóirí maidir le faisnéis faoi áit tionscnaimh shonrach na bhfionta. Tá sé mar fhreagra ar an díograis atá ag, agus ar éilimh ó na táirgeoirí, na saothróirí fíniúna agus na fionlanna chun a dtáirgí sonracha a chur i láthair ar an mbealach is fearr.

Eisíodh ainmneacha oileán nó bardas i gcás ina bhfuil siad mar ainmneacha geografacha atá cosanta ag STFC eile a bhaineann le fíon ar na hOileáin Chanáracha nó má tá ainmneacha den sórt sin lonnaithe iontu. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 103(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagail 28 agus 29 de Dhlí 6/2019 ar cháilíocht agraibhia.

Cuireadh coinníollacha san áireamh atá níos doichte ná na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33. Áiríodh sonraí leordhóthanacha maidir le cumha lipéadaithe sna [rialacha] ar lipéadú agus cur i láthair na dtáirgí, go háirithe mar thagairt do mhéid na litreacha agus a suíomh. Rinneadh amhlaidh chun catagóir agus tionscnamh na dtáirgí a shuí go soiléir agus so simplí, agus d'fhonn aon mhearbhall a d'fhéadfadh a bheith ar chustaiméirí a sheachaint.

12. **Sonraí maidir le comhlachtaí rialála a chuimsiú**

Tuairisc:

Cuireadh nasc chuig na comhlachtaí rialaithe ar a tharmligean an t-údarás inniúil cúraimí a bhaineann le rialú agus le deimhniú táirge, i gcomhréir le Forathne 39/2016 an 25 Aibreán 2016.

Déanann an t-athrú sin difear do pointe 9(a) “Údaráis agus comhlachtaí rialaithe inniúla” den tsonraíocht. Ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Ní mór go mbeadh na comhlachtaí rialaithe a dhéanann an táirge a dheimhniú, agus ar a tharmligean rialú na sonraíochta STFC sin a bheith san áireamh sa tsonraíocht.

13. **Feabhsuithe ar an tuairisc ar na rialuithe**

Tuairisc:

Cuireadh na modhanna a éilítear ar an gcomhlacht rialaithe a úsáid leis, agus iad mar a leanas.

Déanann an comhlacht rialaithe measúnú ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht seo bunaithe ar iniúchtaí tosaigh agus iniúchtaí eile ina dhiaidh sin ar shaoráidí na fíonlainne, ar bhonn bliantúil ar a laghad, bunaithe ar an liosta de chúraimí ar a dtugtar tuairisc.

Tá meascán de sheiceálacha randamacha bunaithe ar anailísiú riosca agus sampláil mar chuid de na seiceálacha a dhéantar ar choinníollacha fáis na bhfíniúnacha.

Tógtar samplaí le haghaidh na seiceálacha sin go córasach ag gach saoráid, agus tógtar samplaí randamacha ó stoic táirgí atá réidh le hól.

Déanann an leasú seo difear do phointe 9(b) “Cúraimí”, faoi cheannteideal (ii) “Modheolaíocht na seiceálacha”, den tsonraíocht. Fanann an doiciméad aonair gan athrú.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Chun Airteagal 25(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 [sic] a chomhlíonadh, airteagal ina leagtar síos nach mór na seiceálacha bliantúla a dhéanamh maidir le comhlíonadh na sonraíochta, agus nach mór seiceálacha den sórt sin a dhéanamh trí bhithin rialuithe randamacha atá bunaithe ar anailís riosca, trí shampláil nó go córasach. Féadfaidh rialuithe randamacha a mheascadh le rialuithe trí shampláil a dhéanamh.

14. **Leasuithe ar fhoclaíocht na sonraíochta nach ndéanann difear dá hábhar**

Tuairisc:

1. Leasuithe ar an leagan amach/ar an gcur i láthair

— Laistigh de ranna na sonraíochta (1, 2, 3, etc.), rinneadh na fó-ranna a ainmniú dá réir sin (2.2, 2.2.1, 2.2.2, etc.). Feabhsaíonn sé sin an t-ord agus soiléireacht an chur i láthair. A mhéid is féidir, laistigh de gach roinn agus gach fo-roinn, cuireadh liostaí le huimhreacha nó daiseanna in ionad na liostaí in ord aibítreach, agus cuireadh liostaí in ord aibítreach isteach in ionad na bhfo-ranna a bhfuil daiseanna rompu, d'fhonn comhsheasmhacht an chur i láthair a fheabhsú.

— Cuireadh an ceannteideal “Catagóirí” leis an tuairisc ar an bhfíon, roimh an liosta de na táirgí fíona. Athraíodh ord liosta na dtáirgí chun an t-ord a úsáidtear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leanúint.

- Leasaíodh an ceannteideal “Saintréithe anailíseacha” go “Saintréithe fisiciúla agus ceimiceacha”.
 - Sna fo-ranna maidir le saintréithe fisiciúla agus ceimiceacha, cuirtear na táirgí a bhí grúpáilte le chéile i láthair ar leithligh anois, chun an t-ord a úsáidtear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leanúint.
2. Atheagraíodh na ranna seo a leanas:
- An teorainn ar an toradh táirgeachta a bhí sa roinn ar chleachtais fíoneolaíochta sa tsonraíocht roimhe seo. Tá sé sa roinn maidir le srianta anois, agus an roinn sin níos oiriúnaí dó.
 - Liostaítear na cineálacha fíonchaoire in ord aibítreach, le liostaí ar leith ann le haghaidh fíonchaor dearg agus geal.
 - Uimhreacha 4 go dtí 10 faoin bhfo-cheannteideal b) “Ceanglais oibiachtúla” i bpointe 8, “Forálacha is infheidhme”, den tsonraíocht roimhe seo, agus iad faoin bhfo-cheannteideal “Ceanglais bhreise” anois, suíomh atá níos oiriúnaí. Sa suíomh nua sin, rinneadh iad a ghrúpáil de réir inneachair, agus tá uimhreacha agus ceanteidil leo. Ní athraíonn an t-atheagrú sin an t-inneachar atá iontu.
3. Rinneadh téarmaíocht a shoiléiriú, earráidí gramadaí agus comhréitigh a cheartú:
- Cuireadh an frása “fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán” isteach in ionad “fíonta súilíneacha”, i gcomhréir leis an ainm catagóire don táirge sin.
 - Cuireadh an frása “an Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint seo” isteach in ionad “an sonrúchán seo”.
 - Cuireadh an frása “Pobal Féinrialaitheach na nOileán Canárach” isteach in ionad “an Pobal Féinrialaitheach seo”.
 - Cuireadh “Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint Islas Canarias” nó “Islas Canarias” isteach in ionad an fhrása “Fíon ar ardchaighdeán ó na hOileáin Chanáracha”, mar is é sin an t-ainm cosanta.
 - Cuireadh an frása “an tsonraíocht seo” isteach in ionad an fhrása “na sonraíochtaí seo” (mar shampla, ag 3(a)(2) agus 8(b)(3)(a) den tsonraíocht roimhe seo).
 - Cuireadh nath “beidh sé le haghaidh” isteach in ionad “beidh sé de” (roinn 3(a)(2) den tsonraíocht roimhe seo) mar thagraíonn sé do neart nádúrtha na mbaisceanna nó na lastaí a tháirgtear, le tagairt do na [catagóirí] fíonta a liostaítear thíos.

Déanann na hathruithe sin difear do phointí éagsúla den tsonraíocht agus den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar ní chomhlíonann sé aon cheann de na critéir a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Chun an fhoclaíocht a fheabhsú agus a shoiléiriú.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainmneacha

Islas Canarias

2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. Catagóirí táirgí fíniúna

1. Fíon
3. Fíon licéir
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
9. Fíon leathshúilíneach aeraithe
16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. Tuairisc ar na fionta

1. Fionta geala agus rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fionta geala: buí le beagán glais nó ómra. Déine cumhra mheasartha go hard agus dea-bholadh torthaíoch leis. Úr agus cothrom. Iarbhlas torthaíoch.

Fionta rosé: raon iomlán de dhathanna bándearga. Déine cumhra mheasartha go hard. Sainréith torthaíoch agus dea-bholadh torthaíoch. Measartha tathagach. Úr agus cothrom. Iarbhlas torthaíoch.

Sainréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomlán	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	200

2. Fionta dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fionta dearga: caordhearg le beagán corcairghoirm, déine idir meánach agus ard. Déine cumhra mheasartha go hard. Torthaí dearga glana. Blasta, tainníní meánacha, fada. Táirgeann an t-aosú níos faide fad níos faide agus méadaíonn sé na blasanna balsamacha agus spíosracha atá leis, agus forbraíonn sé an dath chuig dath an terracotta.

Sainréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	11,5
Íosmhéid aigéadachta iomlán	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	150

3. Fionta licéir

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fionta licéir soiléir agus geal, dath buí, cuma olach. Maidir leis an mboladh, baineann boladh dian leis atá cosúil le rísíní, spíosraí, péitseoga triomaithe agus na cineálacha sonracha. Ó thaobh an bhlaís i do bhéal de, tá sé ar nós veilbhite, cothrom agus dian, le hiarbhlas atá torthaíoch agus cumhachtach.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 200 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomlán	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Soiléir agus geal, dath buí, cuma olach. Maidir leis an mboladh, baineann dea-bholadh dian leo atá cosúil le rísíní, spíosraí, péitseoga triomaithe agus na cineálacha sonracha. Ó thaobh an bhlaís i do bhéal de, tá sé ar nós veilbhíthe, cothrom agus dian, le hiarbhlhas atá torthaíoch agus cumhachtach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomlán	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	26,6
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath buí idir éadrom agus órga air, geal, le boilgeoga beaga agus marthanacha. Maidir leis an dea-bholadh, tá sé glan agus torthaíoch. Agus é istigh sa bhéal, tá sé cothrom, úr, le hiarbhlhas torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomlán	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (ina mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)	185

6. *Fíon leathshúilíneach aeraithe*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta le boilgeoga follasacha. Tá dath buí ar na fíonta geala, tá raon leathan de dhathanna bándearga ar na fíonta rosé, agus tá dath scothdhearg corcairghorm ar na fíonta dearga. Maidir leis na dea-bholuithe, tá siad glan. Tá dea-bholuithe de thorthaí bána ar na fíonta geala. Tá dea-bholuithe de thorthaí dearga ar na fíonta rosé agus dearga. Maidir leis an mbias, baineann blas mór, cothrom agus úr leo, le hiarbhlás torthaíoch agus priocadh inbhraite na dé-ocsaíde carbóin.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomlán (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	9,5
Íosmhéid aigéadachta iomlán	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Uasmhéid iomlán dé-ocsaíde sulfair (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	150

5. **Cleachtais fíonóireachta**5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta áirithe*

Srianadh ábhartha maidir le fíonóireacht

Níor cheart don chóimheas lítear fíona in aghaidh gach 100 cileagram d'fhíonchaora a bheith níos airde ná 74 lítear.

Déantar na fíonta dearga trí choipeadh iomlán nó páirteach le tadhall leis an gcneas. Ní mór cineálacha dearga a bheith mar 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear, le gais orthu ní gan na gail a bhaint díobh roimhe.

Cleachtas saothraithe

Ní mó don íos-dlús plandaithe a bheith 800 planda in aghaidh an heicteáir. Tá eisceacht ann le haghaidh gabháltas traidisiúnta Lanzarote, i gcás ina gceadaítear teorainn íseal de 400 planda in aghaidh an heicteáir. Tá na córais traenála a úsáidtear oiriúnaithe do na tosca ithreach agus aeráide, agus tá siad beartaithe chun an cháilíocht is fearr agus is féidir a tháirgeadh. Úsáidtear córais traidisiúnta na nOileán Canárach: cuachtraenáil, *rastras*, traenáil le tródam, *parral* traidisiúnta, *parral* íseal agus malartaigh bhainteacha. Úsáidtear treilísiú freisin. Tá úsáid uiscithe rialaithe ag Ord an 17 Bealtaine 1999 maidir le huisciú fíonghoirt a tháirgeann fíonchaora chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh i réigiúin shonracha laistigh de chríocha Phobal Neamhspleách na nOileán Canárach.

Cleachtais fíoneolaíochta shonracha

Ní mór do neart alcóil nádúrtha íseal de gach baic d'fhíon a bheith 10 % toirte le haghaidh fíonta geala agus rosé. 11,5 % toirte le haghaidh fíonta dearga; 15 % toirte le haghaidh fíonta licéir; 17 % toirte le haghaidh fíona a rinneadh d'fhíonchaora ró-aibí; agus 10 % toirte le haghaidh fíonta súilíneacha aeraithe ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach aeraithe.

5.2. *Uastáirgeacht*

15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

111 heictíltear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéir gheografacha chríochaithe**

Tá críocha iomlána na nOileán Canárach (cód NUTS ES70) mar chuid den limistéar táirgthe le haghaidh fíonta den sonrúchán seo.

7. Príomhchineálacha fionchaor

ALBILLO CRIOLLO
BASTARDO BLANCO - BABOSO BLANCO
BASTARDO NEGRO - BABOSO NEGRO
BERMEJUELA - MARMAJUELO
BREVAL
BURRABLANCA
CABERNET SAUVIGNON
CASTELLANA NEGRA
DORADILLA
FORASTERA BLANCA
GUAL
LISTAN BLANCO DE CANARIAS
LISTAN NEGRO - ALMUÑECO
LISTÁN PRIETO
MALVASIA AROMÁTICA
MALVASÍA ROSADA
MALVASÍA VOLCÁNICA
MERLOT
MOSCATEL DE ALEJANDRÍA
MOSCATEL NEGROS
NEGRAMOLL
PEDRO XIMÉNEZ
PINOT NOIR
RUBY CARBERNET
SABRO
SYRAH
TEMPRANILLO
TINTILLA
TORRONTÉS
VERDELLO
VIJARIEGO BLANCO - DIEGO
VIJARIEGO NEGRO

8. Tuairisc ar na naisc

Soláthraíonn ithir bholcánach na n-oileán mianraí do na cineálacha fionchaoire éagsúla atá oiriúnach chun fíon a dhéanamh. Ar an gcúis sin, tá blasanna a bhaineann go sonrath le mianraí bolcánacha ar na fronta.

Na cleachtais saothraithe a luaitear, in éineacht leis na tosca a chuireann teorainn leis an táirgeacht mar a thuairiscítear thuas, feabhsaíonn siad cáilíocht na bhfomhar. Áiríthítear i measc na gcleachtas agus na dtosca sin: easpa uiscithe; fíonghoirt an-fhairsing i neart limistéar; fíniúnacha atá níos mó ná 80 bliain d'aois; agus flúirse na bhfíniúnacha a fhásann ag airde ard ar fhánaí crochta.

Baineann séasúr fáis fada agus aibiú mall le saothrú na bhfíniúnacha. Tá sé sin mar gheall ar na teochtaí an-seasmhach sa limistéar geografach. Níl aon bhaol ann go mbeidh sioc ann agus is beag an t-athrú teochta a bhíonn ann idir an geimhreadh agus an samhradh. Cruthaíonn gaotha aduaidh, nó trádghaotha, raon mór miocraeráidí, agus mar thoradh air sin bíonn codarsnachaí géara ann is féidir a bhrath [at achair] atá chomh beag le 100 méadar. Tá tionchar suntasach ag an séasúr fáis fada agus aibiú mall na bhfionchaor ar shaintréithe na bhfíonta, mar a léirítear sna samplaí seo a leanas.

- Tá neart cumhra maith ag na fionta geala le blasanna de thorthaí bána agus trópaiceacha, chomh maith le blasanna bláthanna agus balsamach. Tá siad cothrom, úr agus fada.
- Tá neart cumhra maith ag na fionta dearga le blasanna de thorthaí dubha, amhail sméara dubha, agus blasanna de ghlasraí agus mianraí atá cosúil le piobar dubh. Tá siad struchtúrtha, casta agus dea-chothromaithe. Tá boladh glan de thorthaí dearga, amhail sú talún agus sú craobh, ag na fionta rosé, le gnéithe bláthanna agus blasanna de ghlasraí ag nirt éagsúla, chomh maith le cothromaíocht cheart idir aigéadacht agus úire.
- I gcás fionta licéir, ciallaíonn líon mór na miocraeráidí a chruthaíonn an talamh, an ithir agus tionchar na dtrádghaotha nach éiríonn le cineálacha áirithe an chéim aibíochta is fearr a bhaint amach chun fionta atá milis go nádúrtha a tháirgeadh. Dá bhrí sin, úsáideadh alcól fiona go traidisiúnta chun na cineálacha fionta sin a tháirgeadh, fionta ag a bhfuil bolaidh úra agus a chuireann an cineál fiona i gcúimhne don duine a ólann iad. Éiríonn na fionta sin níos casta nuair a théann siad trí phróiseas aosaithe.
- Tá tionchar ag an séasúr fáis fada agus aibiú mall na bhfíonchaor ar an bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán, agus tugann na gnéithe sin neart cumhra, beocht sa bhéal agus deireadh torthaíoch dó.
- Tá na saintréithe a bhaineann leis an bhfíon leath-shúilíneach mar thoradh ar shéasúr fáis na fíniúna sa limistéar táirgthe agus mar gheall air sin is féidir fionta a tháirgeadh a bhfuil saintréithe leath-súilíneach acu. Ligeann an chomhsheasmhacht teochta sa limistéar agus an flúirse gréine do shéasúr fáis fada agus aibiú mall na bhfíonchaor. Cruthaíonn sé sin fionta boga atá an-torthaíoch a fhágann blas aigeanta i do bhéal.
- Maidir leis an bhfíon ó fhíonchaora ró-aibí, tá sé tábhachtach a thuiscint go ligeann an foirmiú fíniúna do thógáil na gréine agus áiríthíonn sé sin teocht aonfhoirmeach ar fud an phlána agus bíonn cothromaíocht foirfe ann dá bharr. Agus iad sa bhéal, faightear cothromaíocht iontach idir mílseacht agus aigéadacht leis na fionta sin.

9. Coinníollacha fíon-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht náisiúnta

An cineál choinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochnaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Mar gheall ar shaintréithe speisialta an táirge, agus an gá atá le cáil an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a chosaint, ní mór fionta STFC “Islas Canarias” a bhuidéalú i bhfíonlanna atá cláraithe sa chlár fíonlann comhfhreagrach amháin. Caillfidh an fíon an ceart an sonrúchán a úsáid mura gcomhlíontar an ceanglas sin.

Ní chríochnaíonn táirgeadh na bhfionta ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint le próiseas aistrithe an úrfhíona go fíon trí bhíthin coipeadh alcóil agus próisis bhreise eile. I gcodarsnacht leis sin, ba cheart an buidéalú a mheas mar an chéim deiridh i dtáirgeadh na bhfionta sin mar gheall go bhfuil cleachtais fíoneolaíochta eile mar chuid den phróiseas. Áirítear leo sin scagadh, cobhsú agus cineálacha beart ceartaitheach a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shaintréithe áirithe na bhfionta. Cé go bhféadfaí oibriúchán den sórt sin a dhéanamh lasmuigh den limistéar faoi chosaint, is mó is dócha go mbainfear na coinníollacha optamacha amach má dhéanann na fíonlanna iad laistigh den limistéar, agus an limistéar sin faoi rialú díreach na gcomhlachtaí rialaithe. Ní bhíonn an rathú céanna ann maidir le cáilíocht agus barántúlacht an fhíona le rialuithe a dhéantar lasmuigh den limistéar táirgthe i gcomparáid le rialuithe a dhéantar laistigh de. Is toisc shuntasach í buidéalú sa limistéar táirgthe chun an sonrúchán a chosaint nuair a chuirtear an táirge réamhphacáistithe ar an margadh don tomhaltóir deiridh. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfaí aon ionramháil a dhéanamh ar an táirge ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh sí difear a dhéanamh do cháilíocht agus gnéithe sonracha an táirge.

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht náisiúnta

An cineál choinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

- Ní mór go mbeadh na focail “*Denominación de Origen Protegida Islas Canarias*” le feiceáil go follasach ar na lipéid in éineacht leis an lógó atá cláraithe ag an údarás bainistíochta.
- Ní mór go mbeadh lipéid nó séalaí tánaisteacha atá eisithe ag an údarás bainistíochta ar an bpacáistiú. Ní mór na lipéid sin a ghreamaigh san fhíonlann ar bhealach go bhfuil siad infheicthe agus nach féidir iad a úsáid arís.
- Féadfar aonaid gheografacha níos lú (oileáin agus bardais) a lua ar an lipéad i gcás ina ndéantar an fíon ó fhíonchaora ón limistéar sin amháin, agus ina ndéantar an táirgeadh, an aosú, i gcás inarb infheidhme, agus an buidéalú sa limistéar sin freisin. Tá sé de chumhacht as an údarás bainistíochta lipéid aitheantais tánaisteacha sonracha a eisiúint. Ní mór go mbeadh tagairtí don aonad geografach níos lú a bheith ann i litreacha nach bhfuil níos mó ná na litreacha a úsáideadh do shonrúchán cosanta “Islas Canarias”.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

<https://www.gobiernodecanarias.org/cmsgobcan/export/sites/agp/icca/galerias/doc/calidad/Pliego-de-Condiciones-Islas-Canarias-modificado-1.pdf>

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/06)

Foilsítear an teachtaireacht i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA MODHNAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Rioja”

PDO-ES-A0117-AM09

Dáta teachtaireachta: 25 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. Toirmeasc ar phlandálacha measctha

Tuairisc:

Cuireadh toirmeasc ar phlandálacha ina bhfástar cineálacha éagsúla fíonchaora a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm Ordú an 2 Meitheamh 1976 – i gcás ina bhfuil sé dodhéanta, ar bhonn praiticiúil, na cineálacha éagsúla a bhuaib go hiomlán ar leithligh.

Leasaíodh Roinn 3(a)(1) den tsonraíocht táirge agus roinn 5(a) den doiciméad aonair dá réir sin.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé le haon cheann de na cineálacha a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

Cúiseanna:

Cuireadh toirmeasc ar na plandálacha measctha sin, plandálacha ina bhfuil cineálacha nach féidir a bhuaib ar leithligh, i ndáil le táirgeadh “Rioja” ó 1976 i leith, fíon a aithnítear mar fhíon STFC. Ciallaíonn an leasú sin go bhfuil an toirmeasc san áireamh sa chaighdeán iomchuí, i.e. an tsonraíocht táirge.

2. Tailte a aicmiú agus athruithe ar fhíonghoirt a thuairisciú

Tuairisc:

Sonraíodh go bhfuil Bord Rialála STFC “Rioja” freagrach as talamh a aicmiú sa limistéar táirgthe atá oiriúnach chun fíonghoirt a chur, agus chun athruithe a tharlaíonn mar gheall ar fhíonghoirt nua nó ar fhíonghoirt a athchuireadh agus mar gheall ar choinníollacha athruithe a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíontacht na sonraíochta táirge a thuairisciú.

Baineann an leasú seo le roinn 4 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé le haon cheann de na cineálacha a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

Cúiseanna:

Maidir leis an mBord Rialála, ina cháil mar chomhlacht bainistíochta agus monatóireachta ar STFC “Rioja”, ní mór dó tréithe na dtailte a fhíorú, ar tailte iad ar a bhfuil fíonghoirt le plandáil agus arb iad fíonchaora na bhfíonghoirt sin a fhéadfáir a úsáid i dtáirgeadh an fhíona faoi chosaint. Ní mór dó a fhíorú go gcomhlíontar an tsonraíocht le haon athrú a dhéantar ar na fíonghoirt sin.

3. Sainmhíniú ar aonaid gheografacha nua níos lú ar a dtugtar “fíonghoirt aonair”

Tuairisc:

Aithníodh roinnt aonad geografach níos lú, agus ainmníodh agus sainíodh iad sa tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú seo le roinn 4 den tsonraíocht táirge agus le roinn 6 den doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé le haon cheann de na cineálacha a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

Cúiseanna:

Faoi reachtaíocht an Aontais (Airteagal 55(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún), ní mór aonaid gheografacha bheaga a bheith dea-shainithe sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair.

4. Ceanglais is infheidhme maidir le saoráidí aosaithe

Tuairisc:

Maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le saoráidí ina bhfuil sé beartaithe na fionta a aosú, forlíonadh an tsonraíocht táirge chun iad a thabhairt san áireamh. i.e. ba cheart tonnchreatha a sheachaint, ní mór na saoráidí a bheith dea-aeráilte, agus tá feidhm ag teorainneacha teochta agus bogthaise. Ar an gcaoi chéanna, leagadh ceanglais síos maidir le híosleibhéil stoic, an t-íoslíon bairillí agus toilleadh na mbairillí.

Baineann an leasú seo le roinn 8(b)(10)(11) den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé le haon cheann de na cineálacha a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

Cúiseanna:

Leagadh síos ceanglais le haghaidh na saoráidí aosaithe chun críocha monatóireachta agus cáilíochta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm an táirge

Rioja

2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. Catagóirí táirgí fíniúna

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionta)

1. *Fíonta geala agus rosé (géara agus leath-ghéara)*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala: dath buí amhail tuí orthu le beagán de dhath an líoma-ghlais le feiceáil orthu, glan agus geal. Dea-bholadh torthaí glasa, bláthanna agus glasraí, dea-bholadh is gnách don chineál. Aigéadacht mheasarta le blas úr.

Fíonta rosé: dath bándearg dorcha orthu le blas sútha craobh (dath an bhradáin i gcás fionta “Crianza”), é geal, glan. Dea-bholadh torthaí dearga agus blasanna bláthacha. Cothromaíocht idir an aigéadacht agus na torthaí sa bhéal, le blas úr.

Sa dá chás, le linn an phróisis aosaithe déantar na dea-bholaithe a mheascadh le dea-bholaithe eile darach (fanaile, blasanna tóstáilte agus deataigh) agus leis an aigéadacht agus é measctha leis an adhmaid tóstáilte a thagann chun cuimhne.

* Bíonn an neart alcóil ag brath ar an bhfo-réigiún agus ar an aosú.

* So-ghalaitheacht níos mó i bhfíonta is mó ná 1 bhliain d'aois.

* Uasmhéid SO₂ 180 mg/l má tá siúcra < 5 g/l.

* Maidir le haon teorainn nach gcumhdaítear, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	10,5
Méid aigéadachta iomlán íosta	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	240

2. Fíonta geala agus rosé (milse agus leathmhilse)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala: dath buí amhail tuí orthu le beagán de dhath an líoma-ghlais le feiceáil iontu, glan agus geal. Dea-bholadh torthaí glasa, bláthanna agus glasraí, dea-bholadh is gnách don chineál. Aigéadacht mheasartha, blas úr agus milis sa bhéal ag brath ar an gcineál.

Fíonta rosé: dath bándearg dorcha orthu le blas sútha craobh (dath an bhradáin i gcás fíonta “Crianza”), é geal, glan. Dea-bholadh torthaí dearga agus blasanna bláthacha. Cothromaíocht idir aigéadacht/torthaí, mothú úr agus milis sa bhéal ag brath ar an gcineál.

Sa dá chás, le linn an phróisis aosaithe déantar na dea-bholaithe a mheascadh le dea-bholaithe eile darach (fanaile, blasanna tóstáilte agus deataigh) agus leis an aigéadacht agus é measctha leis an adhmaid tóstáilte a thagann chun cuimhne.

- * Bíonn an nearc alcóil ag brath ar an bhfo-réigiún agus ar an aosú.
- * So-ghalaitheacht níos mó i bhfíonta is mó ná 1 bhliain d’aois.
- * Uasmhéid SO₂ 180 mg/l má tá siúcra < 5 g/l.
- * Maidir le haon teorainn nach gcumhdaítear, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomlán (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	240

3. Fíonta dearga (géara agus leath-ghéara)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá dath corcra ar fhíonta óga agus ton corcairghorm le feiceáil iontu freisin. Tá dath marúin agus caordhearg ar fhíonta “Crianza”. Tá dath caordhearg ar fhíonta “Reserva” le beagán de dhath an rúibín le feiceáil iontu. Tá dath an rúibín ar fhíonta “Gran Reserva” agus ton donnrua le feiceáil iontu freisin. Cumhracht: dea-bholaithe láidre torthaíocha, bláthacha, dea-bholaithe an chineáil, le dea-bholaithe adhmaid darach tóstáilte i gcás fíonta “Crianza”. Tá fíonta “Reserva” agus “Gran Reserva” níos casta agus tá dea-bholaithe spíosracha leo. Blas: blasta le cothromaíocht sa chion aigéadacht/acól/tainnin. Tagann feabhas ar an míne le haosú agus síntear an mharthanacht sa bhéal freisin.

- * Braitheann na teorainneacha maidir le neart alcóil ar an limistéar agus ar an aosú.
- * Aigéadacht luaineach: fíonta géara is mó ná 1 bhliain d'aois 1 g/l suas le 10 % toirte agus 0.06 g/l le haghaidh gach céim alcól os cionn 10 % toirte.
- * SO₂: uasmhéid 140 mg/l má tá siúcra < 5 g/l.
- * Maidir le haon teorainn nach gcumhdaítear, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomlán (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	180

4. Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (geala nó rosé)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon a scaoileann dé-ocsaíd charbóin go leanúnach, agus í le feiceáil mar bhoilgeoga beaga nuair a dhoirtear é.

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, amhail an bunfhíon tar éis an chéad choipthe, bíonn sé geal gan aon cháithnín ar fuaidreamh ann, agus bíonn imireacha éagsúla idir bhuí agus bhándearg ann.

Tá dea-shaintréithe na húire agus na dtorthaí ina dhea-bholadh, agus an chastacht ann de thoradh gur fhan sé ar an moirt le linn an dara coipthe. Is suntasaí an tsaintréith sin i gcás fíonta “Reserva” agus “Gran Añada”. Ní mór dó a bheith saor ó fhabhtanna, iad siúd ar de thoradh ocsaídithe nó dí-ocsaídithe iad go háirithe.

- * Maidir le haon teorainn nach gcumhdaítear, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.
- * Neart alcóil iarbhír uasta: 13 %

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	11
Aigéadacht iomlán íosta	5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	10,83
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomlán (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	140

5. Cleachtais maidir le fíonóireacht

5.1. Cleachtais fíoneolaíochta áirithe

Cleachtas saothraithe

Meastar go dtosaíonn fíonghoirt ar an táirgeadh ina gceathrú timthriall fáis (nó roimhe sin, faoi réir údarú).

Tá toirmeasc ar phlandálacha measctha, ar plandálacha iad ina bhfuil cineálacha nach féidir a bhuaire go hiomlán ar leithligh óna chéile, seachas i gcásanna áirithe.

Dlús: íosmhéid 2 850– uasmhéid 10 000 fíniúin/ha.

Córais phrúnála/threoraithe: cuachphrúnáil agus modhanna malartacha, tródam dúbailte, slat agus ordóg, tródam aonair nó aontaobhach, Guyot dúbailte (li gcás Chardonnay, Sauvignon Blanc, Verdejo, Maturana Blanca, Tempranillo Blanco agus Turruntés amháin).

Uaslód: 12 bhachlóg in aghaidh na fíniúna; 16 le haghaidh cineálacha geala a luaitear agus 14 le haghaidh Garnacha. Eisceachtaí féideartha.

Uisciú: cheadaítear é idir an 15 Lúnasa agus an fómhar nach n-úsáidtear ach córas logánta ann agus faoi réir fógra i scríbhinn a chur isteach 24 uair an chloig roimh ré; cheadaítear an spré-uisciú má thugtar cead; tá toirmeasc ar mhodhanna eile.

I gcás fionta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní mór na fionchaora a bhuaire de láimh (tá toirmeasc ar bhuaire mheicniúil).

Cleachtas fíoneolaíochta sonrath

Cion cineálacha de réir an chineáil fiona:

DEARG: íosmhéid 95 % de chineálacha dearga má bhaintear na gais de na fionchaora agus 85 % i gcás ina bhfuil siad ina gcrobhaingí iomlána.

GEAL: 100 % fionchaora geala.

ROSÉ: íosmhéid 25 % fionchaora dearga.

FÍONTA SÚILÍNEACHA AR ARDCHAIGHDEÁN (GEALA AGUS ROSÉ): le fionchaora geala agus/nó dearga. Ní mór íosmhéid 25 % fionchaora dearga a bheith i bhfionta rosé.

Ní mór an meascadh roghnach maidir le dathanna fionchaora a dhéanamh tar éis seachadta.

Saintréithe na bhfionchaora: folláin le híosláidrecht nádúrtha 11 % toirte i gcás fionta dearga, 10,5 % toirte i gcás fionta geala agus 9,5 % toirte i gcás fionta súilíneacha ar ardchaighdeán.

Toradh próiseála uasta:

- 70 lítear in aghaidh 100 kg arna bhuaire i gcás fionta. D'fhéadfadh sin a bheith éagsúil laistigh de theorainneacha áirithe i gcásanna eisceachtúla.
- 62 lítear in aghaidh 100 kg arna bhuaire i gcás fionta súilíneacha ar ardchaighdeán. D'fhéadfadh sin a bheith éagsúil laistigh de theorainneacha áirithe i gcásanna eisceachtúla.
- 65 lítear in aghaidh 100 kg arna bhuaire i gcás fionta a mbeidh an tásca “*viñedo singular*” (fíonghort aonair) orthu. Ní cheadaítear aon athrú air sin.

Srianadh ábhartha maidir leis na fionta a dhéanamh

Toirmeasctar:

- Úsáid a bhaint as codáin úrfhíona nó fiona a fuarthas trí bhrú neamh-leordhóthanach a úsáid i bhfionta faoi chosaint
- Úsáid a bhaint as scríúfháisceáin leanúnacha nó as meaisíní mionbhrúite le gníomh lártheifeach, fionchaora a théamh roimh ré nó úrfhíon nó fion a théamh i láthair an mhairc d'fhonn eastóscadh an ábhair dhathaithe a fhórsáil
- Úsáid a bhaint as píosaí adhmaid darach sa táirgeadh, san aosú agus sa stóráil
- Cineálacha éagsúla fiona a chumascadh chun fion atá éagsúil ó na fionta cumaiscthe a fháil

Dálaí fíonóireachta sonracha:

- Coipeadh i mbairillí: i gcás fionta geala agus rosé amháin, nach mór fanacht istigh sa bhairille go ceann mí amháin ar a laghad.
- Maothú carbónach: is é 5 % an t-uaschéatadán fionchaora geala a cheadaítear i dtáirgeadh fionta dearga má baineadh na gais de na fionchaora agus 15 % i gcás ina bhfuil siad ina gcrobhaingí iomlána.
- Fíon súilíneach ar ardchaighdeán: de réir an mhodha thraidisiúnta. 15 mhí as a chéile idir buidéalú agus dímhóirtú, iad istigh sa bhuidéal céanna. Tarlaíonn an próiseas táirgeachta iomlán, lena n-áirítear lipéadú, ag an bhfíonlann céanna. Sa dara coipeadh, níor cheart an neart alcóil iarbhír a bheith níos airde ná 1.5 % toirte. Níor cheart don licéar dáileogachta an neart alcóil iarbhír a mhéadú níos mó ná 0.5 % toirte. Tar éis dímhóirtú, ní cheadaítear aistriú gan scagachán chuig buidéal ghloine ina bhfuil toilleadh is lú ná 0.75 l ná níos mó ná 3 l. Tá toirmeasc ar aigéadú agus ar an dath a bhaint.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fionchaor dearg
6 500 cileagram fionchaora in aghaidh an heicteáir
2. Cineálacha fionchaor dearg
45,5 heictilítear in aghaidh an heicteáir
3. Cineálacha fionchaor geal
9 000 cileagram fionchaora in aghaidh an heicteáir
4. Cineálacha fionchaor geal
63 heictilítear in aghaidh an heicteáir
5. Fionchaora dearga atá beartaithe chun fíon “*viñedo singular*” (fíonghort aonair) a tháirgeadh
5 000 cileagram fionchaora in aghaidh an heicteáir
6. Fionchaora dearga atá beartaithe chun fíon “*viñedo singular*” a tháirgeadh
32.5 heictilítear in aghaidh an heicteáir
7. Fionchaora geala atá beartaithe chun fíon “*viñedo singular*” a tháirgeadh
6 922 cileagram fionchaora in aghaidh an heicteáir
8. Fionchaora geala atá beartaithe chun fíon “*viñedo singular*” a tháirgeadh
44,99 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéir gheografacha chríochaithe**

RIOJA ALTA

Pobal Féinrialaitheach Rioja

Ábalos

Alesanco

Alesón

Anguciana

Arenzana de Abajo

Arenzana de Arriba

Azofra

Badarán

Bañares

Baños de Río Tobía

Baños de Rioja

Berceo

Bezares

Bobadilla

Briñas

Briones

Camprovín

Canillas

Cañas

Cárdenas

Casalarreina

Castañares de Rioja
Cellórigo
Cenicero
Cidamón
Cihuri
Cirueña
Cordovín
Cuzcurrita de Río Tirón
Daroca de Rioja
Entrena
Estollo
Fonca
Fonzaleche
Fuenmayor
Galbárruli
Gimileo
Haro
Hervías
Herramélluri
Hormilla
Hormilleja
Hornos de Moncalvillo
Huércanos
Lardero
Leiva
Logroño
Manjarrés
Matute
Medrano
Nájera
Navarrete
Ochánduri
Ollauri
Rodezno
Sajazarra
San Asensio
San Millán de Yécora
San Torcuato
San Vicente de la Sonsierra
Santa Coloma
Sojuela
Sorzano

Sotés
Tirgo
Tormantos
Torrecilla sobre Alesanco
Torremontalbo
Treviana
Tricio
Uruñuela
Ventosa
Villalba de Rioja
Villar de Torre
Villarejo
Zarratón
Cúige Burgos (Miranda de Ebro): El Ternero (iamhchríoch)
RIOJA ORIENTAL
Pobal Féinrialaitheach Rioja
Agoncillo
Aguilar del Río Alhama
Albelda
Alberite
Alcanadre
Aldeanueva de Ebro
Alfaro
Arnedillo
Arnedo
Arrúbal
Ausejo
Autol
Bergasa
Bergasilla
Calahorra
Cervera del Río Alhama
Clavijo
Corera
Cornago
El Redal
El Villar de Arnedo
Galilea
Grávalos
Herce
Igea
Lagunilla de Jubera
Leza del Río Leza

Molinos de Ocón
Murillo de Río Leza
Muro de Aguas
Nalda
Ocón (La Villa)
Pradejón
Préjano
Quel
Ribafrecha
Rincón de Soto
Santa Engracia de Juberá (an chuid thuaidh)
Santa Eulalia Bajera
Tudelilla
Villamediana de Iregua
Villarroya
Pobal Féinrialaitheach Navarre
Andosilla
Aras
Azagra
Bargota
Mendavia
San Adrián
Sartaguda
Viana
RIOJA ALAVESA
Cúige Álava
Baños de Ebro
Barriobusto
Cripán
Elciego
Elvillar de Álava
Labastida
Labraza
Laguardia
Lanciego
Lapuebla de La barca
Leza
Moreda de Álava
Navaridas
Oyón
Salinillas de Buradón
Samaniego
Villabuena de Álava

Yécora

Na fíonghoirt atá lonnaithe i mbaras Lodosa ar bhruach deas an Ebro agus a cuireadh ar chlár fíonghort an Bhoird an 29 Aibreán 1991, fanfaidh siad cláraithe a fhad is ann dóibh.

Aon fhíonghort atá cláraithe ar an gclár fíonghort, ní bhainfear den chlár sin é de thoradh aon athrú ar theorainneacha bardais atá sa limistéar táirgeachta.

Áirítear leis an limistéar táirgeachta aonaid gheografacha bheaga atá aitheanta mar “*viñedos singulares*” (fíonghoirt aonair). Tá siad seo níos lú ná bardas agus d’fhéadfadh fearann chlár talún amháin nó roinnt fearann chlár talún a bheith iontu. Ní mór do na fíniúna a bheith 35 bhliain d’aois ar a laghad.

Tá na fíonghoirt aonair aitheanta críocheithe san Iarscríbhinn a ghabhann le hOrdú APA/816/2019 an 28 Meitheamh 2019 (*Iris Oifigiúil an Stáit* 181 an 30 Iúil 2019) (<https://www.boe.es/boe/dias/2019/07/30/pdfs/BOE-A-2019-11186.pdf>), san Iarscríbhinn a ghabhann le hOrdú APA/780/2020 an 3 Lúnasa 2020 (*Iris Oifigiúil an Stáit* 214 an 8 Lúnasa 2020) (<https://www.boe.es/boe/dias/2020/08/08/pdfs/BOE-A-2020-9446.pdf>), san Iarscríbhinn a ghabhann le APA/468/2021 an 5 Bealtaine 2021 (*Iris Oifigiúil an Stáit* 115 an 14 Bealtaine 2021) (<https://www.boe.es/boe/dias/2021/05/14/pdfs/BOE-A-2021-8011.pdf>) agus sa Cheartúchán a ghabhann le hOrdú APA/468/2021 an 5 Bealtaine 2021 (*Iris Oifigiúil an Stáit* 137 an 9 Meitheamh 2021) (<https://www.boe.es/boe/dias/2021/06/09/pdfs/BOE-A-2021-9611.pdf>).

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

ALARIJE - MALVASÍA RIOJANA

ALBILLO MAYOR - TURRUNTÉS

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

GRACIANO

MACABEO - VIURA

MATURANA BLANCA

MATURANA TINTA

MAZUELA

SAUVIGNON BLANC

TEMPRANILLO

TEMPRANILLO BLANCO

VERDEJO

8. **Tuairisc ar an nasc / na naisc**

8.1. *Fíon*

Baineann saintréithe áirithe le fíonta a dhéantar ó fhíonchaora a fhástar in Rioja Alta mar gheall ar an tionchar uathúil atá ag an aeráid Atlantach, rud a chruthaíonn neart measartha alcóil, tathag agus aigéadacht ard iontu. Is mar gheall ar na cáilíochtaí sin atá na fíonta oiriúnach lena n-aosú i mbairillí. Is lú uaireanta an chloig de sholas an lae a bhíonn sa limistéar i gcathreamh an timthrialla fáis le hais an limistéir atá níos faide ó dheas a chumhdaítear faoin sonrúchán. Bíonn níos mó báistí ann, agus imríonn sé sin tionchar díreach ar aigéadacht an fhíona. Leis na fachtóirí sin, in éineacht leis an gcosaint a fhaightear ó Sierra de Cantabria, cuirtear feabhas ar shaintréithe na bhfíonta ar a dtugtar tuairisc thuas, cibé acu fíonta aonair iad nó fíonta atá measctha le fíonta ó limistéir eile. I gcás limistéar Rioja Alavesa, de thoradh go dtagann an aeráid Atlantach agus an aeráid Mheánmhara le chéile ann, tá neart alcóil beagán níos airde ag na fíonta i gcomparáid leo siúd a luadh cheana. Tá aigéadacht beagán níos ísle iontu agus tá siad níos ilúsáidí mar is féidir iad a ól agus iad óg ach tá siad oiriúnach lena n-aosú freisin. Tá cosaint níos fearr sa limistéar ná mar atá in Sierra de Cantabria, ar an taobh thuaidh. Bíonn an líon uaireanta an chloig de sholas an lae comhchosúil lena mbíonn in Rioja Alta, ach is lú an bháisteach a bhíonn ann. Tá siad idéalach lena n-úsáid i dtáirgeacht fíonta measctha freisin mar gheall ar an ilúsáideacht a bhaineann leo. Ar deireadh, i gcás an limistéir is faide ó dheas, Rioja Oriental, tugaimid faoi deara gur lú an bháisteach a bhíonn ann agus gur aeráid na Meánmhara a bhíonn ann go sonrath, aeráid ar saintréith di an méid de sholas na gréine a bhíonn ann. Is mó an neart alcóil atá ag na fíonta sin, tá go leor úsc iontu agus tá siad idéalach lena meascadh chun fíonta a tháirgeadh a bheartaítear a aosú. Is féidir taitneamh a bhaint astu agus iad óg freisin.

Léirítear san anailís a rinneadh ar na hithreacha go bhfuil trí phríomhchineál ithreach ann. Ar an gcéad dul síos, faightear ithreacha créúla aolchloiche sa chuid is faide ó thuaidh den limistéar a chumhdaítear faoin sonrúchán. Is iad sin an acmhainn bhunúsach maidir le saothrú finiúnacha ar fud Rioja Alavesa agus Rioja Alta. Ansin, sa limistéar deireanach sin agus in Rioja Oriental, tá ithreacha gláracha agus ithreacha créúla, ithreacha atá lán le hiarann agus a dtáirgtear fionta iontu ina bhfuil tathag níos lú i gcomparáid leis na fionta a luadh cheana.

I dtéarmaí eacnamaíocha de, is 20 % de OTI an réigiúin atá san fhíon. Ciallaíonn sé sin, in éineacht leis an bhfíoras go bhfuil fíon á fhás sa réigiún ó thús an tsaol, go bhfuil an réigiún ag brath ar inbhuaineacht fionsaothrúcháin agus go mbaintear an tairbhe iomlán as na dálaí nádúrtha ar ar tugadh tuairisc. Go háirithe, tá speisialacht sa réigiún maidir le fionta a aosú, agus de thoradh na speisialtachta sin, tá an réigiún ar an áit is líonmhaire bairillí darach ar domhan.

8.2. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Cé go mbaineann an sonrúchán go príomha le fionta gan súilíní a tháirgeadh, mar sin féin tá fionta súilíneacha ar ardchaighdeán á dtáirgeadh ag roinnt fionlann ón 19ú haois agus an modh traidisiúnta in úsáid acu, an oilteacht agus an taithí acu dá réir sin.

Is dhá phríomhghné iad úire agus aigéadacht i dtáirgeadh fionta súilíneacha ar ardchaighdeán. Tá an limistéar a chumhdaítear leis an sonrúchán laistigh de limistéar ina bhfaightear teochtaí níos fuaire ar scála Winkler. Cuireann sé sin leis na timthriallta fáis gairide a mbíonn an aibíocht fheanólach cheart mar thoradh orthu, aibíocht a bhíonn gan leibhéil arda nirt alcóil: gnéithe lena gcruthaítear túsphointe iontach chun na fionta sin a tháirgeadh.

9. Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fionta lena margu faoin sonrúchán tionscnaimh cáilithe “Rioja”, ní mór gur fionlanna cláraithe atá údaraithe ag an mBord Rialála a dhéanann iad a bhuidéalú. I ngach cás eile, ní bheidh cead acu an sonrúchán a úsáid.

Suíodh an ceanglas sin mar fhreagra ar an bhfíoras gur mó an riosca go gcuirtear isteach ar cháilíocht an táirge dheiridh más rud é go n-iompraítear agus go ndéantar é a bhuidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta i gcomparáid le hoibriúcháin a tharlaíonn laistigh den limistéar sin. Feidhmíonn an ceanglas chun dea-cháil fhíon Rioja a chosaint trína shaintréithe agus trína cháilíochtaí speisialta a neartú. Cosnaíonn sé an sonrúchán tionscnaimh cáilithe óna dtairbhíonn na táirgeoirí uile lena mbaineann. Deimhníodh an Cinneadh le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Bealtaine 2000.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an focal “RIOJA” a bheith le feiceáil go soiléir ar an lipéadú. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith le feiceáil díreach faoin bhfocal “RIOJA”: na focail “Denominación de Origen Calificada” (Sonrúchán Tionscnaimh Cáilithe); séala an Bhoird Rialála; an t-ainm branda; ainm nó ainm gnó fionlainne cláraithe nó ainm trádála.

Níor cheart na focail “bairille” ná “adhmad” a úsáid i margaíocht, i bpoiblíocht ná i lipéadú na bhfionta go dtí go gcríochnaítear an próiseas aosaithe.

Féadfar ainm limistéir nó bardais a úsáid más rud é gur ón áit sin a tháinig na fionchaora agus más rud é gur ansin a rinneadh an fíon a tháirgeadh, a aosú (más infheidhme) agus a bhuidéalú. Féadfaidh 15 % (uasmhéid) de na fionchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh teacht ó fhíonghoirt chláraithe atá lonnaithe i mbardais atá ar imeall an limistéir nó sa bhord ina bhfuil an t-oibreoir lonnaithe. Ní mór fianaise a sholáthar lena gcruthaítear go mbeidh an céatadán sin fionchaor ar fáil ar bhonn eisiach go ceann tréimhse 10-mbliana as a chéile ar a laghad.

I gcás fionta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní mór an nath “*Método Tradicional*” [Modh Traidisiúnta] a bheith le feiceáil díreach faoin téarma a thagraíonn don chion siúcra, i gclómhéid nach mó ná an chlómhéid a úsáideadh le haghaidh an ainm “Rioja”.

Ar an lipéad ar a bhfuil an fhaisnéis éigeantach, níor cheart clómhéid an natha “*Método Tradicional*” a bheith níos lú ná 0.3 cm.

Ní mór an téarma “*viñedo singular*” [fíonghort aonair] a bheith le feiceáil díreach faoi ainm an fhíonghoirt chláráithe mar thrádmharc, le clómhéid, leithead agus dath atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a úsáideadh le haghaidh an ainm “Rioja”.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Gan dochar don mhéid atá thuas, ní mór na híosccheanglais lipéadaithe a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 17(h)(4) de Dhlí 6/2015 an 12 Bealtaine 2015 maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha ar fhorleibhéal Phobal Féinrialaitheach a chomhlíonadh.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.mapa.gob.es/es/alimentacion/temas/calidad-diferenciada/dop-igp/htm/dop_rioja.aspx

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorpheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/07)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA LEASAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Crémant de Bordeaux”

PDO-FR-A0488-AM06

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. Cód Geografach Oifigiúil

Rinneadh na bardais sa cheantar geografach agus an limistéar in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta leis an gCód Geografach Oifigiúil.

Leasaíodh pointe 6 doiciméad aonair.

2. Cineálacha fionchaor

Cuireadh na cineálacha fionchaor Muscadelle B, Sauvignon B, Sauvignon gris G agus Semmillon B isteach chun fionta súilíneach rosé a tháirgeadh.

Bhí na cineálacha fionchaor sin i measc na gcineálacha fionchaor a úsáideadh chun fionta súilíneach geala a tháirgeadh.

I gcomhréir leis sin, cuireadh teorainn le húsáid na bhfionta geala in umair na bhfionta súilíneacha rosé.

Is féidir úire áirithe a thabhairt do na fionta, ach na cineálacha fionchaor sin a chur isteach, saintréithe orgánaileipteacha na bhfionta súilíneach rosé á gcaomhnú san am céanna.

Leis an leasú seo, ní mhodhnaítear an Doiciméad Aonair.

3. Forálacha agra-chomhshaoil

Cuireadh na forálacha agra-chomhshaoil seo a leanas leis an tsonraíocht:

Ní mór na fréamhstoic mharbha a bhaint amach as na dáileachtaí agus tá cosc ar aon stóráil fréamhstoc marbh ar na dáileachtaí.

Tá cosc ar shrianadh iomlán salachair ar na ndáileachtaí.

Déanann gach oibreoir a innéacs minicíochta cóireála (TFI) a ríomh agus a thaifeadadh.

Is éard a bheartaítear leis na leasuithe sin an t-éileamh sochaíoch i dtaca le laghdúithe ar úsáid táirgí cosanta plandaí agus an comhshaoil a chur san áireamh ar bhealach níos fearr.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis na leasuithe sin.

4. Fómhar an fhíona a iompar

Sonraítear dálaí iompar na bhfionchaor trí na nithe seo a leanas a chur isteach:

Ní bheidh méid na gcoimeádán níos mó ná 1,20 x 1,00 m ar leithead ná 0,80 m ar airde, le hairde lódála nach mó ná 0,60 m. Idir buaint na bhfionchaor agus an fáscaidh, ní mór nach mó ná 24 uair an chloig an t-am a chaitear.

Leis an leasú seo is féidir a sheachaint nach mbrúitear na fionchaora linn a n-iompair agus bíonn feabhas ar cháilíocht na bhfionchaor dá bhrí sin.

Leasaíodh pointe 5.1 doiciméad aonair dá réir sin.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. Fáscaidh

Sonraítear go scaoiltear na fionchaora isteach sa chantaí gan iad a bheith brúite ná scriosta.

Sa mhéid seo soiléirítear nach mór na fionchaora a bheith iomlán chun críocha rialaithe.

Leis an leasú seo, ní mhodhnaítear an Doiciméad Aonair.

6. Homaiginiú

Sonraítear freisin nach mór don déantóir fíona is oibreoir go bhfuil acu bealach inar féidir an licéar dáileogachta a homaiginiú leis an bhfíon trí chreathadh a bhaint as na buidéal, ar cuireadh siúcra iontu, cúpla uair le linn an dhímhoirtithe.

Fágann sé sin gur féidir a áirithiú go ndéantar na buidéal a homaiginiú i gceart, i gcás na bhfionta leath-thirime go háirithe.

Leis an leasú seo, ní mhodhnaítear an Doiciméad Aonair.

7. An suíomh stórala

Sonraítear i gcás na stórala nach mór don oibreoir a chruthú trí aon mheán atá ar fáil go bhfuil aige suíomh stórala nach mó 14 °C ná a uasteocht le linn an choipthe thánaistigh agus nach mó ná 20 °C a uasteocht suas go dtí an dímhoirtíú.

Is é is aidhm don leasú seo an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcoipeadh tánaisteach trí thimpeallacht chobhsaí a áirithiú.

Leis an leasú seo, ní mhodhnaítear an Doiciméad Aonair.

8. Dáta na gluaiseachta idir coimeádaithe údaraithe stórais

Scriostar pointe 5(b) de Roinn IX de Chaibidil 1 maidir le dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfionta idir coimeádaithe údaraithe stórais.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

9. Beart idirthréimhseach

Baineadh na bearta idirthréimhseacha a chuaigh in éag den tsonraíocht táirge

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

10. Dearbhú éilimh dímhoirtithe

Cuirtear dearbhú éilimh dímhoirtithe in ionad an dearbhaithe éilimh.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

11. Coigeartú na príomhphointí atá le seiceáil

Na príomhphointí a sheiceáil maidir leis an dearbhú éilimh dímhoirtithe agus leis na fionta tar éis dímhoirtithe.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

12. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Rinneadh athbhreithniú ar fhocláíocht na tagartha don chomhlacht cigireachta chun an fhocláíocht a chomhchuíbhíú leis na sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin atá sa leasú seo.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

DOICIMÉAD AONAIR**1. Ainm(ainmneacha)**

“Crémant de Bordeaux”

2. Cineál an táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí finiúna**

5. Ciallaíonn fion súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfion / na fionta**

Fionta súilíneacha geala nó rosé, iad ar ardchaighdeán

TUAIRISC GHEARR I SCRÍBHINN

Is neart alcóil nádúrtha de réir toirte $\geq 9\%$ atá sna fionta.

Tar éis an choipthe thánaistigh:

- bíonn neart alcóil iomlán $\geq 11\%$ de réir toirte sna fionta;
- bíonn cion aigéadacht sho-ghalaithe $\leq 18\text{meq/L}$ sna fionta;
- bíonn cion dé-ocsaíde sulfair iomlán $\leq 150\text{ mg/L}$ sna fionta;
- i gcás ina ndéantar úrfhíon a shaibhriú, neart alcóil iomlán $\leq 13\%$ de réir toirte.

Is dath geal a bhíonn ar na fionta, bíonn cúradh leanúnacha fada leo agus iarbhlas fada torthaíoch orthu.

Fionta úra corraithe is ea na fionta geala, bíonn mionsúilíní iontu agus gné lonrach orthu, nuair a tháirgtear iad as na cineálacha fionchaor Sauvignon B agus Semillon B go háirithe. Téann bolaithe aramatacha na bhfionta in aibíocht le linn dóibh a bheith ag aosú ar an moirt, bolaithe lena dtugtar an t-im nó an t-arán rósta chun cuimhne.

Na fionta rosé áfach, is ó chineálacha fionchaor Merlot N agus Cabernet Franc N den chuid is mó a tháirgtear iad sin, agus is ar a mbolaithe torthaíocha a aithnítear iad sin. Tá na fionta sin ceaptha lena n-ól agus iad óg.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil uasta iomlán (% de réir toirte)	
Neart alcóil uasta iarbhrí (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	

5. **Cleachtais déanta fiona**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús plandála – Spásáil

Cleachtas saothraithe

Is é dlús íosta na bhfiniúnacha le linn na plandála 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Ní fhéadfaidh spásáil is mó ná 2.50 méadar a bheith idir na rónna ná ní fhéadfaidh spásáil is lú ná 0.85 méadar a bheith ar an ró céanna;

Féadfar an dlús plandála sin a laghdú go 3 300 planda in aghaidh an heicteáir. Sa chás sin, ní fhéadfaidh an spásáil idir rónna na bhfiniúnacha a bheith níos mó ná 3 mhéadar agus an spásáil idir plandaí ar an ró céanna, ní fhéadfaidh sí a bheith níos lú ná 0,85 méadar.

2. Rialacha prúnála

Cleachtas saothraithe

Ní údaraítear ach gearrphrúnáil agus fadphrúnáil.

I gcás na gcineálacha fionchaor Merlot N, Muscadelle B agus Sémillon B, ní fhéadfaidh líon is mó ná 50 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir a bheith ann ná 20 bachlóg in aghaidh an phlanda.

I gcás na gcineálacha fionchaor eile, ní fhéadfaidh líon is mó ná 60 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir a bheith ann agus 22 planda in aghaidh an phlanda;

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

3. Na fíonchaora a iompar

Cleachtas saothraithe

Is i gcoimeádáin neamhshéalaithe a iompraítear na fíonchaora. Ní bheidh méid na gcoimeádán níos mó ná 1,20 x 1.00 m ar leithead ná 0.80 m ar airde, le hairde lódála nach mó ná 0.60 m. Idir buaint na bhfíonchaor agus an fáscaidh, ní mór nach mó ná 24 uair an chloig an t-am a chaitear.

4. Glacadh agus fáscaidh

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Na fíonchaora chun fíonta geala a tháirgeadh, cuirtear isteach sa chantaoir iad agus iad iomlán.

Tá toirmeasc ar aon chóras scríúna héiliciúla a úsáid chun na fíonchaora a shíothlú nó a bhrú.

Tá cosc ar úsáid a bhaint as aon chóras scríúna héiliciúla nó as aon chóras cantaoirí ina bhfuil slabhraí chun na fíonchaora a fháscaidh.

Tá feiste meáite éigeantach, é curtha in oiriúint don chineál coimeádán a úsáidtear lena mbuain.

Ní mór na fíonchaora a bheith slán agus iad á soláthar agus á n-iompar go dtí an gcantaoir. Aon chóras nó aon mhodh “frith-phlúchta” lena ndéantar dochar do shláine na bhfíonchaor, ní mór é a athbhreithniú nó deireadh a chur leis.

Ní mór an chantaoir a lódáil in aon ghníomh amháin agus an chainníocht ag freagairt do thoilleadh na cantaoire. Ní dhéantar cainníocht is lú a lódáil ach go heisceachtúil.

Ní mór na húrghíonta a chodánú.

Na súnna a scaoiltear amach as córas iompair na bhfíonchaor, déantar iad a scagadh. Ní chuirtear na súnna sin san áireamh agus méid an fháscaidh deiridh á ríomh. Ní mór iad a sheoladh lena ndriogadh roimh an 31 Iúil sa bhliain fíona reatha.

Ní mór an chantaoir a ní gach lá.

Ní mór na coimeádáin bhuaite a ní gach lá.

Ní mór gur éasca urlár ionad glactha agus fáscaidh na bhfíonchaor a ghlanadh.

5. Saibhriú

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Maidir le bunghíonta a rinneadh a shaibhriú, is cion siúcra coiptheach ≤ 5 g/l atá iontu.

Ní mó an neart alcóil iomlán de réir toirte atá sna fíonta ná 13 %, tar éis saibhriú.

5.2. Tairgeachtaí uasta

1. 78 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fíonchaora a bhuaibh, táirgtear na fíonta, forbraítear na fíonta agus déantar iad a aosú, i gcríocha na mbardas seo a leanas nó i gcodanna de na bardais i roinn Gironde, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil an 1 Feabhra 2021: Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Arcins, Arzac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Avensan, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blanquefort, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, Brouqueyran, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelnau-de-Médoc, Castelviel, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Cissac-Médoc, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquèques, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Cussac-Fort-Médoc, Daignac, Dardenac,

Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Escoussans, Espiet, Etauliers, Eynesse, Eyrens, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleyssac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardégan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriaguet, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, La Brède, La Lande-de-Fronsac, La Réole, La Rivière, La Roquille, La Sauve, Labarde, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamarque, Lamothe-Landerron, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Le Bouscat, Le Fieu, Le Haillan, Le Nizan, Le Pian-Médoc, Le Pian-sur-Garonne, Le Pout, Le Puy, Le Taillan-Médoc, Le Tourne, Le Verdon-sur-Mer, Léogeats, Léognan, Les Artigues-de-Lussac, Les Billaux, Les Eglisottes-et-Chalaires, Les Esseintes, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Les Peintures, Les Salles-de-Castillon, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligeux, Lustrac-de-Durèze, Lustrac-Médoc, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Ludon-Médoc, Lugaingnac, Lugasson, Lugon-et-l'Île-du-Carnay, Lussac, Macau, Madirac, Maransin, Marcenais, Margaux-Cantenac, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrieux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Moullets-et-Villemartin, Moulis-en-Médoc, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Parempuyre, Pauillac, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondauret, Porchères, Porte-de-Benauges, Portets, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, Rimons, Riocaud, Rions, Roaillan, Romagne, Roquebrune, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Sainte-Colombe, Saint-Côme, Sainte-Croix-du-Mont, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Estèphe, Saint-Etienne-de-Lisse, Sainte-Eulalie, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Sainte-Hélène, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Ilac, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Radegonde, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guillerauges, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Sainte-Terre, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Salaunes, Salleboeuf, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soulac-sur-Mer, Soullignac, Soussac, Soussans, Tabanac, Taillecat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulence, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Valeyrac, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdelaïs, Vertheuil, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac, Yvrac.

7. **Príomhchineál fionchaor (nó príomhchineálacha fionchaor)**

Cabernet franc N

Cabernet-Sauvignon N

Carmenère N

Cot N - Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Sauvignon gris G - Fié gris

Semillon B

8. Tuairisc ar an nasc nó ar na naisc

Tairbhíonn an limistéar geografach tairbhe de dhálaí aeráide measartha aonchineálacha atá fabhrach do tháirgeadh an fhíona, é suite i ngiarracht do dhobharlaigh mhóra uisce (an tAigéan Atlantach, inbhear an Gironde, gleannta an Garonne agus an Dordogne), a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le rialú na teochta. Mar sin féin, tionchar seo an aigéin maidir le fuacht an earraigh a mhaolú, téann sé i lghad de réir mar a imítear ón bhfarraige nó na gleannta mór, i dtreo limistéir foraoise Landes, Saintonge agus Double Périgourdine. Tá míniú sa mhéid seo ar an bhfíoras gur beag fíonghort atá le fáil ar imill thuaidh agus thiar-theas an limistéir gheografaigh. Amach as na 538 bardas atá i Roinn Gironde, síneann an ceantar seo thar chríoch 497 bardas díobh, gan an chuid thiar theas den roinn a chur san áireamh, áit nach geleachtar an fhíonóireacht, í dírithe ar an bhforaoiseacht.

Is in aeráid aigéanach a fhástar cineálacha fíonchaor Bordeaux, agus ón seachtú agus ón ochtú haois déag i leith, ní mór dóibh *échalas* [cuailí taca] agus ina dhiaidh sin treilísí forleathana chun buaint fhíonchaor dea-dháilte a áirithiú chomh maith le hachar duillí atá leordhóthanach le haghaidh sintéis cheart clóraifíle agus barr aibíochta.

Nuair a bhaineann na fíonchaora amach barr aibíochta, áirithítear cothromaíocht den scoth idir an siúcra agus an aigéadacht, rud atá riachtanach le haghaidh úire na fíonta agus an choipthe thánaistigh.

Mar thoradh ar na cineálacha éagsúla ithreacha agus nochta, tá cineálacha éagsúla á roghnú agus á n-oiriúnú de réir shaintréithe na timpeallachta, agus tá míniú sa mhéid seo ar an gclaonadh stairiúil i dtreo na bhfíonta cumaisc. Is féidir ceithre chineál ar leith a aithint dá réir sin:

- ithreacha cré-aolchloiche agus ithreacha marlacha aolchloiche, talamh ar minic í le fáil ar leicne an chnoic áit a mbíonn rath ar Merlot N;
- ithreacha siliciúla agus iad measctha le créanna agus le heilimintí aolchloiche, oiriúnach chun Merlot N agus Sauvignon B a fhás;
- ithreacha láiste (boulbènes) ina bhfuil gnéithe siliciúla míne, arb ithreacha níos éadroime iad atá oiriúnach chun fíonta geala a tháirgeadh;
- ithreacha gairbhéalacha comhdhéanta de ghairbhéal, grianchloch dhobharchaite agus gaineamh measartha garbh a fhoirmíonn léibhinn dhea-dhraenáilte atá te agus oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, Cabernet Sauvignon N go háirithe.

Leis an taithí mhór seo atá ag na déantóirí fíona le fíonóireacht ar leithligh na gcineálacha fíonchaor, agus an tuiscint atá acu ar na cineálacha féin agus ar an traidisiún a bhaineann leo, éiríonn leo leanúnachas ar leith a áirithiú maidir le cothromaíocht aigéadachta na bhfíonta.

Áirithítear glaineacht na súnna trí shláine na bhfíonchaor a chaomhnú ón mbuain agus le linn a n-iompair, agus tríd na rialacha dochta maidir le fáscadh atá leagtha síos sa tsonraíocht táirge. Tá an suilfíú teoranta riachtanach chun dea-chaighdeán an choipthe thánaistigh a áirithiú. Nuair a dhéantar na fíonta a aosú ar an moirt, forbraítear mionbholaíthe na bhfíonta, agus cuirtear lena gcastacht dá réir.

Bhí fíonghoirt Bordeaux riamh oscailte ar an gcuid eile ar an domhan a bhí lena phort agus lena dhlúthchaidrimh le náisiúin eile, rud a chuir leis an trádáil láidir chórasach a bunaíodh go luath ann. De thairbhe na nuálaíochtaí teicniúla a forbraíodh ann agus a tháinig thar tír isteach, cothaíodh dinimiceas ar leith sna gabháil lena fíonchraic áitiúil a neartú, a fhorbairt agus roinnt, le meas i gcónaí ar na seanchleachtais.

Ó bunaíodh caidreamh gradamach le Sasana sa dara haois déag go dtí gur tosaíodh ar a bheith ag díriú ar mhargaí na hÁise atá anois ag cur suime sna táirgí fíona, tá déantóirí fíona Bordeaux in ann iad féin a chur in oiriúint de na forbairtí is déanaí sa mhargadh agus urraim á tabhairt san am céanna do thimpeallacht an fhíonghoirt. Tá éagsúlacht mhór ann dá bhrí sin agus tá fianaise ar an dinimiceas sin i bhfíonta “Crémant de Bordeaux”, a bhfuil borradh fúthu.

Cé nach bhfuil in “Crémant de Bordeaux” ach cuid de tháirgeadh fíona Bordeaux, tá léiriú iontu ar chumhacht na gcineálacha fíonchaor traidisiúnta agus ar chumas stairiúil déantóirí fíona Bordeaux maidir le glacadh le teicnící nua fíonóireachta agus le nuálaíocht. Cibé acu fíon geal nó rosé, is éard atá in “Crémant de Bordeaux” meascán idir cineálacha fíonchaor Bordeaux le modhanna fíonóireachta an choipthe thánaistigh.

Is dath geal a bhíonn ar “Crémant de Bordeaux”, bíonn cúradh leanúnacha fada leis agus iarbhlas fada torthaíoch air.

Fíonta úra corraithe is ea na fíonta geala, bíonn mionsúilíní iontu agus gné lonrach orthu, nuair a tháirgtear iad as na cineálacha fíonchaor Sauvignon B agus Semillon B go háirithe.

Téann bolaithe aramatacha na bhfíonta in aibíocht le linn dóibh a bheith ag aosú ar an moirt, bolaithe lena dtugtar an t-im nó an t-arán rósta chun cuimhne.

Na fíonta rosé áfach, is ó chineálacha fíonchaor Merlot N agus Cabernet Franc N den chuid is mó a tháirgtear iad sin, agus is ar a mbolaithe torthaíocha a aithnítear iad sin. Tá na fíonta sin ceaptha lena n-ól agus iad óg.

9. **Tuilleadh coinníollacha riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Marcáiltear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ar an gcorc, ar an gcuid laistigh de mhúineál an bhuidéil.

Agus fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnamh cláraithe acu á lipéadú, féadfar an t-aonad geografach níos leithne “Vin de Bordeaux” nó “Grand Vin de Bordeaux” a shonrú. Ó thaobh airde ná leithead de, níor cheart gur mhó méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne seo ná dhá thrían de mhéid na litreacha san ainm ar an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Pacáistiú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór gach oibríocht táirgthe a chur i gcrích sa limistéar geografach, ó bhuaib na bhfíonchaor go dtí an dímhoirtíú.

Is trí choipeadh tánaisteach go heisiach i mbuidéil ghloine, a dhéantar na fíonta.

Ní mór na fíonta a phacáistiú sa limistéar geografach, próiseas an choipthe thánaistigh sa bhuidéal á chur san áireamh.

Maidir leis an mbuidéalú isteach sna buidéil ghloine ina ndéantar an coipeadh tánaisteach, ní féidir sin a dhéanamh ach 3 mhí tar éis dháta fhómhar an fhíona agus tráth nach luaithe ná an 1 Nollaig tar éis na buainte.

Cuirtear na fíonta ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra tar éis tréimhse aosaithe íosta 12 mhí ón dáta buidéalaithe, agus tráth nach luaithe ná mí amháin tar éis an dímhoirtithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-7df3447f-384a-4f7a-819e-2971ef1ae277

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/08)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA LEASAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Saint-Estèphe”

PDO-FR-A0178-AM01

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. Cód Geografach Oifigiúil

Cuireadh bardais an limistéir gheografaigh agus an limistéir i ndlúthghaireacht i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil.

Ní dhearnadh aon athrú ar theorainneacha an limistéir.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. Limistéar dáileachta críochaithe

Cuireadh an 3 Meitheamh 2021 le liosta dhátaí chruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha a d'fhorghabh an teorannú críochaithe dáileachta.

Ba é ba chuspóir don leasú sin an dáta a chur isteach a d'fhorghabh an t-údarás náisiúnta ábhartha leasú ar an limistéar críochaithe dáileachta laistigh den limistéar geografach táirgthe. Leis an teorannú dáileachta, sainithnítear na dáileachtaí atá oiriúnach chun an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ábhartha a tháirgeadh, ar dáileachtaí iad atá laistigh den limistéar geografach táirgthe.

Ní dhearna na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

3. Cúrsaíocht idir stórhóirí údaraithe

Scríosadh pointe IX(5)(b) de Chaibidil 1 maidir le dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfionta idir stórhóirí údaraithe.

Leis an leasú sin, níor ceanglaíodh leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

4. Bearta idirthréimhseacha

Ós rud é go raibh na bearta idirthréimhseacha dulta in éag, baineadh ón tsonraíocht iad.

Leis an leasú sin, níor ceanglaíodh leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

5. Tagairt don struchtúr cigireachta

Rinneadh athbhreithniú ar fhocláíocht na tagartha don struchtúr cigireachta chun an fhocláíocht a chomhchuíbhiú le foclaíocht na sonraíochtaí sonrúcháin eile. Ba leasú eagarthóireachta amháin é. Leis an leasú sin, níor ceanglaíodh leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha**

Saint-Estèphe

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

STFC - Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta dearga socra iad.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 11 % sna fíonta, agus tar éis an tsaibhrithe, ní sháraíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte 13.5 %.

Baineann na tréithe seo a leanas le gach baisc fíona a dhíoltar:

- cion aigéid mhalaigh arb ionann é agus 0.30 g/l nó ar lú é ná sin;
- cion siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós) arb ionann é agus 2 g/l nó ar lú é ná sin;
- nuair a dhíoltar ar an mórchóir é, cion aigéadachta luainí arb ionann é agus 13.26 milleachóibhéis in aghaidh an lítir nó ar lú é ná sin, mar atá 0.79 g/l arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach (0.65 g/l arna shloinneadh mar H₂SO₄) go dtí an 31 Iúil den bhliain tar éis bhliain a bhuinte, nó arb ionann é agus 16.33 milleachóibhéis in aghaidh an lítir nó ar lú é ná sin, mar atá 0.98 g/l arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach (0.80 g/l arna shloinneadh mar H₂SO₄) tar éis na dáta sin.

Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos an aigéadacht iomlán agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán. Bíonn dath dearg gléineach ar na fíonta. Is meascáin iad de ghnáth a bhfuil Cabernet Sauvignon N an cineál fíniúna is mó iontu. Mar gheall ar an gcineál fíniúna sin, bíonn struchtúr láidir ag na fíonta agus faightear tainníní go flúirseach iontu. Is minic a chuireann an cineál fíniúna Merlot N dea-bholadh torthaí dearga leis an dea-bholadh spíosraí atá ann cheana. Neartaíonn na cineálacha fíniúna Cabernet N nó Petit Verdot N an struchtúr agus an chastacht, agus d'fhéadfadh an dara ceann díobh sin úire a thabhairt don fhíon agus é dulta go mór in aibíocht. Ní mór na fíonta tathagacha cumhachtacha sin a aosú ar feadh roinnt blianta, rud a thugann maothlachas, blas torthaí agus míne dóibh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachóibhéis in aghaidh an lítir)	
Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagram in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**5.1. *Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú suas le ráta tiúcháin de 15 %.

Tar éis shaibhriú na bhfíonta, ní sháróidh an neart alcóil iomlán de réir toirte 13.5 %.

Ní mór do na cleachtais fíonóireachta cloí leis na forálacha thuas, le hoibleagáidí an Aontais agus leis na hoibleagáidí sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascaireacht Mhuirí.

2. Cleachtas saothraithe

a) Dlús plandaithe.

— Is é 7 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála finiúnacha íosta.

— Ní sháróidh an t-achar idir sraitheanna na bhfiniúnacha 1.50 méadar agus ní bheidh an t-achar idir plandaí sa tsraith chéanna níos lú ná 0.80 méadar.

b) Rialacha prúnála.

— Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog oscailte (Céim 9 de réir Lorenz) ar a dhéanaí.

— Déantar na finiúnacha a phrúnáil de réir na dteicnící seo a leanas, lena mbíonn 12 bhachlóg scartha an planda ar a mhéad:

— an phrúnáil Guyot dhúbailte Mhéadocach, lena mbíonn dhá chána an planda agus ceithre bhachlóg an cána ar a mhéad i gcás na gcineálacha finiúna Cot N, Cabernet Sauvignon N, Merlot N agus Petit Verdot N, nó cúig bhachlóg an cána ar a mhéad i gcás na gcineálacha finiúna Cabernet Franc N agus Carmenère N. Fágfar dhá bhachlóg scartha ar na spoir athnuachana;

— An ghearrphrúnáil dhá ghéag, nó an fheanphrúnáil ceithre ghéag.

c) An t-uisciú.

Ceadaítear an t-uisciú le linn thréimhse fásta na bhfiniúnacha i gcomhréir le forálacha an Chóid um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascaireacht Mhuirí.

5.2. Táirgeacht uasta

1. 63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fíonchaora a bhuaib, an fhíonóireacht agus na fíonta a tháirgeadh agus a aósú ar chríoch bhargas Saint-Estèphe i roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2021.

7. Príomhchineál nó príomhchineálacha fíonchaor

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Petit Verdot N

8. Tuairisc ar an nasc nó ar na naisc

8.1. Tuairisc ar na tosca nádúrtha a bhfuil baint acu leis an nasc

Tá limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe” suite ar bhruach clé inbhear Gironde ar leithinis Médoc, leath bealaigh idir Bordeaux agus Pointe de Grave.

Tá sé ina chuid den limistéar fíonóireachta ar leithinis Médoc a bhfuil geolaíocht ar leith aici arb éard atá inti leathnú léibheann gairbhéalach atá comhthreomhar le hinbhear Gironde, ar léibhinn iad atá idir 4 agus 40 méadar ar airde.

Téann na léibhinn sin siar go dtí an Tréimhse Cheathartha, tá siad thart ar 10 méadar ar tiús ar an meán agus luíonn siad ar mharla agus ar aolchloch an tsealaid Eoicéinigh agus an tsealaid Olagaicéinigh, ar cineálacha cloiche iad a fhaightear go háirithe sa chuid thiar de bhargas Saint-Estèphe. Clúdaíonn gaineamh aeólach na Tréimhse Ceathartha, ar a dtugtar “Sable des Landes”, na foirmíochtaí sin uile siar go himeall na foraoise. Cuireadh sil-leaganacha gláracha (a dtugtar *palus* sa cheantar orthu) ar bhruach an inbhir le déanaí, ar sil-leaganacha iad a chuireann le héagsúlacht na bhfoirmíochtaí.

Tá sruthanna ar a dtugtar *jalles* agus *esteys* lena dtaosctar an limistéar i dtreo inbhear Gironde. Leis an líonra sruthanna sin, gearrtar an limistéar ar bhealach a sheasann na mullaigh ghairbhéalacha amach agus lena leagtar amach teorainneacha roinnt bardas. Mar sin, comhfhreagraíonn limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe” do críoch bhardas Saint-Estèphe. Tá críoch an bhardais sin scartha ó bhardas Saint-Seurin-de-Cadourne ag riasc ó thuaidh a thaosctar le “Estey de la Calupeyre” agus ag riasc Lafite ó dheas a thaosctar le “Jalle du Breuil”.

Ithreacha atá idir gaineamh agus gairbhéal nó idir clé agus gairbhéal is mó a fhaightear ar na mullaigh ghairbhéalacha. San iarthar, clúdaítear an bhuncharraig aolchloiche chrua go héagothrom le hithreacha atá idir gaineamh agus gairbhéal agus le hithreacha éadoimhne reinsíne. Tá an saibhreas áitiúil na ndríodar ina chúis amháin leis an éagsúlacht tírdhreacha agus leis an éagsúlacht i ndathanna na n-ithreacha. Tagraíonn an logainmníocht áitiúil do thopografaíocht na mullach agus do chineál na n-ithreacha gairbhéalacha araon le logainmneacha ar nós “Cos” nó “Pez”.

Tá an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe” ar an gceann is faide ó thuaidh de na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a bhaineann le bardas ar leith i réigiún Médoc agus an dara ceann is mó ó thaobh méide de.

Faightear fíonghoirt ar fhorhmór na mullach sa bhardas, rud a théann i bhfeidhm ar thírdhreach an cheantair. Tá líonra mionbhóithre anonn is anall ar fud ann a fhreastalaíonn ar roinnt sráidbhailte. Tá na sráidbhailte sin, ar nós Marbuzet, Blanquet, Pez, Leyssac agus Saint-Corbien, suite thart timpeall ar *châteaux* fíonóireachta.

Aithnítear na *crus* is fearr le *château* galánta a sheasann leis féin i lár an fhíonghoirt.

Ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas den bhardas, faightear gleannta taise ar riasca iad atá ingearach leis an inbhear agus ina bhfuil roinnt féarach agus coillte anseo is ansíúd.

Ar deireadh, san oirthear, tá na mullaigh ghairbhéalacha fíonóireachta, ar saintréith den sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe” iad, atá an-ghar don inbhear, rud a fhágann nach bhfuil sna limistéir *palus* ach stráice atá 200 go 300 méadar ar leithead.

8.2. Tuairisc ar na tosca daonna a bhfuil baint acu leis an nasc

Sa 13ú haois, ba é Gui Martin de Saint-Estèphe, ceann Ardsagartacht Lesparre, Tiarna Calon. Ba ansin a bhí tús le cáil Saint-Estèphe as a “fhíniúnacha maithe”, a bhí ní ba bhrabúsaí ná gránaigh cheana féin. Ar an gcríoch as a d’eascródh bardas Saint-Estèphe ina dhiaidh sin, tháinig bunús stairiúil na sráidbhailte as tiarnais eile, ar nós Tiarnas Blanquet nó Tiarnas Vasáilleach Lassalle de Pez.

Sa 17ú haois agus sa 18ú haois, ba é deachú “Saint-Estèphe” an deachú is airde ar fud réigiún Médoc. Mar sin féin, de réir stair na háite, bhí dlúthbhaint ag cáil fhíonta “Saint-Estèphe” le gníomhaíocht na gceannaithe Bordeaux a d’aosaíodh agus a dhíoladh na fíonta sin.

Is le linn rath an 19ú haois a bunaíodh eastáit mhóra an lae inniu. Is léiriú ar a rath, a gcumhacht agus a dinimiceas iad na *châteaux* móra galánta a théann siar go dtí an ré sin.

Amháil na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint eile maidir le fíon ar leithinis Médoc, tá aitheantas á thabhairt do na *crus* ó bhardas Saint-Estèphe sna haicmithe eastát éagsúla atá á ndéanamh ón 17ú haois agus ón 18ú haois. Mar sin, aithníodh 5 *cru* de chuid bhardas Saint-Estèphe in “Aicmiú 1855 Fhíonta Bordeaux”, agus bronnadh aitheantas ar thart ar 40 *cru* in “Aicmiú 1932 *crus Bourgeois*”.

Sa lá atá inniu ann, díoltar beagnach leath d’fhíonta Saint-Estèphe lasmuigh den chríoch náisiúnta: leis an mBeilg, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Ísiltír; nó onnmhairítear iad chuig na Stáit Aontaithe, chuig an Eilvéis agus chuig an Áise.

Aithníodh sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe” le Foraithe an 11 Meán Fómhair 1936. Táirgtear 65 000 heictílítear d’fhíonta dearga socra sa limistéar fíonóireachta ar an meán.

Bíonn dath dearg gléineach ar na fíonta. Is meascáin iad de ghnáth a bhfuil Cabernet Sauvignon N an cineál fíniúna is mó iontu. Mar gheall ar an gcineál fíniúna sin, bíonn struchtúr láidir ag na fíonta agus faightear tainníní go flúirseach iontu. Is minic a chuireann an cineál fíniúna Merlot N dea-bholadh torthaí dearga leis an dea-bholadh spíosraí atá ann cheana. Neartaíonn na cineálacha fíniúna Cabernet N nó Petit Verdot N an struchtúr agus an chastacht, agus d’fhéadfadh an dara ceann díobh sin úire a thabhairt don fhíon agus é dul go mór in aibíocht. Ní mór na fíonta tathagacha cumhachtacha sin a aosú ar feadh roinnt blianta, rud a thugann maothlachas, blas torthaí agus míne dóibh. Bíonn dhá rud ina mbunús le cáilíocht agus úrnuacht fhíonta shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe”: sárchomhlántacht na n-ithreacha agus suíomh topagrafach na ndáileachtaí in aice leis an inbhear a chosnaíonn na fíonghoirt ar adhairsir.

I gcomhréir leis na cleachtais atá leagtha síos cheana féin san fhoraithe lena sainítear tionscnaimh faoi chosaint “Saint-Estèphe”, sainítear go beacht na dáileachtaí a bheartaítear chun fíonchaora a bhuain.

Mar sin, áirítear sa limistéar dáileachta críochaithe na dáileachtaí in oirthear an bhardais a bhfuil ithreacha acu atá gairbhéalach agus tirim ó nádúr. Tá na hithreacha sin an-oiriúnach don chineál finiúna Cabernet Sauvignon N. Eisiatar ón limistéar dáileachta sin gaineamh agus dáileachtaí a bhfuil ithreacha acu a forbraíodh ar shil-leaganacha gláracha nua mar aon le dáileachtaí a bhfuil ithreacha acu a forbraíodh ar fho-ithir neamhscagach.

Áirítear sa limistéar dáileachta críochaithe na dáileachtaí a bhfuil ithreacha acu atá tirim ó nádúr agus atá suite in iarthar an bhardais ar bhuncharraig aolchloiche atá geall le carst. Tá an cineál finiúna Merlot N iontach oiriúnach do shuímh den sórt sin. Eisiatar logáin a mbaineann aislíonadh gainmheach agus hidreamhoirfeolaíocht athraitheach leo, ceantair a mbaineann cré agus hidreamhoirfeolaíocht dhomhain leo, mar aon le riasca agus tailte portaigh.

Déantar fionghoirt a bhainistiú ar bhealach lenar féidir fíonchaora an-aibí agus sláintiúla a fháil a bhfuil a dtáirgeacht rialaithe. Leis sin, féadfaidh an tréimhse mhaothaithe a bheith an-fhada chun an struchtúr is gá a fháil le haghaidh aosú na bhfionta. Dá bharr sin, tá aosú 6 mhí ar a laghad fíon-riachtanach chun cabhrú le forbairt na gcuingreacha tainní-antóiciainíní is gá le haghaidh chobhsú an datha agus le haghaidh bhratú na dtainní, rud a fhágann níos boige iad.

In ainneoin an róil thábhachtaigh a bhí ag an trádáil in Bordeaux le haghaidh cháil agus iomrá an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint sin, chuir na heastáit mhóra, ar áiríodh roinnt acu in “Aicmiú 1855 Fhíonta Bordeaux”, go mór lena cháil, agus ba mhór an cuidiú iad chun a íomhá a scaipeadh. Anuas ar na *châteaux* sin mór le rá, chabhraigh na heastáit bheaga agus mheánmhéide, gnólachtaí teaghlaigh agus comharchumainn go mór le haitheantas a bhaint amach le haghaidh shainiúlacht an tsonrúcháin sin laistigh de Médoc trí úsáid a bhaint as téarmaí sonracha ar nós *crus paysans* [fíon ó lámh an fheirmeora] agus *crus artisans* [fíon ó lámh an cheardaí].

9. Coinníollacha fíon-riachtanacha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht aon Aontais

Cineál an choinníll eile:

Maolú maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An limistéar i ndlíthghaireacht, ina bhféadfar, de mhaolú, an fhíonóireacht, an táirgeadh agus an t-aosú a dhéanamh, áirítear ann críoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2021: Cissac-Médoc, Pauillac, Saint-Sauveur, Saint-Seurin-de-Cadourne agus Vertheuil.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll eile:

Forálacha breise a bhaineann leis an lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos leithne mar atá “Vin de Bordeaux – Médoc” nó “Grand Vin de Bordeaux – Médoc” a shonrú ar na lipéid. Ní bheidh toisí litreacha an ainm sin níos mó ná dhá thríán de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-93ceee01-eb46-4a2b-a4e3-3f5a1eaf13be

Foilsíú iarratais maidir le leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(2022/C 88/09)

Leis an bhfoilsíú sin, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de dhá mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR AN tSONRAÍOCHT A LEASÚ

“Bouches-du-Rhône”

PGI-FR-A1223-AM01

Dáta an iarratais: 26-11-2015

1. Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Leasú nach mion

2. Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis

2.1. Leasú ar aon chuid d’ainm

De bhun fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 an 22 Deireadh Fómhair 2007 maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha lena mbunaítear comheagraíocht mhargaí talmhaíochta, is é an TGFC “Bouches-du-Rhône” an t-ainm atá anois ar “vin de pays des Bouches-du-Rhône”. Tá aitheanta ag oibreoirí nach ndearna na tomhaltóirí, ar thaobh amháin, nasc idir an TGFC “Bouches-du-Rhône” agus “vin de pays des Bouches-du-Rhône” agus, ar an taobh eile, go raibh an iomarca cosúlachtaí fónacha ag an ainm “Bouches-du-Rhône”, a úsáidtear gan tagairt don téarma traidisiúnta “vin de pays”, leis an ainmniú tionscnaimh faoi chosaint (STFC) “Côtes du Rhône” agus go raibh an baol ann go gcuirfeadh sé mearbhall ar thomhaltóirí maidir leis an dá tháirge sin.

Ar na cúiseanna sin, theastaigh ón ngrúpa iarrthach de réir bhrí Airteagal 95 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go gcuirfí na focail “Pays des” leis an ainm faoi chosaint “Bouches-du-Rhône”.

Tar éis dóibh scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, ghéill údaráis na Fraince don iarratas le hordú an 4 Meán Fómhair 2015, a foilsíodh in *Journal officiel de la République française* (Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince) an 12 Meán Fómhair 2015, lena bhformheastar an tsonraíocht táirge arna leasú amhlaidh, agus foilsíodh í in Iris Oifigiúil na hAireachta Talmhaíochta, Agraibhia agus Foraoiseachta an 17 Meán Fómhair 2015.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na leasuithe a rinneadh ar shonraíocht an táirge:

- ar leibhéal an teidil agus ar fud chorp an téacs, cuirtear an t-ainm “Pays des Bouches-du-Rhône” in ionad an ainm “Bouches-du-Rhône”;
- i gCaibidil 1, pointe 7.2, an mhír dheireanach, cuirtear “Tá an limistéar geografach seo tiomnaithe go heisiach do tháirgeadh fionta a mhaítear mar” Pays des Bouches-du-Rhône “TGFC”.

2.2. Tarraingt siar na bhforálacha maidir le fionta súilíneacha ar ardchaighdeán

Leasíodh an tsonraíocht táirge freisin chun na forálacha go léir a bhaineann le táirgeadh fionta súilíneacha ar ardchaighdeán a bhaint. Leanann sé sin an cinneadh ón gComhairle an 6 Márta 2015 lena gcuirtear ar neamhní Ordú an 2 Samhain 2011 maidir leis an TGFC “Bouches-du-Rhône” sa mhéid go bhformhuiníonn sé forálacha na sonraíochta a bhaineann le “fionta súilíneacha dearga, rosé agus bána”.

2.3. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta

Tá an tuairisc ar fhíonta bána agus dearga curtha i gcrích. Cuireadh Caibidil 1 den tsonraíocht i gcrích i bpointe 3.3 agus tá an fhaisnéis chéanna san áireamh sa roinn “Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta” den doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Luaitear freisin go gcomhfhreagraíonn luachanna shaintréithe anailíseacha na bhfionta do na teorainneacha a fhorchuirtear leis an reachtaíocht Eorpach.

2.4. *Nasc leis an limistéar geografach*

Rinneadh athstruchtúrú ar na heilimintí go léir a bhaineann leis an nasc le tionscnamh geografach na dtáirgí. Tar éis cur síos beacht a dhéanamh ar thosca nádúrtha, ar thosca daonna agus ar shaintréithe na dtáirgí, dréachtaíodh an roinn “idirghníomhaíocht chúisíoch” chun a shoiléiriú go bhfuil an TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône” bunaithe go príomha ar shaintréithe na bhfionta atá nasctha le saintréithe an chomhshaoil nádúrtha (aeráid, ithir).

Cuireadh na sonraí sin san áireamh faoin bpointe “Nasc leis an gceantar geografach” sa doiciméad aonair agus i bpointe 7 de Chaibidil 1 den tsonraíocht.

2.5. *Coinníollacha breise – Lipéadú*

Nuashonraíodh an ceannteideal “Coinníollacha Breise – Lipéadú” sa doiciméad aonair trí na tagairtí don tsonraíocht táirge a bhaint agus an tuairisc ar na coinníollacha éagsúla is infheidhme a chur ina n-ionad.

2.6. *Limistéar geografach críochaithe*

Luaitear i Caibidil 1, bpointe 4 den tsonraíocht mar atá sa doiciméad aonair sa limistéar geografach críochaithe gurb iad na bardais uile a bhaineann le roinn Bouches-du-Rhône atá sa limistéar geografach táirgeachta.

I gcás sainmhíniú ar an limistéar i ndlúthghaireacht (ZPI), na bardais a bhaineann leis na ceantair a roghnaíodh, bhí siad liostaithe freisin sa tsonraíocht i bpointe 4 de Chaibidil 1. Cuireadh na liostaí sin de na bardais atá i ndlúthghaireacht don limistéar san áireamh freisin sa doiciméad aonair faoin bpointe “coinníollacha breise”.

I gcás gach ceann de na limistéir – de na limistéir gheografacha agus de na limistéir i ndlúthghaireacht – cuireadh bliain an chóid thagartha gheografaigh oifigiúil leis (bliain 2020). Is í an tagairt oifigiúil náisiúnta a d’fhoilsigh INSEE a aithníonn agus a leagann síos liosta na mbardas de réir roinne. An leasú eagarthóireachta seo, fágann sé gur féidir críochú limistéar geografach a dhaingniú go dlíthiúil.

2.7. *Cineálacha fíniúna*

An pointe “Príomhchineálacha fíniúna le haghaidh fíona” den doiciméad aonair agus i gCaibidil 1, pointe 5 den tsonraíocht, cuireadh i gcrích é chun tabhairt isteach 13 chineál nua a chur san áireamh: “Artaban N, Cabernet blanc B, Cabernet Cortis N, Floréal B, Monarch N, Muscaris B, Prior N, soreli B, Sauvignac B-Rs, Solaris B., Souvignier Gris Rs, Vidoc N, Voltis B.”

A bhui leis na cineálacha fíniúna atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus galair chripteogacha, is féidir níos lú úsáide a bhaint as táirgí cosanta plandaí. Freagraíonn na cineálacha fíniúna do na cineálacha fíniúna a úsáidtear chun an TGFC a tháirgeadh gan saintréithe na bhfionta a mhodhnú. Má roghnaítear na cineálacha nua fíniúna frithsheasmhacha sin, go fóill féin ní chaithfear amhras ar léiriú an naisc leis an gcríoch sin.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmneacha)**

Pays des Bouches-du-Rhône

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Tá an TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône” forchoimeáda do fhíonta dearga, rosé agus bána. Freagraíonn luachanna shaintréithe anailíseacha na bhfionta do na teorainneacha a fhorchuirtear leis an reachtaíocht Eorpach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart uasta alcóil iomlán (% de réir toirte)	
Neart íosta alcóil iarbhír (% de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachchoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion iomlán dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	

Fionta bána is mó a dhéantar de ghnáth tríd an bhfáscadh díreach. Ó tharla gur ó chineálacha fíniúna áitiúla agus ó chinn eile nach as an réigiún iad a tháirgtear iad, is iad saintréithe na gcumhrachtaí bláfara, torthúla a shonraítear ar a mbíonn nótaí úra le tabhairt faoi deara agus iad dea-blasta aramatach sa bhéal. Is geal an snua atá orthu agus drithlí bríomhara “glasa” iontu, rud a thugann a n-óige le fios. Is trí fháscadh díreach agus/nó maothú craicinn a fhaightear na fionta rosé. Mar gheall ar theagmháil fhadréimhseach idir sú agus laíon, scaoiltear amach réamhtheachtaithe na gcumhrachtaí go forleathan, rud a chuireann le hiomláine an bhlais sa bhéal. Tá siad bunaithe ar fhíniúna an grenache N, syrah N, Caladoc N, Cinsaut N, cabernet-sauvignon N agus merlot N, rud a dhéantar a fhorlíonadh go minic le cineálacha fíniúna bána nuair a chuirtear san umar iad chun na fionta rosé a fhorbairt, agus is tláith an snua atá orthu agus é seasta a bheag nó a mhór, snua ina bhfuil drithlí bándearga soiléire. Nuair a chuirtear a bholadh is féidir cumhrachtaí de thorthaí dearga nó torthaí citris a fháil. Sa bhéal, tá blas aramatach úr taitneamhach ar na fionta sin.

Na fionta dearga, ar cumaisc iad níos minice ná a mhalairt, is féidir iad a dhéanamh ar uairibh as cineálacha ar leith fíniúna (merlot N, cabernet N, Marselan N, syrah N, N sarenache N, etc). Má dhéantar fómhar a bhaint nuair a bhíonn na fionchaora go hiomlán aibí go fiseolaíoch agus go fionolaíoch, fágann sé gur féidir fionta a fháil a bhfuil dea-thréithe orthu, dea-bhlas iomlán orthu ach gan bheith crua, agus próifíl na Meánmhara orthu chomh maith. Déantar na hasbhaintí ar bhealach a fhágann go mbeidh struchtúir tainnín bhoga iomlána ann, rud a fhágann dea-bhlas sa bhéal. Is ar dhath dearg an gharneid atá a snua ina bhfuil drithlí corcra nuair atá siad óg, dath a athraíonn de réir a chéile i dtreo dearg níos doimhne agus iad ag dul in aois. Ó thaobh cumhrachta de, is mór is féidir a shonrú iontu mar tá nótaí ann a thugann caschoillte Provence chun cuimhne nó nótaí níos sáile fiú, ach sin ag brath ar an gceantar, mothaítear torthaí dearga iontu ar nós na cumhrachta a fhaightear ar thorthaí bruite. Sa bhéal, tá siad beoga, fial, flúirseach agus tá blas binn tainnín le braith freisin.

5. Cleachtais déanta fíona

a. Cleachtais fhíoneolaíocha riachtanacha

Maidir le cleachtais fhíoneolaíocha, ní mór d'fhionta na hoibleagáidí atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais agus sa Chód Iascaigh Tuaithe agus Muirí a chomhlíonadh.

b. Tairgeachtaí uasta

120 heictílítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Maidir le saothrú na bhfionchaor, an fhionadóireacht agus tairgeadh na bhfionta a bhfuil an tásca geografach faoi chosaint “Pays des Bouches-du-Rhône” orthu i mbardais uile roinn Bouches-du-Rhône, déantar iad i gcomhréir leis an gcód geografach oifigiúil do 2020.

7. Na príomhfhíniúnacha

Alicante Henri Bouschet N

Aligoté B

Alphonse Lavallée N

Aléatico N

Aramon N

Aramon gris G

Aranel B
Arinarnoa N
Arriloba B
Artaban N
Aubun N - Murescola
Barbaroux Rs
Bourboulenc B - Doucillon blanc
Brachet N - Braquet
Brun argenté N - Vaccarèse
Cabernet blanc B
Cabernet cortis N
Cabernet franc N
Cabernet-Sauvignon N
Caladoc N
Calitor N
Carignan N
Carignan blanc B
Carmenère N
Chardonnay B
Chasan B
Chasselas B
Chasselas rose Rs
Chatus N
Chenanson N
Chenin B
Cinsaut N - Cinsault
Clairette B
Clairette rose Rs
Clarin B
Colombard B
Cot N - Malbec
Counoise N
Egiodola N
Floreale B
Fuella nera N
Gamay Fréaux N
Gamay N
Gamay de Bouze N
Gamay de Chaudenay N
Ganson N
Gewurztraminer Rs
Gramon N
Grenache N
Grenache blanc B

Grenache gris G
Gros Manseng B
Gros vert B
Jurançon noir N - Dame noire
Liliorila B
Listan B - Palomino
Macabeu B - Macabeo
Marsanne B
Marselan N
Mauzac rose Rs
Mayorquin B
Melon B
Merlot N
Merlot blanc B
Meunier N
Mollard N
Monarch N
Monerac N
Mourvaison N
Mourvèdre N - Monastrell
Muscadelle B
Muscardin N
Muscaris B
Muscat Ottonel B - Muscat, Moscato
Muscat cendré B - Muscat, Moscato
Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato
Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato
Muscat à petits grains blancs B - Muscat, Moscato
Muscat à petits grains roses Rs - Muscat, Moscato
Muscat à petits grains rouges Rg - Muscat, Moscato
Nielluccio N - Nielluciu
Négrette N
Perdea B
Petit Manseng B
Petit Verdot N
Picardan B - Araignan
Pinot blanc B
Pinot gris G
Pinot noir N
Piquepoul blanc B
Piquepoul gris G
Piquepoul noir N
Plant droit N - Espanenc
Portan N

Prior N
Riesling B
Riminèse B
Rosé du Var Rs
Roussanne B
Sauvignon B - Sauvignon blanc
Sauvignon gris G - Fié gris
Sciaccarello N
Semillon B
Servanin N
Solaris B
Soreli B
Souvignier gris Rs
Sylvaner B
Syrah N - Shiraz
Tannat N
Tempranillo N
Terret gris G
Terret noir N
Tibouren N
Téoulier N
Ugni blanc B
Valdiguié N
Vermentino B - Rolle
Vidoc N
Viognier B
Voltis B

8. Tuairisc ar an nasc nó ar na naisc

8.1. Sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge

Is i gcroílár Provence atá an roinn Bouches-du-Rhône suite. Tá achar de 5 087 km² ann, agus is é an Rhône críoch iartharach na roinne, abhainn a scarann é féin agus an roinn Le Gard, agus ar an taobh ó thuaidh is é an Durance, a scarann ón roinn Le Vaucluse é. San oirthear, tá sé in aice leis an roinn Le Var agus is é an Mheánmhuir atá ar a theorainn theas.

Sa roinn sin, tá críocha éagsúla ann. In oirthear na roinne tá sraith de fhánaí aolchloiche ó Préalpes de Provence, agus iad ag amharc amach siar ón oirthear. Is uaidh a leanann sraitheanna de chnoic agus de shléibhte mar atá an slabhra la Trévaresse (501 m), an Estaque agus an Étoile (793 m), an Sainte-Victoire (1 011 m), Saint-Cyr agus Sainte-Baume (1 041 m sa chuid iartharthach). Tá siad tochailte amach ag na gleannta Arc (Aix-en-Provence basin), Touloubre (Salon-de-Provence) agus Huveaune (Aubagne Marseille), ina bhfuil machairí dríodair saibhre ann agus cuid acu níos mó ná a chéile. San iarthar, ar fud an bharr Alpilles, tá machairí móra fairsinge ann. Machaire na Crau, é déanta de ghairbhéal a scaoileadh amach ar leibhéal abhainn na Durance agus abhainn na Rhône, tá sé suite faoi bhun na líne díri idir Arles agus Salon-de-Provence, ceantar steipe bánaithe, rud is uathúil sa Fhrainc, ceantar a bhfuil tionchar an Mistral le sonrú ann. Tá páirc nádúrtha réigiúnach i gCamargue, áit a bhfuil meascán d'fhíniúnacha, talamh féaraigh agus páirceanna ríse ann, chomh maith le ríocht caomhnaithe na dtarbh (pór dúchasach an Camargue), capaill agus fána saibhire ina bhfuil 400 speiceas éagsúla. Ó thuaidh, tá lorg shléibhte na hAlpilles ann agus iad ag teacht aniar trasna na roinne, ar thaobh amháin, agus tá Gleann na Durance ar an taobh thoir.

Na hithreacha, bídsí ina n-ithreacha cré-aolchloiche, mionchlochacha, gainmheacha nó gairbhéil fiú amháin ar moláis agus gaineamhchloch, tá siad bocht, dea-dhraenáilte agus iad i mbéal a chreimthe. Na hithreacha éadomhain sin ach gan bheith ró-fhliuch, tá siad go hiomlán oiriúnach le haghaidh na fíniúna.

Sa roinn Bouches-du-Rhône, tá sé go mór faoi thionchar aeráid na Meánmhara, áit a mbíonn an ghrian ag taitneamh i bhfad níos minice, rud is saintréith den aeráid. Bíonn an samhradh an-te agus tirim ann agus ní bhíonn an geimhreadh ró-chrua. Is féidir leis an teocht athrú go mór ann ach sin ag brath ar an séasúr agus í an-ard i gcaitheamh an tsamhraidh go háirithe, nuair is féidir 35° C a bhaint amach go minic agus sin faoi dhéan. Is suntasach an mheán-aimplitiúid laethúil-oíche bhliantúil, rud atá an-sonraithe sa gheimhreadh, nuair a bhíonn roinnt buaiceanna de shioc cruca san oíche. Na ceathanna baistí, ní bhíonn siad ann ach go neamhrialta agus iad scaipthe go dona i gcaitheamh na bliana. Is minic a bhíonn ceathanna tromha baistí ann. An Mistral, is é sin an ghaoth thirim fhuar aduaidh, séideann sé beagnach 100 lá in aghaidh na bliana, agus go minic ina scalóid ghaoithe os cionn 100 km/h.

Is in Provence atá na fíonghoirt is ársa sa Fhrainc, agus iad os cionn 2 600 bliain d'aois. Tá clú agus cáil orthu as táirgeadh a gcuid fionta rosé. Ó 1907 ar aghaidh, mhothaigh líon mór saothróirí fíniúna gurbh éigean dóibh cur le chéile chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhí rompu. Rialaíodh táirgeacht an fhíona agus rinne na fíonóirí iad féin a eagrú ina gcomharchumainn agus ina gceardchumainn, rud a spreag forbairt cháilíochtúil na táirgeachta. Rinneadh “vin de canton” a shainiú go beacht agus go rialaitheach in 1964, ag tagairt do limistéar táirgeachta riaracháin ina bhfuil sraith de shaintréithe ithreach agus aeráide. Is le foraithe in 1968 a athraíodh na ‘vins de Canton’ seo ina “vin de pays”, fionta a sainaitníodh den chéad uair faoi ainm na roinne táirgthe agus a chomhlíonann critéir táirgeachta ar leith lena gceanglaítear leibhéal níos airde cáilíochta. Mar shampla, aithnítear fíon ó thíortha Bouches du Rhône, a tháinig chun bheith ina thásca geografach faoi chosaint in 2011.

Is as dhá cheantar ar leith den chuid is mó a thagann an táirgeadh sin: an phríomcheantar in oirdheisceart na roinne, timpeall Aix-en-Provence (idir 65 % agus 70 % de mhéid na táirgeachta), agus san iarthar tá an limistéir “Camargue” atá teoranta d’oirdheisceart Tarascon, i mbardais Arles agus Saintes-Maries-de-la-Mer. An ceantar sin, ar a dtugtar “camargue” cuirtear a uathúlacht i bhfáth trí bhithin an teidil “Terre de Camargue”: Tá an limistéar geografach seo tiomanta go heisiach do tháirgeadh fionta TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône”.

8.2 Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge

An TGFC, “Pays des Bouches-du-Rhône”, lena gcumhdaítear na bardais go léir sa roinn Bouches-du-Rhône, tá sé bunaithe go príomha ar shaintréithe na bhfionta atá nasctha le saintréithe an chomhshaoil nádúrtha logánta (aeráid, ithir). Tá an roinn Bouches-du-Rhône suite i réigiún Provence-Alpes-Côte d’Azur in oirdheisceart na Fraince. Tá tír-raon sléibhtiúil ann a shíneann amach i bhfoirm machaire go dtí an fharraige, tá aeráid Mheánmhuirí ann agus fára ina bhfuil caschoillte agus mothair den chuid is mó. Tá lorg an Mistral le sonrú air freisin, rud a dhéanann obair dheacair de ar uairibh ach a fhágann gur féidir an fíonghort a chóiriú agus a chosaint ar ionsaithe na ngalar crioptagamach agus, ar deireadh thiar, cur le saibhreas na bhfíonchaor mar gheall ar na tiúchain a ghineann sé ag an gcéim deiridh den aibiú. Na hithreacha, bídsí ina n-ithreacha cré-aolchloiche, mionchlochacha, gainmheacha nó gairbhéil fiú amháin ar moláis agus gaineamhchloch, níl aon taise iontu agus tá siad draenáilte go maith agus iad breá oiriúnach le haghaidh na fíniúna. Agus a fhios ag na fíonadóirí conas na gabháiltais is fearr a roghnú, baineann siad tairbhe as na dálaí nádúrtha is fearr is féidir, tá siad in ann an leas is fearr a bhaint as cineálacha éagsúla fíniúna i gceantar ina mbíonn ithreacha bochta go minic, ach iad a bheith draenáilte go maith agus, go háirithe, oiriúnach go maith le saothrú fíniúna. Ó tharla go bhfuil na saintréithe ithreach sin ann le chéile, chomh maith le haeráid te agus tirim a bhfuil tionchair na Meánmhara uirthi, is ann do na dálaí aibithe is fearr is féidir, rud a fhágann gur féidir cumhrachtaí príomhúla na bhfíniúnacha seo a chaomhnú, fíniúnacha lena ndéantar fionta ar féidir blas úr agus cumhracht sainiúil aramatach a bheith orthu. Dá bhrí sin, saintréith de na fionta dearga úra so-ólta sin is ea iad go bhfuil cumhracht torthaí dearga le sonrú orthu; na fionta úra rosé freisin, tá blas iomlán torthúil orthu lena dtugtar cumhrachtaí de thorthaí dearga nó torthaí citris chun cuimhne. I dtaca leis na fionta bána, tá cumhracht aramatach, bhláfar na dtorthaí orthu, agus iad úr óigeanta. Sa lá atá inniu ann, cuireann 18 siléir comharchumainn agus 88 siléir sonracha táirgeacht bhliantúil na bhfionta TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône” de thart ar 50 000 hl ar an margadh. Fionta Rosé atá i mbeagnach 50 % den táirgeacht iomlán, fionta dearga atá i mbeagán le cois 40 % den táirgeacht iomlán agus fionta bána atá i mbeagán faoi bhun 10 % den táirgeacht iomlán.

9. Coinníollacha bunriachtanacha eile

Sonraí breise

Creat dlíthiúil: Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní féidir le clómhéid ainm an aonaid gheografaigh “Terre de Camargue” a bheith níos mó, ar leithead nó ar airde, ná carachtair ainm an TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône”. Ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a thaispeáint ar an lipéad má chuirtear an téarma “Vin de Pays” in ionad na bhfocal “Indication géographique protégée” (“Tásc Geografach faoi Chosaint”).

Limistéar i ndlúthghaireacht

Creat dlíthiúil: Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar i ndlúthghaireacht inar féidir fronta TGFC “Pays des Bouches-du-Rhône” a tháirgeadh agus fíonóireacht a dhéanamh orthu, limistéar a shainmhítear trí mhaolú, tá na bardais seo a leanas de cheantair riaracháin an limistéir gheografaigh a liostaítear thíos, i gcomhréir leis an gcód geografach oifigiúil do 2020:

- ceantar riaracháin Nîmes (atá suite sa roinn Le Gard): Aigaliers, AiguesMortes, Aigues-Vives, Aiguèze, Aimargues, Les Angles, Aramon, Argilliers, Arpaillargues-et-Aureillac, Aspères, Aubais, Aubord, Aubussargues, Aujargues, Bagnols-sur-Cèze, Baron, La Bastide-d’Engras, Beaucaire, Beauvoisin, Bellegarde, Belvézet, Bernis, Bezouze, Blauzac, Boissières, Bouillargues, Bourdic, La Bruguière, Cabrières, Le Cailar, Caissargues, La Calmette, Calvisson, La Capelle-et-Masmolène, Carsan, Castillon-du-Gard, Caveirac, Cavillargues, Chusclan, Clarensac, Codognan, Codolet, Collias, Collorgues, Combas, Comps, Congénies, Connaux, Cornillon, Crespian, Dions, Domazan, Estézargues, Flaux, Foissac, Fons, Fons-sur-Lussan, Fontanès, Fontarèches, Fournès, Fourques, Gajan, Gallargues-le-Montueux, Le Garn, Garons, Garrigues-Sainte-Eulalie, Gaujac, Générac, Goudargues, Le Grau-du-Roi, Issirac, Jonquières-Saint-Vincent, Junas, Langlade, Laudun-l’Ardoise, Laval-SaintRoman, Lecques, Lédenon, Lirac, Lussan, Manduel, Marguerittes, Meynes, Milhaud, Montagnac, Montaren-et-Saint-Médières, Montclus, Montfaucon, Montfrin, Montignargues, Montmirat, Montpezat, Moulézan, Moussac, Mus, Nages-et Solorgues, Nîmes, Orsan, Parignargues, Le Pin, Pont-Saint-Esprit, Pognadoresse, Poulx, Pouzilhac, Pujaut, Redessan, Remoulins, Rochefort-du-Gard, Rodilhan, Roquemaure, La Roque-sur-Cèze, La Rouvière, Sabran, Saint-Alexandre, SainteAnastasie, Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-André-d’Olérargues, Saint-Bauzély, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Chartes, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Clément, Saint-Côme-et-Maruéjols, Saint-Dézéry, Saint-Dionisy, Saint-Etienne-des-Sorts, Saint-Geniès-de-Comolas, Saint-Geniès-de-Malgoirès, Saint-Gervais, SaintGervasy, Saint-Gilles, Saint-Hilaire-d’Ozilhan, Saint-Hippolyte-de-Montaigu, SaintJulien-de-Peyrolas, Saint-Laurent-d’Aigouze, Saint-Laurent-de-Carnols, SaintLaurent-des-Arbres, Saint-Laurent-la-Vernède, Saint-Mamert-du-Gard, Saint- Marcel-de-Careiret, Saint-Maximin, Saint-Michel-d’Euzet, Saint-Nazaire, SaintPaul-les-Fonts, Saint-Paulet-de-Caisson, Saint-Pons-la-Calm, Saint-Quentin-laPoterie, Saint-Siffret, Saint-Victor-des-Oules, Saint-Victor-la-Coste, Salazac, Salinelles, Sanilhac-Sagriès, Sauveterre, Sauzet, Saze, Sernhac, Serviers-etLabaume, Sommières, Souvignargues, Tavel, Théziers, Tresques, Uchaud, Uzès, Vallabrègues, Vallabrix, Vallérargues, Valliguières, Vauvert, Vénéjan, Verfeuil, Vergèze, Vers-Pont-du-Gard, Vestric-et-Candiac, Villeneuve-lès-Avignon, Villevieille.
- ceantar riaracháin Apt (atá suite sa roinn Le Vaucluse): Ansouis, Apt, Auribeau, La Bastide-des-Jourdans, La Bastidonne, Beaumettes, Beaumont-dePertuis, Bonnieux, Buoux, Cabrières-d’Aigues, Cabrières-d’Avignon, Cadenet, Caseneuve, Castellet-en-Luberon, Cavaillon, Cheval-Blanc, Cucuron, Gargas, Gignac, Gordes, Goult, Grambois, Jocas, Lacoste, Lagarde-d’Apt, Lagnes, Lauris, Lioux, Lourmarin, Maubec, Ménerbes, Mérindol, Mirabeau, La Motte-d’Aigues, Murs, Oppède, Pertuis, Peypin-d’Aigues, Puget, Puyvert, Robion, Roussillon, Rustrel, Saignon, Saint-Martin-de-Castillon, Saint-Martin-de-la-Brasque, Saint-Pantaléon, Saint-Saturnin-lès-Apt, Sannes, Sivergues, Taillades, La Tour-d’Aigues, Vauignes, Viens, Villars, Villelaure, Vitrolles-en-Lubéron.
- ceantar riaracháin Avignon (atá suite sa roinn Le Vaucluse): Avignon, Bédarrides, Caumont-sur-Durance, Châteauneuf-de-Gadagne, Courthézon, Fontainede-Vaucluse, L’Isle-sur-la-Sorgue, Jonquerettes, Morières-lès-Avignon, Le Pontet, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Saumane-de-Vaucluse, Sorgues, Le Thor, Vedène.

- ceantar riaracháin Carpentras (atá suite sa roinn Le Vaucluse): Bollène, Caderousse, Camaret-sur-Aigues, Châteauneuf-du-Pape, Grillon, Jonquières, Lagarde-Paréol, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Mondragon, Mornas, Orange, Piolenc, Richerenches, Sérigan, Sainte-Cécile-les-Vignes, Travaillan, Uchaux, Valréas, Violès, Visan.
- ceantar riaracháin Forcalquier (atá suite sa roinn Alpes-de-Haute-Provence): Aubenas-les-Alpes, Aubignosc, Authon, Banon, Bayons, Bellaffaire, Bevons, La Brillanne, Le Caire, Céreste, Châteaufort, Châteauneuf-Miravail, Châteauneuf-Val-Saint-Donat, Clamensane, Claret, Corbières-en-Provence, Cruis, Curbans, Curel, Dauphin, Entrepierres, Faucon-du-Caire, Fontienne, Forcalquier, Gigors, L'Hospitalet, Lardiers, Limans, Lurs, Mane, Manosque, Melve, Mison, Montfort, Montfuron, Montjustin, Montlaux, Montsalier, Motte-du-Caire, Nibles, Niozelles, Noyers-sur-Jabron, Les Omergues, Ongles, Oppedette, Peipin, Piégut, Pierrerue, Pierrevert, Redortiers, Reillanne, Revest-des-Brousses, Revest-du-Bion, Revest-Saint-Martin, La Rochegiron, Sainte-Croix-à-Lauze, Saint-Etienne-les-Orgues, Saint-Geniez, Saint-Maime, Saint-Martin-les-Eaux, Saint-Michell'Observatoire, Sainte-Tulle, Saint-Vincent-sur-Jabron, Salignac, Saumane, Sigonce, Sigoyer, Simiane-la-Rotonde, Sisteron, Sourribes, Thèze, Turriers, Vachères, Valavoire Valbelle, Valernes, Vaumeilh, Venterol, Villemus, Villeneuve, Volx.
- ceantar riaracháin Digne-les-Bains (atá suite sa roinn Alpes-de-Haute-Provence): Château-Arnoux-Saint-Auban, L'Escale, Ganagobie, Mallefougasse, Peyruis, Volonne.
- ceantar riaracháin Brignoles (atá suite sa roinn Le Var): Aiguines, Artignosc-sur-Verdon, Artigues, Aups, Barjols, Baudinard-sur-Verdon, Bauduen, Besse-sur-Issole, Bras, Brignoles, Brue-Auriac, Cabasse, Camps-la-Source, Carcès, Carnoules, La Celle, Châteauvert, Correns, Cotignac, Entrecasteaux, Esparron, Flassans-sur-Issole, Forcalqueiret, Fox-Amphoux, Garéoult, Ginasservis, Gonfaron, Mazaugues, Méounes-lès-Montrieux, Moissac-Bellevue, Montfort-sur-Argens, Montmeyan, Nans-les-Pins, Néoules, Ollières, Pignans, Plan-d'Aups-Sainte-Baume, Pontevès, Pourcieux, Pourrières, Puget-Ville, Régusse, Rians, Rocharon, La Roquebrussanne, Rougiers, Sainte-Anastasie-sur-Issole, Saint-Julien, Saint-Martinde-Pallières, Saint-Maximin-la-Sainte-Baume, Saint-Zacharie, Les Salles-sur-Verdon, Seillons-Source-d'Argens, Tavernes, Le Thoronet, Tourtour, Tourves, Le Val, Varages, La Verdière, Vérignon, Vinon-sur-Verdon, Vins-sur-Caramy.
- ceantar riaracháin Draguignan (atá suite sa roinn Le Var): Saint-Antonin-du-Var, Sillans-la-Cascade.
- ceantar riaracháin Toulon (atá suite sa roinn Le Var): Bandol, Le Beausset, Belgentier, Bormes-les-Mimosas, La Cadière-d'Azur, Carqueiranne, Castellet, Collobrières, La Crau, Cuers, Evenos, La Farlède, La Garde, Hyères, Le Lavandou, La Londe-les-Maures, Ollioules, Pierrefeu-du-Var, Le Pradet, Le Revestles-Eaux, Riboux, Saint-Cyr-sur-Mer, Saint-Mandrier-sur-Mer, Sanary-sur-Mer, La Seyne-sur-Mer, Signes, Six-Fours-les-Plages, Solliès-Pont, Solliès-Toucas, Solliès-Ville, Toulon, La Valette-du-Var.

Lien vers le cahier des charges du produit

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-46477258-0f19-4b8a-b355-9b9e51ee6f45

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/10)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA LEASAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Côtes de Bordeaux”

PDO-FR-A0987-AM04

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. Cód Geografach Oifigiúil

Rinneadh na bardais sa cheantar geografach agus an limistéar atá in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta leis an gcód geografach oifigiúil.

Leasaíodh pointe 6 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

2. Forálacha agra-chomhshaoil

Cuireadh na forálacha agra-chomhshaoil seo a leanas leis an tsonraíocht:

Ní mór na fréamhstoc mharbha a bhaint amach as na dáileachtaí agus tá cosc ar aon stóráil fréamhstoc marbh ar na dáileachtaí.

Tá cosc ar shrianadh iomlán salachair ar na ndáileachtaí.

Déanann gach oibreoir a innéacs minicíochta cóireála (TFI) a ríomh agus a thaifeadadh.

Is éard a bheartáitear leis na leasuithe sin an t-éileamh sochaíoch i dtaca le laghdúithe ar úsáid táirgí cosanta plandaí agus an comhshaoil a chur san áireamh ar bhealach níos fearr.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis na leasuithe sin.

3. Dáta na gluaiseachta idir coimeádaithe údaraithe stórais

Scríostar pointe 5(b) de Roinn IX de Chaibidil 1 maidir le dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfionta idir coimeádaithe údaraithe stórais.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

4. Nasc

Rinneadh athbhreithniú ar an nasc leis an tionscnamh tar éis an athraithe a tháinig ar líon na mbardas de thoradh an chumaisc.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

5. Beartha idirthréimhseacha

Baineadh na beartha idirthréimhseacha a chuaigh in éag den tsonraíocht táirge

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

6. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Rinneadh athbhreithniú ar fhocláíocht na tagartha don chomhlacht cigireachta chun an fhocláíocht a chomhchuíbhíú leis na sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin atá sa leasú seo.

Ní cheanglaítear aon leasú ar an Doiciméad Aonair leis an leasú sin.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmneacha)**

“Côtes de Bordeaux”

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí finiúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon / na fíonta**

1. *Fíonta dearga socra*

TUAIRISC GHEARR I SCRÍBHINN

Is neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 11 % atá sna fíonta.

Tá cion siúcra coiptheach ≤ 3 g/L iontu.

Ní mó an neart alcóil iomlán de réir toirte atá sna fíonta ná 13,5 % , tar éis saibhrithe.

Tá an coipeadh mala-lachtach éigeantach i gcás na bhfíonta dearga. Tá uaschion aigéad malach 0,3 gram in aghaidh an lítir i ngach bairc den fhíon dearg, roimh (i gcás bulcfhíonta) nó tar éis pacáistíochta di.

Is uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 13,26 meq/L a bhíonn iontu go dtí 31 Iúil na bliana tar éis an fhómhair agus bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 16,33 meq/L iontu tar éis an dáta sin.

Roimh phacáistíú nó ar an mórchoír, is cion SO₂ ≤ 140 mg/L atá sna fíonta.

Maidir le fíonta dearga, is ar an gcineál fíonchaoire Merlot N is coitianta a bhunaítear iad, fíonchaor a fhaigheann a chuid saintréithe go léir ó ithreacha cré-aolchloiche agus a thugann fíonta torthaíocha solúbtha nuair a dhéantar iad a chumasc le Cabernet-Sauvignon N, Cabernet-Franc N agus Cot N (a dtugtar Malbec air go háitiúil).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil uasta iomlán (% de réir toirte)	
Neart alcóil uasta iarbhír (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	

2. *Fíonta geala socra tirime*

TUAIRISC GHEARR I SCRÍBHINN

Is neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 10,5 % atá sna fíonta.

Tá cion siúcra coiptheach ≤ 4 g/L iontu.

Ní mó an neart alcóil iomlán de réir toirte atá sna fíonta ná 13 % , tar éis saibhrithe.

Is uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 13,26 meq/L a bhíonn iontu go dtí 31 Iúil na bliana tar éis an fhómhair agus bíonn uaschion aigéadacht sho-ghalaithe 16,33 meq/L iontu tar éis an dáta sin.

Roimh phacáistíú nó ar an mórchoír, is cion SO₂ ≤ 180 mg/L atá sna fíonta.

Sauvignon B, a bhaineann le Semillon B agus le Muscadelle B, is as sin is gnách na fionta geala a dhéanamh.

Na fionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Côtes de Bordeaux” acu, tá siad cruinn, torthaíoch, agus is féidir iad a choimeád ar feadh tréimhse ó trí bliana suas le deich mbliana.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil uasta iomlán (% de réir toirte)	
Nearc alcóil uasta iarbhír (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	

3. Fionta geala milse socra den chineál “liquoreux” mar a chuirtear síos orthu

TUAIRISC GHEARR I SCRÍBHINN

Is nearc alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 14,5 % atá sna fionta.

Tá cion siúcra coiptheach is mó ná ≤ 51 g/L iontu.

Roimh phacáistíú do na fionta nó nuair is bulcfhíonta iad, is cion $SO_2 \leq 400$ mg/L atá sna fionta.

De mhaolú air sin, roimh phacáistíú do na fionta nó nuair is bulcfhíonta iad, is cion aigéadacht sho-ghalaithe atá sna fionta.

Is minic dea-bholaithe meala agus torthaí citris ar na fionta geala a bhfuil siúcra iarmharach iontu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil uasta iomlán (% de réir toirte)	
Nearc alcóil uasta iarbhír (% de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	

4. Fionta geala socra milse den chineál “moelleux” mar a chuirtear síos orthu

TUAIRISC GHEARR I SCRÍBHINN

Na fionta geala a bhfuil siúcra iarmharach iontu agus atá leathmhilis mar a deirtear, tagann siad ó fhíonchaora a bhuaitear le íoschion siúcra 221 g/L in aghaidh an lítir úrfhíona. Is fionta iad atá bog, milis, agus mín.

TAVN $\geq 13,5$ %

An TAV IOMLÁN tar éis saibhríthe: 15 %

Cion siúcra coiptheach idir 17 agus 45 g/L.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta iomlán (% de réir toirte)	
Neart alcóil uasta iarbhír (% de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uaschion dé-ocsaíde sulfair (i milleagram in aghaidh an lítir):	300

5. Cleachtais déanta fíona

5.1. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

1. Dlús agus fad

Cleachtas saothraithe

Is é dlús plandaithe íosta na bhfiniúnacha 4 500 planda in aghaidh an heicteáir.

Ní bheidh an spásáil idir rónna níos mó ná:

- 2,50 méadar i gcás finiúnacha (finiúnacha aonair nó iad dúbailte) ar modh Guyot a úsáideadh lena bprúnáil nó i gcás finiúnacha a treoraíodh trí chordúin ísle treilíse;
- agus 3 mhéadar i gcás finiúnacha ar modh “lyre” a úsáideadh lena dtreorú le treilís dhúbailte.

Is é seo a leanas an t-íosfhad is féidir a bheith idir plandaí ón ró céanna:

- 0,85 méadar i gcás finiúnacha (finiúnacha aonair nó iad dúbailte) ar modh Guyot a úsáideadh lena bprúnáil nó i gcás finiúnacha a treoraíodh trí chordúin ísle treilíse;
- agus 0,74 mhéadar i gcás finiúnacha ar modh “lyre” a úsáideadh lena dtreorú le treilís dhúbailte.

2. Rialacha prúnála

Cleachtas saothraithe

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

Déantar na finiúnacha a ghearrphrúnáil nó a fhadphrúnáil, le huasmhéid 45 000 bachlóga in aghaidh an heicteáir agus uasmhéid 14 bhachlóga in aghaidh an phlanda.

3. Forálacha sonracha buainte

Cleachtas saothraithe

Déantar an fómhar le sraith de láimh i gcás na bhfíonta geala milse ar a dtugtar “liqueureux”.

4. Saibhriú

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás fíonta dearga suas go dtí ráta tiúchana 15 %.

Tar éis saibhriú do na fíonta, ní théitear thar 13,5 % TAVT i gcás na bhfíonta dearga, ná ní théitear thar 13 % i gcás na fíonta geala tirime, ná ní théitear thar 15 % i gcás na bhfíonta geala milse den chineál “moelleux” mar a chuirtear síos orthu.

Fíonta milse den chineál “liqueureux” mar a chuirtear síos orthu, ní dhéantar iad a shaibhriú.

5.2. Tairgeachtaí uasta

1. Fíonta dearga socra

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta geala socra tirime

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta geala milse socra den chineál “liquoreux” mar a chuirtear síos orthu

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fíonta geala socra milse den chineál “moelleux” mar a chuirtear síos orthu

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fionchaora a bhuain, táirgtear na fionta, forbraítear na fionta agus déantar iad a aosú, i gcríocha na mbardas seo a leanas nó i gcodanna de na bardais i roinn Gironde, ar bhonn chód geografach oifigiúil an 1 Eanáir 2021: Anglade, Bassens, Baurech, Béguey, Belvès-de-Castillon, Berson, Blaye, Bouliac, Braud-et-Saint-Louis, Cadillac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Campugnan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Castillon-la-Bataille, Cavignac, Cénac, Cenon, Cézac, Civrac-de-Blaye, Cubnezais, Donnezac, Donzac, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Floirac, Fours, Francs, Gabarnac, Gardegan-et-Tourtirac, Générac, Gensac, Haux, Landerrouat, Langoiran, Laroque, Laruscade, Latresne, Lestiac-sur-Garonne, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Ligeux, Lormont, Loupiac, Marcenais, Margueron, Marsas, Massugas, Mazion, Monprimblanc, Omet, Paillet, Pellegrue, Pessac-sur-Dordogne, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, la partie de la commune de Pugnac correspondant au territoire de Lafosse avant sa fusion avec celle-ci au 1er juillet 1974, la partie de la commune de Puisseguin correspondant au territoire de Monbadon avant sa fusion avec celle-ci au 1er janvier 1989, Quinsac, Reignac, Riocaud, Rions, La Roquille, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Cibard, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Palais, Saint-Paul, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Foy-la-Grande, Saint-Savin, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Yzan-de-Soudiac, Sainte-Colombe, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Les Salles-de-Castillon, Saugon, Semens, Tabanac, Tayac, Le Tourne, Val-de-Livenne, Verdels, Villenave-de-Rions et Yvrac.

7. Príomhchineál fionchaor (nó príomhchineálacha fionchaor)

Cabernet franc N

Cabernet-Sauvignon N

Cot N - Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Sauvignon gris G - Fié gris

Semillon B

8. Tuairisc ar an nasc nó ar na naisc

I Roinn Gironde atá limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe “Côtes de Bordeaux”, í suite ar bhruacha an Garonne, an Dordogne, agus an Gironde, tír ghleannach ar cré-aolchloch an ithir is mó a fhaightear ann. Tá an t-ainmniúchán seo bunaithe ar na cúig lárionad fionsaothrúcháin stairiúla seo a leanas: Blaye, Cadillac, Castillon-la-Bataille, Francs et Sainte-Foy-la-Grande.

Is iad fíonghoirt “Côtes de Bordeaux” na fíonghoirt is mó tionchar sna gleannta seo ina dtagann an t-uisce sáile agus an fíoruisce le chéile. Bíonn tionchar an aigéin le fáil sna tailte is faide isteach faoin tír, agus tagann an Dordogne agus an Garonne le chéile in aon dobharlach mór amháin, inbhear Gironde. Le “Côtes de Bordeaux” cumhdaítear an machaire agus bun na gcnoc a imríonn a fhéachann anuas ar an abhainn aghaidh amach ar an taobh thiar theas den chuid is mó, agus ar an bhfána tobann idir tríocha éigin méadar agus níos mó ná seachtó. Os a gcionn tá ardchlár a ngabhann an gréasán tánaisteach aibhneacha tríothu.

Tairbhíonn an réigiún leathan seo de dhálaí aeráide measartha aonchineálacha atá fabhrach do tháirgeadh an fhíona: suíomh i ngiorracht do dhobharlaigh mhóra (an tAigéan Atlantach, Inbhear an Gironde, gleannta an Garonne agus an Dordogne) a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le rialú na teochta, éifeacht an fhuachta á mhaolú le tionchar an aigéin san earrach.

Baineann oidhreacht fhada le fionta “Côtes de Bordeaux”, agus tá cáilíochtaí ar leith iontu de thoradh éagsúlacht a dtimpeallachta, a gcineálacha fionchaor, agus a bpobal. San am a caitheadh, roghnaíodh na dáileachtaí i suíomhanna ag bun na gcnoc, ar an bhfána, nó ar na hardchláir, ag brath ar acmhainneacht draenála na suíomhanna agus ar thréithe a dtírdhreach. Cuireann 1000 saothraí fíniúna a dtuiscint ar an gceird i bhfeidhm gach bliain agus na fionta seo á ndéanamh. Ar gach gabhálas, idir fhíonghort agus fhíonlann, déantar dícheall d’fhonn táirge aitheanta a thabhairt ar an saol: an ceanglas maidir le dlús plandála, ualach uasta teoranta i gcás gach dáileachta, na rialacha maidir leis na príomhchineálacha agus na cineálacha tánaisteacha a chumasc, agus íostréimhse aosaithe na bhfionta suas go dtí an 15 Márta den bhliain tar éis na buainte.

Tá oidhreacht shaibhir ag baint le fíonghoirt “Côtes de Bordeaux” freisin: caisleáin stairiúla, mainéir, agus daingin, séipéil Rómhánacha, tithe lóistín sómasacha agus iad fite fuaite le stair scríbhneoirí agus ealaíontóirí cáiliúla. Sráidbhailte ar chúil sráideanna cúnga, dúnta agus muilte daingne, is acu amháin atá cuimhne ar an traidisiún saibhir fíonóireachta agus trádála.

Timpeall 14 % de tháirgeadh an fhíona in Bordeaux, fionta “Côtes de Bordeaux” atá ann, agus sa lá atá inniu ann, is earra lárnach iad i measc fhíonta Bordeaux. Tá léiriú iontu ar shaibhreas stairiúil agus ar acmhainneacht na gcineálacha fionchaor traidisiúnta in Bordeaux.

Ar phríomh-mhargáí an ainmniúcháin “Côtes de Bordeaux” agus ainmneacha geografacha comhlántacha “Côtes de Bordeaux” (an Fhrainc agus an Bheilg), tá cáil shuntasach tuillte ag na fionta sin. Le 10 mbliana anuas, tá borradh is mó ná 40 % faoi mhiondíol na bhfionta sa Fhrainc agus cheannaigh níos mó ná 15 % de theaghlaigh na Fraince fionta an tsonrúcháin seo. Ó thaobh an onnmhairiúcháin de, tá cáil mhór ar fhíonta Côtes de Bordeaux san Eoraip (sa Bheilg go háirithe), agus tá dul chun cinn fós á dhéanamh, ar mhargáí na hÁise go háirithe.

As cumaisc de chineálacha fionchaor a dhéantar na fionta socra seo den chuid is mó.

Maidir le fionta dearga, is ar an gcineál fionchaoire Merlot N is coitianta a bhunaítear iad, fionchaor a fhaigheann a chuid saintréithe go léir ó ithreacha cré-aolchloiche agus a thugann fionta torthaíocha solúbtha nuair a dhéantar iad a chumasc le Cabernet-Sauvignon N, Cabernet-Franc N agus Cot N (a dtugtar Malbec air go háitiúil).

Sauvignon B, a bhaineann le Semillon B agus le Muscadelle B, is as sin is gnách na fionta geala a dhéanamh.

Na fionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Côtes de Bordeaux” acu, tá siad cruinn, torthaíoch, agus is féidir iad a choimeád ar feadh tréimhse ó trí bliana suas le deich mbliana.

9. Tuilleadh coinníollacha riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

An limistéar in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás an ainmniúcháin tionscnaimh chlárach “Côtes de Bordeaux”, cuimsítear sa limistéar atá in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh na bhfionta, táirgeadh agus aosú na bhfionta, críoch na mbar das seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021:

— An Roinn Gironde:

Ambarès-et-Lagrave, Arbanats, Artigues-près-Bordeaux, Auriolles, Ayguemorte-les-Graves, Baigneaux, Baron, Barsac, Beautiran, Bellebat, Bellefond, Beychac-et-Caillau, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bossugan, Branne, La Brède, Budos, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Camarsac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Casseuil, Castelviel, la partie de la commune de Castets et Castillon correspondant au territoire de la commune déléguée de Castets-en-Dorthe, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cazaugitat, Cérons, Cessac, Civrac-sur-Dordogne, Coirac, Coubeyrac, Courpiac, Créon, Croignon, Cursan, Daignac, Dardenac, Daubèze, Doulezon, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Frontenac, Gauriac, Gauriagué, Génissac, Gironde-

sur-Dropt, Gornac, Grézillac, Guillac, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jugazan, Juillac, Ladaux, Landiras, Langon, Lansac, Lapouyade Léogeats, Léognan, Lignan-de-Bordeaux, Listrac-de-Durèze, Loupes, Lugaingnac, Lugasson, Lussac, Madirac, Martillac, Martres, Mazères, Mombrier, Montagne, Montignac, Montussan, Morizès, Mouliets-et-Villemartin, Moulon, Mourens, Naujan-et-Postiac, Nérigeau, Peujard, Le Pian-sur-Garonne, Podensac, Pompignac, Porte-de-Benauges, Portets, Le Pout, Preignac, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Rauzan, Roaillan, Romagne, Sadirac, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Brice, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-Brice, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Emilion, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaingnac, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Macaire, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Selve, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Pommières, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-longue, Sainte-Radegonde, Sainte-Terre, Salleboeuf, Samonac, Sauternes, La Sauve, Soullignac, Soussac, Targon, Tauriac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulence, Tresses, Vignonet, Villeneuve et Virelade.

— Roinn Dordogne:

Bergerac, Bonneville-et-Saint-Avit-de-Fumadière, Bosset, Cunèges, Le Fleix, La Force, Fraisse, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Ginestet, Lamonzie-Saint-Martin, Lamothe-Montravel, Les Lèches, Lunas, Mescoules, Minzac, Monbazillac, Monestier, Monfaucon, Montazeau, Montcaret, Nastringues, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Prignonieux, Razac-de-Saussignac, Ribagnac, Rouffignac-de-Sigoulès, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Georges-de-Blancaneix, Saint-Géry, Saint-Méard-de-Gurçon, Saint-Michel-de-Montaigne, Saint-Pierre-d'Eyraud, Saint-Seurin-de-Prats, Saint-Vivien, Saussignac, Sigoulès et Flaugeac, Thénac, Vélines et Villefranche-de-Lonchat.

— Roinn Charente-Maritime: Saint-Georges-des-Agoûts.

Ainmneacha geografacha comhlántacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh le ceann de na hainmneacha geografacha comhlántacha “Blaye”, “Cadillac”, “Castillon”, “Francs” nó “Sainte-Foy” i gcás fionta a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh na n-ainmneacha geografacha comhlántacha.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Agus fionta a bhfuil ainmniúchán tionscnamh cláraithe acu á lipéadú, féadfar an t-aonad geografach níos leithne “Vin de Bordeaux” nó “Grand Vin de Bordeaux” a shonrú.

Ó thaobh airde ná leithhead de, níor cheart gur mhó méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne seo ná dhá thrian de mhéid na litreacha san ainm ar an sonrúchán tionscnamh faoi chosaint.

Aitheantóir comhchoiteann

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuirtear an t-aitheantóir comhchoiteann ar lipéadú fíonta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh “Côtes de Bordeaux” acu, bíodh ceann de na hainmneacha geografacha comhlántacha “Blaye”, “Cadillac”, “Castillon”, “Francs” nó “Sainte-Foy” acu nó ná bíodh, i gcomhréir le forálacha na comhchairte atá i bhfeidhm, comhchairt a tharraing an grúpa suas agus a cuireadh ar fáil do na hoibreoírí go léir.

Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Agus fíonta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh acu á lipéadú, féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

— ainm áite is ea é atá sa chláir talún.

— bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Tásca ar an lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha forlíontacha maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fíonta geala a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh “Côtes de Bordeaux” acu chomh maith leis an ainm geografach chomhlántach “Sainte-Foy”, ar fíonta iad ina bhfuil cion siúcra coiptheach (glúcós agus fruchtós) atá idir 17 gram agus 45 gram in aghaidh an lítir, déanta iad a chur i láthair le tagairt don téarma “moelleux”.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-ecf05533-907b-480f-977d-56a768e55c78

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/11)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

LEASÚ CAIGHDEÁNACH AR DHOICIMÉAD AONAIR A CHUR IN IÚL

“Bordeaux”

PDO-FR-A0821-AM07

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ A FHORMHEAS AGUS AR NA CÚISEANNA INA LEITH

1. Cód geografach oifigiúil

Nuashonraíodh na bardais atá sa limistéar geografach agus sa limistéar in aice láimhe i gcomhréir leis an gcód geografach oifigiúil.

Níl aon athrú ar an limistéar féin.

Leasaíodh pointe 6 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

2. Limistéar críochaithe na dáileachta

Cuireadh an 3 Meitheamh 2021 isteach leis an Iarscríbhinn mar an dáta formheasa le haghaidh chríochú na dáileachta i limistéir bhardasacha Saint-Estèphe, Pomerol agus Libourne.

Cuirtear leis an leasú seo an dáta a d'fhorghnó an t-údarás náisiúnta inniúil athruithe ar limistéar críochaithe na dáileachta laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar an chríochú trí na dáileachtaí a shainaithint laistigh den limistéar geografach táirgthe atá oiriúnach chun na fionta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint a tháirgeadh.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Tagairt don chomhlacht iniúchta

Athraíodh an tagairt don chomhlacht iniúchta chun é a ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Níl anseo ach athrú eagarthóireachta.

Níor éilíodh aon athruithe ar an doiciméad aonair leis an leasú seo.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm an táirge

Bordeaux

2. Cineál an táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. Catagóirí an táirge finiúna

1. Fíon

4. TUAIRISC AR AN bhfíon NÓ AR NA FÍONTA

1. *Fíonta geala géara socra*

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

TUAIRISC SCRÍOFA GHEARR

Baineann an méid a leanas leis na fionta geala géara socra:

- neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte;
- cion siúcra inchoipthe ≤ 3 g/l. Féadtar é seo a mhéadú go 5 g/l má tá an aigéadacht iomlán $\geq 2,7$ g/l H_2SO_4 .

Tar éis an tsaibhrithe, tá an neart alcóil iomlán ≤ 13 % de réir toirte.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid seo a leanas acu:

- aigéadacht luaineach $\leq 13,26$ meq/l
- cion SO_2 iomlán ≤ 180 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Tá dea-bholaithe iontacha úra bláthanna agus torthaí agus citris ar fhíonta geala géara a dhéantar as cineál Sauvignon B. Soláthraíonn Sémillon B tathag agus saibhreas agus cuireann Muscadelle B dea-bholaithe bláthanna leis. I gcumaisc, tugann na cineálacha tánaisteacha dea-bholaithe aigéadachta agus citris amach. Tá na fionta seo a mhúchann tart an-oiriúnach lena dtomhailt go luath (1 nó 2 bliain).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	200

2. Fíonta geala socra le siúcraí iarmharacha

TUAIRISC SCRÍOFA GHEARR

Baineann an méid seo a leanas le fionta geala socra ina bhfuil siúcraí inchoipthe:

- neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte;
- tá cion siúcra inchoipthe idir > 5 g/l agus ≤ 60 g/l iontu.

Tar éis an tsaibhrithe, is é $\leq 13,5$ % an neart alcóil iomlán de réir toirte.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid seo a leanas acu:

- aigéadacht luaineach $\leq 13,26$ meq/l
- cion SO_2 iomlán ≤ 250 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Tá na fionta geala ina bhfuil siúcraí inchoipthe bunaithe ar chineál Sémillon B, a thugann fionta tathagacha, iomlána agus dath órga orthu agus dea-bholaithe torthaí criostalaithe orthu, uaireanta déantar iad a chumasc le Sauvignon B chun úire a chur leo. Is féidir na fionta a aosú ar feadh cúpla bliain nó is féidir taitneamh a bhaint astu agus iad ina bhfíonta óga.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	250

3. *Fíonta rosé socra*

TUAIRISC SCRÍOFA GHEARR

Baineann an méid a leanas le fíonta rosé socra:

- neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte
- tá cion siúcra inchoipte ≤ 3 g/l iontu. Féadfar é seo a mhéadú go 5 g/l má tá an aigéadacht iomlán $\geq 2,7$ g/l H₂SO
- déine datha mhodhnaithe (OD 420 + OD 520 + OD 620) de $\leq 1,1$.

Tar éis an tsaibhrith, tá an neart alcóil iomlán ≤ 13 % de réir toirte.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid a leanas acu:

- aigéadacht luaineach $\leq 13,26$ meq/l
- cion SO₂ iomlán ≤ 180 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Ar na fíonta rosé tá dath idir bándearg éadrom agus bándearg níos déine de réir na teicnící a úsáidtear (fáscadh díreach, maothú éadrom nó sileadh/draenáil) agus raon dea-bholaithe torthaí nó bláthanna a bhfuil struchtúr cothromaithe mar bhonn agus mar thaca acu ina gcuimsítear iomláine agus beocht. Tá siad tathagach sa bhéal. Tá na fíonta seo oiriúnach lena dtomhailt go luath (1 nó 2 bliain).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	200

4. *Fíonta dearga socra*

TUAIRISC SCRÍOFA GHEARR

Baineann an méid seo a leanas le fíonta dearga socra:

- neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte;
- cion siúcra inchoipte ≤ 3 g/l;
- cion aigéid mhalaigh $\leq 0,3$ g/l.

Tar éis an tsaibhrith, tá an neart alcóil iomlán $\leq 13,5$ % de réir toirte.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid a leanas acu:

- aigéadacht luaineach $\leq 13,26$ meq/l;
- cion SO₂ iomlán ≤ 140 mg/l.

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Tá na fionta dearga, arb é Merlot N an príomhchineál iontu go minic, bog, blas torthaí orthu agus níl siad an-aigéadach. I mblianta dea-aibíochta, is féidir úire a chur leo trí bhíthin aigéadacht na gcineálacha Petit Verdot N agus Cot N. Mar sin féin, is é Merlot N le Cabernet Sauvignon N an príomhchumasc agus, ar bhonn níos lú, le Cabernet Franc N, dhá shaghas lena dtugtar castacht dea-bholaithe agus cumhacht thainneach do na fionta a ligeann dóibh a gcumhracht a chothabháil agus a fhorbairt.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	150

5. Cleachtais fionóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

1. Dlús plandaithe – spásáil

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha (maidir le dáileachtaí a cuireadh ón 1 Lúnasa 2008). Ní cheadaítear spásáil os cionn 2.50 méadar idir na sraitheanna fíniúnacha agus ní mór spásáil 0.85 méadar ar a laghad a bheith idir phlandaí sa tsraith chéanna. Féadfar an dlús seo a laghdú go 3 300 planda in aghaidh an heicteáir. Sa chás sin, ní cheadaítear spásáil os cionn 3 méadar idir na sraitheanna fíniúnacha, agus ní mór an spásáil idir phlandaí sa tsraith chéanna a bheith 0.85 méadar ar a laghad.

2. Rialacha prúnála

An modh saothraithe

Ní cheadaítear ach prúnáil mheasctha. Maidir leis na cineálacha fíonchaor Merlot N, Sémillon B agus Muscadelle B, ní cheadaítear líon áireamh na mbachlóg le linn prúnála a bheith níos mó ná 45 000 in aghaidh an heicteáir agus 18 in aghaidh an phlanda. Maidir leis na cineálacha eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, ní cheadaítear líon áireamh na mbachlóg le linn prúnála a bheith níos mó ná 50 000 in aghaidh an heicteáir agus 20 in aghaidh an phlanda. Tar éis díbhachlú a dhéanamh, ní cheadaítear níos mó ná an méid a leanas maidir le géaga torthaí in aghaidh an phlanda:

- le haghaidh na gcineálacha fíonchaor Merlot N, Sémillon B agus Muscadelle B, 12 ghéag in aghaidh an phlanda más é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó an dlús plandála fíniúnacha, agus 15 ghéag in aghaidh an phlanda más lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála fíniúnacha;
- i gcás na gcineálacha eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, 14 ghéag in aghaidh an phlanda más é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó an dlús plandála fíniúnacha, agus 17 ghéag in aghaidh an phlanda más lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála fíniúnacha.

Déantar prúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim Lorenz 9) ar a dhéanaí. Déantar díbhachlú roimh fhás torthaí.

3. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cheadaítear gualach fionóireachta a úsáid le haghaidh úrfhionta i dtáirgeadh fionta rosé seachas na cinn atá incháilithe chun an tásca “clairet” a úsáid, i gcion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona rosé arna táirgeadh ag an ndéantóir fíona lena mbaineann, le haghaidh na buainte atá i gceist.

4. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrath

Ceadaítear saibhriú trí thiúchán páirteach i gcás na bhfionta dearga, faoi réir theorainn tíuchana 15 % le haghaidh na dtoirteanna a shaibhrítear ar an modh seo. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfionta de réir toirte a bheith níos mó ná:

- 13,5 % i gcás fionta dearga agus fionta geala ina bhfuil siúcraí inchoipthe;
- 13 % i gcás fionta rosé agus fionta geala géara.

5.2. Táirgeachtaí uasta

1. Fionta geala socra (géar agus le siúcraí inchoipthe)

77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fionta rosé socra

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fionta dearga socra – dlús plandála fíniúnacha \geq 4 000 planda/ha

68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fionta dearga socra – dlús plandála fíniúnacha $<$ 4 000 planda/ha

64 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Na fionchaora a bhaintear agus a dhéantar, a fhorbraítear agus a aibítear sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, ar bhonn an chóid gheografaigh oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021:

Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Arcins, Arzac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Avensan, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blanquefort, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, Brouqueyrac, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelnau-de-Médoc, Castelviel, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Cissac-Médoc, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquègues, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Cussac-Fort-Médoc, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Escoussans, Espiet, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleysac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardéjan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriagué, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guitres, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, La Brède, La Lande-de-Fronsac, La Réole, La Rivière, La Roquille, La Sauve, Labarde, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamarque, Lamothe-Landerron, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Le Bouscat, Le Fieu, Le Haillan, Le Nizan, Le Pian-Médoc, Le Pian-sur-Garonne, Le Pout, Le Puy, Le Taillan-Médoc, Le Tourne, Le Verdon-sur-Mer, Léogéats, Léognan, Les Artigues-de-Lussac, Les Billaux, Les Eglisottes-et-Chalatures, Les Esseintes, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Les Peintures, Les Salles, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligueux, Lustrac-de-Durèze, Lustrac-Médoc, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Ludon-Médoc, Lugaigac, Lugasson, Lugon-et-l'Île-du-Carnay, Lussac, Macau, Madirac, Maransin, Marcenais, Margaux-Cantenac, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrioux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Mouliets-et-Villemartin, Moulis-en-Médoc, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Pempuyre, Pauillac, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondauret, Porchères, Porte-de-Benauges, Portets, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puissegui, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, Rimons, Riocaud, Rions, Roaillan, Romagne, Roquebrune, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye,

Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Sainte-Colombe, Saint-Côme, Sainte-Croix-du-Mont, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Estèphe, Saint-Etienne-de-Lisse, Sainte-Eulalie, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Sainte-Hélène, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Illac, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Radegonde, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guilleragues, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Sainte-Terre, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Salaunes, Salleboeuf, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soulac-sur-Mer, Soullignac, Soussac, Soussans, Tabanac, Taillecavat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulence, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Valeyrac, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdélais, Vertheuil, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac, Yvrac.

7. **Príomhchineál(acha) fionchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N - Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Sauvignon Gris G - Fié Gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc (ar na naisc)**

Baineann an limistéar geografach leas as dálaí aeráide fabhracha, measartha aonchineálacha le haghaidh fíniúnacha a fhás, is é sin, suíomh atá gar do dhobharlaigh mhóra (an tAigéan Atlantach, inbhear na Gironde, gleannta Garonne agus Dordogne), a bhfuil ról tábhachtach acu i rialú theocht an limistéir. Mar sin féin, lagaíonn na tionchair mhuirí a chabhraíonn le sioc an earraigh a mhaolú de réir mar a théitear ar shiúl ó bhfarraige agus ó ghleannta móra i dtreo limistéir choillteacha Les Landes, Saintonge agus Double Périgourdine. Mínítear ó na gnéithe speisialta seo an fáth nach bhfuil mórán fíonghort ar na himill is faide ó thuaidh agus theas agus is faide siar ó dheas den limistéar geografach. Síneann an limistéar anonn thar níos mó ná 494 de na 535 bardas i roinn Gironde, gan an chuid thiar theas a áireamh, a thugtar d'fhoraoiseacht seachas fionsaothrúchán.

Bhí cuaillí tacaíochta de dhíth ar chineálacha fíniúnacha Bordeaux, a fhástar in aeráid mhuirí (*échalas*) ón 17ú agus 18ú haois, agus ina dhiaidh sin trí threilísí forleathana chun buaint fionchaor dea-dháilte a áirithiú agus achar duillí leordhóthanach le haghaidh sintéis cheart clóraifíle agus don aibíocht is fearr. Mar thoradh ar na cineálacha éagsúla ithreacha agus nochta tá cineálacha éagsúla á roghnú agus á n-oiriúnú de réir shaintréithe an chomhshaoil. Is féidir ceithre chineál ar leith a shainaitheint:

- ithreacha cré-aolchloiche agus ithreacha marla-aolchloiche, atá an-fhorleathan ar fhánaí na gcnoc atá an-oiriúnach don chineál Merlot N;
- ithreacha siliciúla measctha le créanna agus eilimintí cailcreacha atá rí-oiriúnach do chineálacha Merlot N agus Sauvignon B, mar shampla;
- ithreacha láiste (*boulbènes*) ina bhfuil gnéithe siliciúla míne, ar ithreacha níos éadroime iad atá oiriúnach chun fionta geala géara a tháirgeadh;
- ithreacha gairbhéalacha comhdhéanta de ghairbhéal, grianchloch dhobharchaite agus gaineamh measartha garbh a fhoirmíonn léibhinn dhea-dhraenáilte atá te agus oiriúnach le haghaidh fíniúnacha a fhás, go háirithe Cabernet Sauvignon N.

Mar thoradh ar chomhoiriúnacht na gcineálacha éagsúla fíonchaor, éagsúlacht na timpeallachta bithfhisicí, an chaoi a dtugtar aire do na fíniúnacha agus an próiseas fíonóireachta táirgtear fionta lena mbaineann stíl ar leith, arb é is saintréith iontu an-saibhreas dea-bholaithe. Ba ghearr gur tháinig trádáil láidir dea-eagraithe as calafort Bordeaux agus na dlúthcheangail stairiúla aige le tíortha eile, agus bhí fíonghort an réigiúin dírithe i gcónaí ar an gcuid eile den domhan. Bhí siad in ann leas a bhaint as nuálaíochtaí teicniúla agus iad a scaipeadh, agus d'éirigh siad níos dinimiciúla agus bhí siad in ann a saineolas a neartú, a fhorbairt agus a onnmhairiú. Mar thoradh ar phósadh Eleanor, Bandiúc na hAcatáine, in 1152 le Henry Plantagenet, oidhre rí Shasana, tháinig trádáil faoi bhláth inar allmhairigh na Sasanaigh fionta Bordeaux, ar thug siad “cláiréad” orthu mar gheall ar an dath éadrom atá orthu. Lean an traidisiún seo le himeacht ama agus tá sé le fáil sa lá atá inniu ann in úsáid an téarma “cláiréad”. Sa 17ú haois, thosaigh ré nua tráchtála mar a tháinig tomhaltóirí nua chun cinn. Tá onnmhairí fós ina gcuid mhór de dhíolacháin fhionta Bordeaux. Seoltar trian den toirt a tháirgtear chuig níos mó ná 150 tír. Tá táirgeadh fionta a bhfuil STFC acu – acmhainn ríthábhachtach de chuid roinn Gironde – tar éis cabhrú go mór le múnú na dtírdhreach tuaithe agus uirbeach agus na hailtíreachta áitiúla (fionsaothrúchán *châteaux* agus fionlanna). Is calafoirt ar aibhneacha iad príomhbhailte agus cathracha na roinne a d'fhorbair timpeall na trádála fíona.

9. Dálaí breise riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

Cuimsítear sa limistéar in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fionta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, atá incháilithe chun sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Bordeaux” a úsáid (cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear an tásca “clairéad” leo) na bardais seo a leanas, i.e. ar bhonn an chóid gheografaigh oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021:

- Roinn Dordogne: Le Fleix, Fougueyrolles, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Minzac, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Razac-de-Saussignac, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Seurin-de-Prats, Saussignac, Thénac agus Villefranche-de-Lonchat.
- Roinn Lot-et-Garonne: Baleyssagues, Beaupuy, Cocumont, Duras, Esclottes, Lagupie, Loubès-Bernac, Sainte-Colombe-de-Duras, Savignac-de-Duras agus Villeneuve-de-Duras.

Sonraíochtaí geografacha – tásca forlíontacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Féadtar “Bordeaux” a bhfuil STFC aige a fhorlíonadh leis an tásca “claret” le haghaidh fionta dearga agus an tásca “claret” le haghaidh fionta dorcha rosé i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos maidir leis na cineálacha fíona sin, go háirithe maidir leis na caighdeáin anailíseacha.

I gcás fionta geala, féadtar “Bordeaux” a bhfuil STFC aige a fhorlíonadh leis an tsonraíocht gheografach “Haut-Benauge” i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos don tsonraíocht gheografach fhorlíontach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an limistéar geografach, cineálacha fíniúnacha, táirgeacht agus caighdeáin anailíseacha.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Ba cheart go mbeadh an sonrúchán geografach “Haut-Benauge” le feiceáil díreach tar éis ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Bordeaux” i litreacha nach bhfuil níos mó, ó thaobh airde ná leithead de, ná na litreacha atá mar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht AE

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Ba cheart go léireofaí ar lipéadú fionta geala a bhfuil cion siúcra inchoipthe níos mó ná 5 g/l agus níos lú ná 60 g/l iontu cion siúcra inchoipthe an fhíona, mar atá sainmhínithe i reachtaíocht an Aontais.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Féadtar fionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo acu an t-aonad geografach níos leithne “Vin de Bordeaux” a shonrú ar a lipéid. Níor cheart méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne seo a bheith níos mó, ó thaobh airde ná leithead de, ná dhá thrian de mhéid na litreacha atá mar ainm ar an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-d06dfa30-84d5-4e29-8239-cbc0e6cd9793

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas a dhéanamh ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge i gcomhair ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/12)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AG LEASÚ AN DOICIMÉID AONAIR

“Bordeaux supérieur”

PDO-FR-A0306-AM06

Dáta na cumarsáide: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA INA LEITH

1. Cód Geografach Oifigiúil

Tugadh an liosta de bhordais cothrom le dáta ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil (*code officiel géographique*).

Níor athraíodh teorainneacha an limistéir.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. Limistéar dáileachta críochaithe

Cuireadh an dáta ar formheasadh limistéir dháileachta na mbardas Saint-Estèphe, Pomerol agus Libourne, is é sin an 3 Meitheamh 2021, leis an Iarscríbhinn.

Is é is cuspóir leis an leasú seo an dáta ar a d'fhorghas an t-údarás náisiúnta ábhartha na hathruithe ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe a chur leis. Críocheáitear dáileachtaí trí na dáileachtaí a aithint laistigh den limistéar geografach táirgthe atá oiriúnach chun na fionta a chumhdaítear faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint a tháirgeadh.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Ní athraíonn sé sin ach an fhoclaíocht amháin agus ní éilítear aon leasú ar an doiciméad aonair leis.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm(neacha)

Bordeaux supérieur

2. Cineál an táisc gheografaigh:

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionta

1. *Fionta geala socra ina bhfuil siúcraí coiptheacha*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann na saintréithe seo a leanas sna fionta geala socra:

— neart alcóil nádúrtha ≥ 12 %

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

— cion siúcra choiphthigh > 17 g/l.

Roimh an bpacáistiú, baineann na saintréithe seo leo:

— aigéadacht luaineach ≤ 13.26 meq/l

— cion iomlán SO₂ ≤ 260 mg/l.

I ndiaidh an tsaibhrithe, is é ≤ 15 % an neart alcóil iarbhír de réir toirte.

Tá na fionta geala ina bhfuil siúcraí coiptheacha bunaithe ar chineál Sémillon B, lena bhfaightear fionta maohlacha móra ar a mbíonn dath órga agus bolaithe de thorthaí criostalaithe uathu, fionta a mheastar uaireanta le Sauvignon B nó Muscadelle B chun úire a chur leo. Bíonn na fionta oiriúnach lena n-aosú (idir 4 agus 8 mbliana) agus bíonn bolaithe, a bhíonn bláthach uaireanta, de mhil agus spíosraí uathu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i millechoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	300

2. Fionta dearga socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann na saintréithe seo a leanas le fionta dearga socra:

— neart alcóil nádúrtha ≥ 11 %

— cion siúcra choiphthigh ≤ 3 g/l

— cion aigéid mhalaigh ≤ 0.3 g/l.

Roimh an bpacáistiú, baineann na saintréithe seo leo:

— aigéadacht luaineach ≤ 13.26 meq/l

— cion iomlán SO₂ ≤ 140 mg/l.

I ndiaidh an tsaibhrithe, is é ≤ 13.5 % an neart alcóil iarbhír de réir toirte.

Is fionta moathlacha, móra agus struchtúrtha iad na fionta dearga, ar meascán de chineálacha Merlot agus Cabernet-Sauvignon den chuid is mó iad, agus ar bhonn níos lú Cabernet Franc. Forbraíonn na fionta óga bolaithe de thorthaí dearga úra agus criostalaithe a athraíonn go minic go blasanna de spíosraí agus torthaí brúite nuair a dhéantar iad a aosú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i millechoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	150

5. Cleachtais fionóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

1. Dlús plandaithe – Spásáil

An modh saothraithe

Is é an t-íos-dlús plandála le haghaidh fíniúnacha 4 500 planda in aghaidh an heicteáir (le haghaidh dáileachtaí a cuireadh ón 1 Lúnasa 2008 ar aghaidh). Níor cheart don spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2.20 méadar, agus ba cheart don spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0.85 méadar ar a laghad.

D'fhéadfaí an dlús sin a laghdú go 3 300 planda in aghaidh an heicteáir. Sa chás sin, níor cheart don spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ba cheart don spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 1 mhéadar amháin ar a laghad.

2. Rialacha prúnála

An modh saothraithe

Ní cheadaítear ach prúnáil spor (gearr) agus prúnáil péacán (fada). Maidir leis na cineálacha fíona Merlot N, Semillon B agus Muscadelle B, níor cheart don líon bachlóg nuair atáthar ag prúnáil a bheith níos airde ná 40 000 in aghaidh an heicteáir agus 17 in aghaidh an phlanda. I gcás na gcineálacha eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, níor cheart don líon bachlóg nuair atáthar ag prúnáil a bheith níos airde ná 45 000 in aghaidh an heicteáir agus 19 in aghaidh an phlanda. I ndiaidh na bachlóga a bhaint, níor cheart don líon géag ar a bhfuil torthaí a bheith níos airde ná na teorainneacha seo a leanas:

- maidir leis na cineálacha fíonchaor Merlot N, Sémillon B agus Muscadelle B, 11 ghéag in aghaidh an phlanda má tá an dlús plandála ag 4 500 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, agus 14 ghéag in aghaidh an phlanda má tá an dlús plandála níos lú ná 4 500 planda in aghaidh an heicteáir;
- maidir leis na cineálacha fíonchaor eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, 13 ghéag in aghaidh an phlanda má tá an dlús plandála ag 4 500 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, agus 16 ghéag in aghaidh an phlanda má tá an dlús plandála níos lú ná 4 500 planda in aghaidh an heicteáir;

Déantar an phrúnáil ag an gcéim ina bhfuil na duilleoga oscailte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

Déantar na bachlóga a bhaint sula bhfásann an toradh.

3. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

I ndiaidh an tsuibhrithe, níor cheart do neart alcóil iarbhrí de réir toirte na bhfíonta dearga a bheith níos airde ná 13.5 %. I ndiaidh an tsuibhrithe, níor cheart do neart alcóil iarbhrí de réir toirte na bhfíonta geala a bheith níos airde ná 15 %.

Cheadaítear saibhriú trí thiúchan páirteach le haghaidh fíonta dearga, faoi réir teorainn tiúchain 15 % le haghaidh na méideanna a shaibhrítear ag úsáid an mhodha sin.

5.2. Uastáirgeachtaí

1. Fíonta geala socra ina bhfuil siúcraí coiptheacha

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta dearga socra – dlús plandála fíniúna \geq 4 500 planda/ha

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta dearga socra – dlús plandála fíniúna \geq 4 000 planda/ha agus $<$ 4 500 planda/ha

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fíonta dearga socra – dlús plandála fíniúna \geq 3 300 planda/ha agus $<$ 4 000 planda/ha

50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Buantar na fionchaora agus déantar, próiseáiltear agus aosaítear na fronta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021: Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Arcins, Arzac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Avensan, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blanquefort, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, Brouqueyrac, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelnau-de-Médoc, Castelviel, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Cissac-Médoc, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquègues, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Cussac-Fort-Médoc, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Escoussans, Espiet, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleyssac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardégan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriagué, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, La Brède, La Lande-de-Fronsac, La Réole, La Rivière, La Roquette, La Sauve, Labarde, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamarque, Lamothe-Landerron, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Le Bouscat, Le Fieu, Le Haillan, Le Nizan, Le Pian-Médoc, Le Pian-sur-Garonne, Le Pout, Le Puy, Le Taillan-Médoc, Le Tourne, Le Verdon-sur-Mer, Léogéats, Léognan, Les Artigues-de-Lussac, Les Billaux, Les Eglisottes-et-Chalaires, Les Esseintes, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Les Peintures, Les Salles, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Liqueux, Lustrac-de-Durèze, Lustrac-Médoc, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Ludon-Médoc, Lugaigac, Lugasson, Lugon-et-l'Île-du-Carnay, Lussac, Macau, Madirac, Maransin, Marcenais, Margaux-Cantenac, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignans, Mesterrieux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Moullets-et-Villemartin, Moulis-en-Médoc, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Parempuyre, Pauillac, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondauret, Porchères, Porte-de-Benauges, Portets, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puisseguiac, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, Rimons, Riocaud, Rions, Roaillan, Romagne, Roquebrune, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Sainte-Colombe, Saint-Côme, Sainte-Croix-du-Mont, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Estèphe, Saint-Etienne-de-Lisse, Sainte-Eulalie, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Sainte-Hélène, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Ilac, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Radegonde, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guilleragues, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Sainte-Terre, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Salaunes, Salleboeuf, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Souillac-sur-Mer, Soullignac, Soussac, Soussans, Tabanac, Taillecavat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulence, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Valeyrac, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdélais, Vertheuil, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac agus Yvrac.

7. **Príomhchineál(acha) fionchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G – Fié Gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar na naisc**

Fástar cineálacha fíona Bordeaux in aeráid mhuirí, agus theastaigh cuailí tacaíochta (“*échalas*”) uathu ón 17ú agus ón 18ú haois; sular úsáideadh treilísí go forleathan ina dhiaidh sin le háirithe go mbeadh fómhar fionchaor dea-dháilte ann agus go mbeadh dóthain achair ag na duilleoga le haghaidh sintéis cheart chlóraifille agus na haibíochta is fearr. Mar gheall ar chineálacha éagsúla ithreacha agus nochtáí roghnaíodh cineálacha éagsúla agus rinneadh iad a oiriúnú de réir shaintréithe an chomhshaoil; mínítear leis sin an bhéim a cuireadh go stairiúil ar fhíonta measctha. Is féidir ceithre chineál ar leithligh a aithint:

- ithreacha créúla aolchloiche agus marla aolchloiche, atá an-fhorleathan ar fhánaí na dtaobhanna cnoic agus iad iontach don chineál Merlot N;
- ithreacha siliciúla measctha le créanna agus gnéithe cailcreacha atá foirfe do na cineálacha Merlot N agus Sauvignon B, mar shampla;
- ithreacha láiste (“*boulbènes*”) ag a bhfuil gnéithe míne siliciúla, ar ithreacha níos éadroime iad atá oiriúnach chun fíonta geala a tháirgeadh;
- ithreacha gairbhéalacha a rinneadh de ghairbhéal, grianchloch atá caite ag uisce agus gaineamh atá sách garbh ag cruthú léibhinn atá te agus oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, go háirithe Cabernet Sauvignon N.

Comhlíonann an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Bordeaux supérieur” na ceanglais uile a shocraigh na táirgeoirí dóibh féin in imeacht na mblianta i gcomparáid leo siúd atá ag an sonrúchán “Bordeaux” i dtéarmaí dlús plandála (atá níos airde), teicnící prúnála (tá an líon bachlóg níos ísle) agus an uaslóid toraidh in aghaidh na dáileachta (atá níos lú). De bharr na ndálaí táirgeachta sin, is féidir fíonta níos comhdhlúite a tháirgeadh, a bhfuil a n-íoschion siúcra agus a n-íosneart alcóil nádúrtha de réir toirte níos airde ná na fíonta atá faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Bordeaux”. Baineann stíl ar leith le fíonta geala agus dearga STFC “Bordeaux supérieur”. Tá siad uathúil mar gheall ar an gcomhchuíbheacht, an ghalántacht, na bolaithe saibhreach agus an dea-chothromaíocht a bhaineann leo, saintréithe a chiallaíonn go bhfuil siad oiriúnach lena n-aosú agus go dtagann siad, i measc nithe eile, ó chomhshaoil bithfhisicúil éagsúil, maidir leis na cineálacha fíniúna a úsáidtear, sa bhealach ina dtugtar aire do na fíniúnacha agus an próiseas fíonóireachta. Bhíodh go leor trádála in Bordeaux fadó agus í struchtúrtha freisin mar gheall ar an gcalafort ann agus na naisc stairiúla le tíortha eile agus dá bhrí sin bhí fíonlanna an réigiúin dírithe ar an gcuid eile den domhan i gcónaí. Agus iad in ann tairbhí de nuálaíochtaí teicniúla agus iad a spreagadh araon, cuireadh le spleodar na ngabháltas, ag ligean dóibh saineolas a neartú, a fhorbairt agus a onnmhairiú, agus an saineolas sin i gcomhréir le seanchleachtais i gcónaí. In 1152 réitigh pósadh Eleanor, Bandiúc na hAcataine, le Henry Plantagenet, Rí Shasana ina dhiaidh sin, an bealach le haghaidh trádáil fhairsing. D’onnmhairigh na Sasanaigh bia, teicstílí agus miotail agus d’allmhairigh siad fíonta Bordeaux. San 17ú haois thosaigh ré tráchtála nua agus tháinig custaiméirí nua ar an bhfód. Tá onnmhairí fós mar chuid mhór de dhíolacháin fhíonta Bordeaux, agus ar an gcaoi sin scaiptear an saineolas, an íomhá agus an cháil a bhaineann le fíonta STFC “Bordeaux supérieur”, a ndéantar dhá thrian a bhuidéalú san fhíonlann fós, ar fud an domhain freisin. Tá struchtúr níos casta ag na fíonta i gcomparáid le fíonta STFC “Bordeaux” agus is féidir iad a aosú ar feadh tréimhsí níos faide, suas le 5 nó 6 bliana.

9. **Dálaí breise riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

An limistéar díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag an maolú maidir leis na fionta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, agus é déanta de na bardais seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021:

- Roinn Dordogne: Le Fleix, Fougueyrolles, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Minzac, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Razac-de-Saussignac, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Seurin-de-Prats, Saussignac, Thénac agus Villefranche-de-Lonchat.
- Roinn Lot-et-Garonne: Baleyssagues, Cocumont, Duras, Esclottes, Loubès-Bernac, Sainte-Colombe-de-Duras, Savignac-de-Duras agus Villeneuve-de-Duras.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Féadfaidh fionta ag a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo an t-aonad geografach níos leithne, “Vin de Bordeaux” nó “Grand Vin de Bordeaux”, a shonrú ar a lipéid. Níor cheart do mhéid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne sin a bheith níos mó, in airde ná ar leithead, ná dhá thrían den mhéid a úsáidtear le haghaidh na litreacha lena ndéantar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-354b6f94-55e6-43d7-b232-33022fa4b246

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 88/13)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA LEASAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Médoc”

PDO-FR-A0730-AM04

Dáta na teachtaireachta: 26 Samhain 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. Cód Geografach Oifigiúil

Cuireadh bardais an limistéir gheografaigh agus an limistéir i ndlúthghaireacht i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil.

Ní dhearnadh aon athrú ar theorainneacha an limistéir.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. Limistéar dáileachta críochaithe

Cuireadh an 3 Meitheamh 2021 le liosta dhátaí chruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha a d'fhorghabh an teorannú críochaithe dáileachta.

Ba é ba chuspóir don leasú sin an dáta a chur isteach a d'fhorghabh an t-údarás náisiúnta ábhartha leasú ar an limistéar críochaithe dáileachta laistigh den limistéar geografach táirgthe. Leis an teorannú dáileachta, sainithnítear na dáileachtaí atá oiriúnach chun an sonraíocht tionscnaimh faoi chosaint ábhartha a tháirgeadh, ar dáileachtaí iad atá laistigh den limistéar geografach táirgthe.

Ní dhearna na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

3. Cúrsaíocht idir stóirthóirí údaraithe

Scríosadh pointe IX(5)(b) de Chaibidil 1 maidir le dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfionta idir stóirthóirí údaraithe.

Leis an leasú sin, níor ceanglaíodh leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

4. Beartha idirthréimhseacha

Ós rud é go raibh na beartha idirthréimhseacha dulta in éag, baineadh ón tsonraíocht iad.

Leis an leasú sin, níor ceanglaíodh leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

5. Tagairt don struchtúr cigireachta

Rinneadh athbhreithniú ar fhocláíocht na tagartha don struchtúr cigireachta chun an fhocláíocht a chomhchuíbhiú le focláíocht na sonraíochtaí sonrúcháin eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é.

Leis an leasú sin, ní cheanglaítear leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

6. Nasc leis an tionscnamh

Ós rud é gur tugadh liosta na mbardas cothrom le dáta, i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil, thit líon na mbardas ó 51 go 50. Dá bhrí sin, leasaíodh amhlaidh an nasc.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha**

Médoc

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

STFC - Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta dearga socra iad a bhfuil sár-acmhainneacht aosaithe iontu. Bíonn siad tainneach le dath gléineach orthu agus déantar go príomha iad as Cabernet Sauvignon N (cineál fíniúna traidisiúnta) a mheasctar le Merlot N, agus le Cabernet Franc N agus Petit Verdot N (ach ní a oiread céanna díobh), agus le Cot N agus Carmenère N (ach ní chomh minic sin). Bíonn dea-bholadh spíosraí orthu mar gheall ar an Cabernet Sauvignon N, agus tugann an Merlot N maothachas, boige agus dea-bholadh torthaí dearga dóibh. Neartaítear an struchtúr agus an chastacht mar gheall ar an meascadh le Cabernet Franc N nó le Petit Verdot N, agus tugann an dara ceann díobh sin úire don fhíon fosta.

Tar éis shaibhriú na bhfíonta, ní sháróidh an neart alcóil iomlán de réir toirte 13 %.

Bíonn neart alcóil nádúrtha de réir toirte de 11 % ar a laghad iontu.

Baineann na tréithe seo a leanas le gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó i bhfoirm phacáistithe:

— cion siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós) arb ionann é agus 3 g/l nó ar lú é ná sin;

— cion aigéid mhalaigh arb ionann é agus 0,2 g/l nó ar lú é ná sin.

Fíonta a dhíoltar ar an mórchóir nó i bhfoirm phacáistithe roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis bhliain a mbuainte, bíonn cion aigéadachta luainí iontu arb ionann é agus 12,25 meq/l nó ar lú é ná sin. Tar éis an dáta sin, bíonn cion aigéadachta luainí sna fíonta arb ionann é agus 16,33 meq/l nó ar lú é ná sin.

Gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir, bíonn cion dé-ocsaíde sulfair inti arb ionann é agus 140 milleagram in aghaidh an lítir nó ar lú é ná sin.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	13
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	16,33
Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagram in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**5.1. *Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha*

1. An saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú suas le ráta tíucháin de 15 %. Tar éis shaibhriú na bhfíonta, ní sháróidh an neart alcóil iomlán de réir toirte 13 %.

2. Traenáil na bhfíniúnacha

Cleachtas saothraithe

Dlús: Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála finiúnacha íosta. Ní sháróidh an t-achar idir na sraitheanna 2 mhéadar agus ní bheidh an t-achar idir plandaí sa tsraith chéanna níos lú ná 0,80 méadar.

Rialacha prúnála: Is éigeantach é an phrúnáil a dhéanamh. Déantar í ag céim na nduilleog oscailte (Céim 9 de réir Lorenz) ar a dhéanaí. Déantar na finiúnacha a phrúnáil de réir na dteicnící seo a leanas:

- an phrúnáil 2 chána (Guyot dhúbailte Mhéadocach), le 5 bhachlóg scartha an cána ar a mhéad;
- an phrúnáil Guyot shingil agus Guyot mheasctha, le 7 mbachlóg scartha an cána ar a mhéad;
- an ghearrphrúnáil 2 ghéag nó an fheanphrúnáil 4 ghéag, le 12 bhachlóg scartha an planda ar a mhéad.

5.2. Táirgeacht uasta

1. 65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fionchaora a bhuaibh, an fhíonóireacht agus na fionta a tháirgeadh agus a aosú ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2021: Arcins, Arzac, Avensan, Bégadan, Blagnan-Prignac, Blanquefort, Castelnau-de-Médoc, Cissac-Médoc, Civrac-en-Médoc, Couquègues, Cussac-Fort-Médoc, Gaillan-en-Médoc, Grayan-et-l'Hôpital, Jau-Dignac-et-Loirac, Labarde, Lamarque, Lesparre-Médoc, Listrac-Médoc, Ludon-Médoc, Macau, Margaux-Cantenac, Moulis-en-Médoc, Naujac-sur-Mer, Ordonnac, Parempeyre, Pauillac, Le Pian-Médoc, Queyrac, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Estèphe, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Sauveur, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Yzans-de-Médoc, Sainte-Hélène, Salaunes, Soulac-sur-Mer, Soussans, Le Taillan-Médoc, Talais, Valeyrac, Vendays-Montalivet, Vensac, Le Verdon-sur-Mer agus Vertheuil.

7. Príomhchineál nó príomhchineálacha fionchaor

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Petit Verdot N

8. Tuairisc ar an nasc nó ar na naisc

Tá limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Médoc” suite i roinn Gironde ar bhruach clé Abhainn Garonne agus ansin ar bhruach clé inbhear Gironde suas le tuaisceart Bordeaux. Tá an chuid fíonóireachta sin de leithinis Médoc ag síneadh beagnach 80 ciliméadar ón tuaisceart go dtí an deisceart agus beagáinín níos mó ná 10 gciliméadar ón oirthear go dtí an t-iarthar, agus áirítear 50 bardas ann.

Is suaithinseach an taobh cois abhainn de réigiún Médoc mar gheall ar luaineacht shéasúrach mheasartha agus méid báistí atá an-mheasartha i measc aeráidí an Atlantaigh. Ós rud é go bhfuil an limistéar geografach i dtuaisceart na leithinse, níl an aeráid ann chomh te leis an taobh theas di. Mar sin féin, is lú an titim báistí ann. Tá na dálaí aeráide sin buntáisteach le haghaidh an fhionsaothraithe mar gheall ar an éifeacht rialaithe teochta a bhaineann le suíomh an limistéir gheografaigh, mar atá leis an Aigéan Atlantaigh ar an taobh thiar de agus inbhear Gironde ar an taobh thoir de. Nuair a chuirtear an aeráid aigéanach leis na tréimhsí lagbhruú báisteacha a bhíonn ann san fhómhar blianta áirithe, nó a mhalairt ar fad, le fómhair dhéanacha a bhíonn te agus an-ghrianmhar, fágfar éifeacht shuntasach shárbhliana ar na fionta.

Bíonn na tírdhreacha fíonóireachta a thagann as sin réasúnta cothrom (idir 3 agus 50 méadar ar airde), taobh leis an bhforaois san iarthar agus le inbhear Gironde san oirthear. Tá mullaigh ghairbhéalacha fíonóireachta ag síneadh ón tuaisceart go dtí an deisceart a theorannaítear le *jalles* (sruthanna) agus le ceantair níos riascaí nach saothraítear finiúnacha orthu.

Le blianta anuas, tá leas á bhaint ag na glúine fionsaothraithe as saintréithe thailte fíonóireachta réigiún Médoc, a bhfuil cáil dhomhanda air. Tá saineolas ar na hithreacha ag na fionsaothraithe, agus ar feadh na gcianta tá siad ag iarraidh an leas is fearr is féidir a bhaint as saintréithe na n-ithreacha sin trí úsáid a bhaint as teicnící draenála. Leis sin, d'éirigh leo na cleachtais saothraithe is fearr a fhorbairt chun *vins rouges de garde* [fíonta dearga atá an-oiriúnach don aosú] a tháirgeadh. Níor bhain dul chun cinn i sláinte na bplandaí ná meicniú na bhfionghort ó mhian na bhfionsaothraithe na cleachtais fíonóireachta a chaomhnú chun a bhfíonta dearga faoi leith a tháirgeadh.

Sa lá atá inniu ann, is iad seo a leanas na cineálacha fíniúna is mó a shaothraítear i réigiún Médoc: Cabernet Sauvignon N, an cineál is fearr le haghaidh ithreacha gairbhéalacha; Merlot N, a mbíonn tóir air de bharr an dea-bholaidh torthaí a bhíonn air; Cabernet Franc N le haghaidh ithreacha arb as aolchloch go príomha a thagann siad; agus Petit Verdot N le haghaidh ithreacha teo tirime. Le héagsúlacht na gcineálacha fíniúna agus na n-ithreacha a bhaineann le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Médoc”, ní mór na fionghort a bhainistiú go roghnaitheach.

Leis an modh bainistíochta roghnaitheach sin, féadtar fíonchaora an-aibí agus sláintiúla a fháil a bhfuil a dtáirgeacht rialaithe. Leis sin, féadtar iad a mhaothú chun na fíonta níos tibhe inmhianaithe a fháil. Dá bharr sin, tá aosú 6 mhí ar a laghad fíor-riachtanach chun iad a dhéanamh níos boige.

Is fíonta tainneacha iad a mbíonn dath gléineach orthu agus a dhéantar go príomha as Cabernet Sauvignon N a mheascatar le Merlot N, agus le Cabernet Franc N agus Petit Verdot N (ach ní a oiread céanna díobh), agus le Cot N agus Carmenère N (ach ní chomh minic sin). Is é Cabernet Sauvignon N an cineál fíniúna traidisiúnta, agus tugann sé dea-bholadh spíosraí d'fhíonta “Médoc”. Meascatar é le Merlot N a thugann maothachas, boige agus dea-bholadh torthaí dearga do na fíonta. Is tapúla a thagann na dea-bholaithe inmhianaithe chun cinn nuair is mó an méid Merlot N sa mheascán. Neartaítear an struchtúr agus an chastacht mar gheall ar an meascadh le Cabernet Franc N nó le Petit Verdot N, agus tugann an dara ceann díobh sin úire don fhíon fosta.

Bíonn sár-acmhainneacht aosaithe sna fíonta.

Tá cáil ar an gceantar fíonóireachta sin leis na gcéadta. Téann *Route des Vins* [Slí na bhFíonta] tríd, agus tá sé breac le *châteaux* fíonóireachta mar atá eastáit ollmhóra a mbaineann éagsúlacht ailtireachta leo, a mbíonn gabháiltais an-bheaga teaghlaigh in aice leo, mar a neartaíonn comharchumainn éagsúla fíonóireachta an fhíonóireacht féin mar aon le díolachán agus cur chun cinn na bhfíonta.

Tá cáil ar fhíonta an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint sin leis na céadta, agus bunaítear í ar choincheap an *Château*. Le pósadh Aliénor na hAcatáine agus Henry Plantagenet (a bheadh ina Rí Shasana ina dhiaidh sin) in 1152, bhí ról lárnach ag an méadú ar an trádáil le Sasana i bhforbairt cháil fhíonta “Médoc” thar lear.

In 1647, nuair a d'eisigh an *Jurade de Bordeaux* an chéad aicmiú riamh ar fhíonta Guyenne, bhí cáil ar fhíonta pharóistí Médoc cheana féin. Faoi Louis XV, rinneadh an t-aicmiú sin a bheachtú de réir réigiúin, trí é a roinnt ar dtús de réir paróiste agus ansin de réir *cru*. Tháinig na haicmithe éagsúla sin chun buaiche in 1855 le hAicmiú Fhíonta Bordeaux, lena cuireadh fíonta “Médoc” i measc fhíonta Gironde. Cuireadh leis sin in 1932 nuair a foilsíodh an t-aicmiú *Crus Bourgeois du Médoc*.

9. Coinníollacha fíor-riachtanacha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar i ndlúthghaireacht

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll eile:

Maolú maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An limistéar i ndlúthghaireacht, ina bhféadfár, de mhaolú, na fíonta a tháirgeadh agus a aosú, áirítear ann críoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2021: Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Les Artigues-de-Lussac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Les Billaux, Birac, Blaignac, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommès, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Le Bouscat, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, La Brède, Brouqueyran, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capien, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelveil, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Les Eglisottes-et-Chalaires, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Etauliers,

Eynesse, Eyran, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Le Fieu, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleysac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gajac, Galgon, Gans, Gardéan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriagué, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Le Haillan, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jugazan, Juillac, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamothe-Landerron, La Lande-de-Fronsac, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Léogéats, Léognan, Lestiac-sur-Garonne, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligeux, Lustrac-de-Durèze, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Lugaïnac, Lugasson, Lugon-et-l'Île-du-Carnay, Lussac, Madirac, Maransin, Marcenais, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrioux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Mouliets-et-Villemartin, Moulon, Mourens, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Le Nizan, Noaillac, Noaillan, Omet, Paillet, Les Peintures, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Le Pian-sur-Garonne, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignan, Pondauret, Porchères, Porte-de-Benaugue, Portets, Le Pout, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puissegui, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Le Puy, Puybarban, Puynormand, Quinsac, Rauzan, Reignac, La Réole, Rimons, Riocaud, Rions, La Rivière, Roaillan, Romagne, Roquebrune, La Roquille, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Côme, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaïnac, Saint-Jean-d'Ilac, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guillerauges, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Sainte-Colombe, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Sainte-Radegonde, Sainte-Terre, Salleboeuf, Les Salles-de-Castillon, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, La Sauve, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soullignac, Soussac, Tabanac, Taillecavat, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulence, Le Tourne, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Vayres, Vérac, Verdélais, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac agus Yvrac.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll eile:

Forálacha breise a bhaineann leis an lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos leithne mar atá “Vin de Bordeaux – Médoc” nó “Grand Vin de Bordeaux – Médoc” a shonrú ar na lipéid. Ní bheidh toisí litreacha an ainm sin níos mó ná dhá thrian de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

NASC CHUIG AN tsonraíocht TÁIRGE

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-40c12dea-0f6d-4f13-accb-ed4795fb5f3a

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)